2026/2512

11.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2512 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Samhain 2026

lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí eistear aicrileach áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, Ríocht na hAraibe Sádaí, Phoblacht na hAfraice Theas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 12 Márta 2026, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála ar allmhairí eistear aicrileach áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tSín'), Ríocht na hAraibe Sádaí ('an Araib Shádach'), Phoblacht na hAfraice Theas ('an Afraic Theas') agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM'), dá ngairtear 'na tíortha lena mbaineann' le chéile, de bhun Airteagal 5 den bhun-Rialachán.

(2) Tharla sé sin tar éis don Consortium for certain acrylic esters ('an gearánach' nó 'na gearánaigh') gearán a chur isteach an 28 Eanáir 2026 thar ceann thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(3) Bhí údar leis an tionscnamh mar gheall ar an bhfianaise a soláthraíodh sa ghearán ar dhumpáil agus ar dhíobháil ábhartha dá deasca sin, mar a leagtar amach san Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2]('an Fógra Tionscnaimh').

1.2. Clárú

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1085 ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe [3].

1.3. Páirtithe leasmhara

(5) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Go sonrach, thug sé fógra don ghearánach, do tháirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais, do tháirgeoirí onnmhairiúcháin, d'údaráis na dtíortha lena mbaineann agus do pháirithe leasmhara aitheanta eile - lena n-áirítear allmhaireoirí, soláthróirí, úsáideoirí, agus comhlachais trádála. Tugadh an deis do gach páirtí leasmhar barúil a thabhairt maidir leis an tionscnamh agus éisteacht os comhair an Choimisiúin nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

(6) An 18 Márta 2026 rinne Arkema Inc (táirgeoir i Stáit Aontaithe Mheiriceá) iarraidh ar bheith ina pháirtí leasmhar. Níor glacadh leis an iarraidh sin toisc nár onnmhairigh an chuideachta an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C, C/2026/1469, 12.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1469/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2026/1085 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2026 lena ndéantar allmhairí eistear aicrileach áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, Ríocht na hAraibe Sádaí, Phoblacht na hAfraice Theas, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur faoi réir a gcláraithe ionas go mbeifí in ann dleachtanna frith-dhumpála a thobhach ar na hallmhairí sin a chuirtear faoi réir a gcláraithe (IO L, 2026/1085, 21.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1085/oj).

(7) An 19 Márta 2026 d'iarr Taixing Sunke Chemicals Co., Ltd. (táirgeoir sa tSín) a bheith ina pháirtí leasmhar. Arís níor glacadh leis an iarraidh sin toisc nár onnmhairigh an chuideachta an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(8) An 25 Márta 2026 agus an 3 Aibreán 2026, d'iarr Arkema Inc. agus Taixing Sunke Chemicals Co. Ltd idirghabháil an Oifigigh Éisteachta maidir le cinneadh an Choimisiúin diúltú dá n-iarrataí ar pháirtithe leasmhara, rud a tharla toisc nár onnmhairigh an dá chuideachta an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tá an dá eintiteas comhlachaithe leis an táirgeoir de chuid an Aontais Arkema France.

(9) Mhol an tOifigeach Éisteachta don dá chuideachta gur cheart dóibh fianaise a sholáthar ar na heilimintí uile is gá chun a léiriú go ndearna toradh an cháis difear iarbhír do na cuideachtaí. Chuir na cuideachtaí tuilleadh fianaise ar fáil. Chinn an Coimisiún, áfach, nár measadh eilimintí den sórt sin a bheith ábhartha agus dá bhrí sin diúltaíodh don iarraidh.

(10) Ina ionad sin, an 15 Iúil 2026, thug na seirbhísí freagra ar an dá chuideachta, inar tugadh faoi deara go bhféadfadh an dá chuideachta, mar chuid de Ghrúpa Arkema, barúlacha a thabhairt san imscrúdú seo agus rochtain a fháil ar an gcomhad trí Arkema France.

(11) Tháinig an tOifigeach Éisteachta ar an gconclúid gur dhealraigh sé gur ábhar comhordúcháin inmheánaigh laistigh de Ghrúpa Arkema a bhí i gceist maidir leis an mbealach ab fhearr chun páirt a ghlacadh san imscrúdú agus a chearta nós imeachta a chosaint dá réir.

1.4. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(12) D'áitigh Údarás Ginearálta na hAraibe Sádaí um Thrádáil Eachtrach ('GAFT'), Sasol South Africa Limited ('Sasol') agus Organik Kimya Netherlands BV ('Organik') go raibh an leibhéal rúndachta a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an ngearán iomarcach, rud a chuir cosc orthu a gceart cosanta a fheidhmiú agus na maímh a rinneadh sa ghearán a thuiscint.

(13) D'áitigh Sasol go sonrach nach raibh cúis mhaith leis an rúndacht agus gur sonraí comhiomlánaithe a bhí sna táscairí macraidhíobhála agus micridhíobhála a soláthraíodh i raonta nó i bhfoirm innéacsaithe, nach raibh dírithe go sonrach ar aon táirgeoir aonair de chuid an Aontais agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a bheith nochta.

(14) D'áitigh GAFT freisin nár nochtadh faisnéis thábhachtach sa ghearán, go háirithe maidir leis an ngnáthluach, leis an bpraghas onnmhairiúcháin, leis an anailís díobhála agus fiú le hainmneacha na ngearánach.

(15) Ar an gcéad dul síos, chinn an Coimisiún gur fhág an fhaisnéis a soláthraíodh sa leagan oscailte den ghearán go bhféadfaí tuiscint réasúnach a fháil ar shubstaint na faisnéise a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 19(2) den bhun-Rialachán, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna amhail an gnáthluach, an praghas onnmhairiúcháin agus an anailís díobhála.

(16) Ar an dara dul síos, maidir leis an gcóir rúnda a cuireadh ar chéannacht na ngearánach, tugadh faoi deara go mbeadh drochthionchar suntasach orthu dá nochtfaí a n-ainmneacha, i bhfianaise na rioscaí frithbheartaíochta. Ar aon chuma, ní dhearna neamhnochtadh ainmneacha na gcuideachtaí a bhí taobh thiar den ghearán difear do chumas na bpáirtithe leasmhara barúlacha fiúntacha a thabhairt maidir le substaint an ghearáin.

(17) Ar an tríú dul síos, ghlac an Coimisiún le raonta comhiomlánaithe agus sonraí innéacsaithe le haghaidh na dtáscairí micreacnamaíocha agus maicreacnamaíocha i bhfianaise an lín theoranta táirgeoirí de chuid an Aontais. Mar sin féin, soláthraíodh leis na raonta agus leis na hinnéacsanna mionsonraí leordhóthanacha chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus ar fhorbairtí na dtáscairí díobhála uile, rud a áirithíonn go n-urramaítear cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara ina n-iomláine.

(18) Ós rud é go raibh GAFT, Sasol agus Organik in ann barúlacha mionsonraithe a chur isteach sa chás seo, lena n-áirítear maidir leis an bhfaisnéis a soláthraíodh i bhfoirm neamhrúnda, innéacsaithe nó chomhiomlánaithe, léiríodh leis sin freisin go raibh na páirtithe in ann barúlacha éifeachtacha a thabhairt maidir leis an ngearán. Diúltaíodh d'argóintí na bpáirtithe dá bhrí sin.

(19) Thairis sin, mhaígh an t-onnmhaireoir Síneach Pinghu Petro Chemical Co., Ltd ('Pinghu Petro') nár léirigh an gearánach go leordhóthanach go raibh sé ionadaíoch do thionscal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den bhun-Rialachán. D'áitigh an páirtí nár sholáthair an gearánach aon fhianaise gur comhlíonadh an tairseach 50 % a leagtar síos in Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(20) Mar chuid den anailís reachtúil ar an ngearán, rinne seirbhísí an Choimisiúin scrúdú ar ionadaíochas an ghearáin roimh an tionscnamh. Chun na críche sin, chuathas i dteagmháil le táirgeoirí uile an Aontais is eol don Choimisiún roimh an tionscnamh agus cuireadh san áireamh iad agus an méid tacaíochta á ríomh. Léirigh toradh an bhuanchleachtaidh gur chuir tionscal an Aontais an gearán isteach, nó gur cuireadh isteach thar ceann thionscal an Aontais é, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den bhun-Rialachán agus gur comhlíonadh na tairseacha ábhartha a leagtar amach san Airteagal sin.

(21) Ní dhéantar measúnú ar an tairseach 50 % a bhfuil Pinghu Petro ag cur ina coinne ach amháin tar éis an gearán a bheith curtha isteach agus díreach roimh an tionscnamh. Dá bhrí sin, contrártha do mhaíomh Pinghu Petro, ní raibh an gearánach in ann measúnú iontaofa a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta don ghearán, ná ní raibh ceangal dlíthiúil air déanamh amhlaidh. Meabhraíodh freisin go raibh nóta don chomhad maidir le hionadaíochas an ghearáin san áireamh sa chomhad oscailte agus gur deimhníodh gur suíodh ionadaíochas an ghearáin roimh an tionscnamh, ós rud é gur léirigh na freagraí a thug na táirgeoirí aonair de chuid an Aontais mar chuid den scrúdú ar ionadaíochas an ghearáin (cé gur soláthraíodh i raonta iad) gur comhlíonadh freisin an tairseach 50 % a fhorordaítear le hAirteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Diúltaíodh do mhaíomh Pinghu Petro dá bhrí sin.

(22) De réir GAFT, sháraigh an Coimisiún Airteagal 5.3 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT ('ADA') sa mhéid gur thionscain sé an t-imscrúdú ar bhonn gearán neamhiomlán a bhí easnamhach ó thaobh an dlí de, inar fágadh roinnt tosca éigeantacha díobhála a liostaítear in Airteagal 3.4 de ADA ar lár ón anailís (e.g. táirgiúlacht, sreabhadh airgid, pá, fás).

(23) Ar an gcéad dul síos, leis an gcaighdeán dlíthiúil fianaise a cheanglaítear le haghaidh gearán faoi Airteagal 5 den bhun-Rialachán (a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 5 de ADA), soiléirítear nach ionann cainníocht agus cáilíocht na faisnéise sa ghearán agus cainníocht agus cáilíocht na faisnéise ar a mbunaíonn an Coimisiún a thorthaí le linn imscrúdaithe. Go deimhin, ní mór fianaise leordhóthanach ar dhumpáil, ar dhíobháil agus ar nasc cúisíoch, atá ar fáil go réasúnta don ghearánach, a bheith sa ghearán (mar a bhí amhlaidh anseo).

(24) Ina theannta sin, ní cheanglaítear le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán go ndéanfaí anailís ar na tosca díobhála uile a luaitear in Airteagal 3(5) (atá comhionann le hAirteagal 3.4 de ADA) nó go léireodh siad meath chun fianaise ar dhíobháil ábhartha atá leordhóthanach chun imscrúdú a thionscnamh a shuí.

(25) Leoga, sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den Bhunrialachán gur gá go gcuimseoidh an gearán fianaise faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a líomhnaítear a dumpáladh, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghasanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar an tionscal de chuid an Aontais, mar atá léirithe ag tosca agus innéacsanna ábhartha (ach gan acu uile go léir) a bhaineann le staid thionscal an Aontais, amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 3(3) agus (5). Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh GAFT.

1.5. **Sampláil**

(26) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(27) San fhógra tionscnaimh, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe go raibh sampla de thrí tháirgeoir de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige ar bhonn cainníochtaí táirgeachta agus díolachán. Ba iad na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a bhí freagrach as os cionn 80 % de tháirgeacht iomlán an Aontais.

(28) D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúlacha agus fuarthas go raibh an sampla cinntitheach ionadaíoch do thionscal an Aontais.

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(29) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(30) Ós rud é nár sholáthair ach dhá allmhaireoir an fhaisnéis a iarradh, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(31) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile sna tíortha lena mbaineann an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisin na dtíortha lena mbaineann táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a bhféadfadh spéis a bheith acu páirt a ghlacadh san imscrúdú a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo.

(32) Fuair an Coimisiún cúig fhreagra ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha, freagra amháin ón Araib Shádach, freagra amháin ón Afraic Theas agus dhá fhreagra ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin in SAM. Sholáthair siad an fhaisnéis a iarradh agus chomhaontaigh siad go gcuirfí san áireamh sa sampla iad. Níor onnmhairigh táirgeoir amháin ó SAM an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus tugadh neamhaird dá fhreagra ar an iarraidh ar fhaisnéis samplála dá bhrí sin.

(33) I bhfianaise an lín ísil freagraí ón Araib Shádach, ón Afraic Theas agus ó SAM, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil. Dá bhrí sin, tugadh cuireadh do na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile ó na tíortha sin a tháinig chun tosaigh freagra ar an gceistneoir a chur isteach.

(34) I bhfianaise an lín freagraí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha, agus i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin.

(35) Bhí an roghnú sin bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta agus le húdaráis na Síne maidir leis an roghnú. Níor cuireadh aon bharúil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an sampla.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(36) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(37) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta san Araib Shádach, in SAM agus san Afraic Theas, agus na hallmhaireoirí agus na húsáideoirí aitheanta. Ar dháta an tionscnaimh, chuir an Coimisiún na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne. ([4]) Tar éis an spriocdháta chun an ceistneoir comhlánaithe a chur ar ais, chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin ón Araib Shádach, SAMCO, in iúl don Choimisiún nach gcuirfeadh sé freagra isteach agus thug sé cúiseanna lena neamh-chomhoibriú. An 27 Aibreán 2026, sheol an Coimisiún litir chuig SAMCO inar chuir sé in iúl dó go raibh sé ar intinn aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm. Ní bhfuarthas aon fhreagra.

(38) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais:

— Synthomer a.s., Sokolov, Poblacht na Seice ('Synthomer')

— BASF SE, Ludwigshafen, an Ghearmáin ('BASF')

— Arkema France SA, Carling, an Fhrainc ('Arkema')

Táirgeoir onnmhairiúcháin in SAM:

— Rohm and Haas Texas Inc, Midland agus Deer Park, SAM, Rohm and Haas Chemical LLC, Midland, SAM, agus Union Carbide Corporation, Midland agus New Orleans, SAM ('Dow US')

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2848.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín:

— Pinghu Petro Chemical Co., Ltd, Pinghu, an tSín ('Pinghu Petro')

— Shanghai Huayi New Material Co., Ltd, Shanghai, an tSín ('Huayi')

Táirgeoir onnmhairiúcháin san Afraic Theas:

— Sasol South Africa Limited, Johannesburg, an Afraic Theas ('Sasol')

Allmhaireoirí comhlachaithe:

— Dow Europe GmbH, an Eilvéis (Dow Europe)

— Sasol Chemie Hamburg, an Ghearmáin

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(39) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. **AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(40) Is éard atá sa 'táirge faoi imscrúdú' eistir aicrileacha áirithe ('AE'), arb iad aicrioláit bhúitile ('BA') agus aicrioláit 2-eitilheicsile ('2EHA') iad. Aicmítear BA faoi láthair faoi uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha ('CAS RN') 141-32-2 agus faoi Chód an Aontais Chustaim agus Staidrimh ('CUS') 0012413-0, agus aicmítear 2EHA faoi láthair faoi CAS RN 103-11-7 agus CUS 0017228-1.

(41) Eisiatar ó raon feidhme an táirge aicrioláití bunriachtanacha eile amhail Aicrioláit Eitile (EA) nó Aicrioláit Mheitile (MA) agus aicrioláití speisialtachta amhail aicrioláití ailcile, aicrioláití hiodrocsa-ailcile nó aicrioláití dé-ailcilaimínoeitile.

(42) Meastar gur aon táirge aonchineálach amháin iad BA agus 2EHA ós rud é gur eistir iad araon a dhéantar as an amhábhar céanna (próipiléin den chuid is mó) agus go bhfuil a modhanna táirgthe agus a réimsí úsáide beagnach comhionann. Is í próipiléin an príomh-amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh eistear aicrileach (arb ionann a costas agus thart ar 50 % de na costais táirgthe iomlána).

(43) Tugann eistir aicrileacha cobhsaíocht datha agus soiléireacht, friotaíocht in aghaidh teasa agus aosaithe, friotaíocht in aghaidh na haimsire, solúbthacht ag teochtaí ísle agus/nó cáilíochtaí eile do na hábhair pholaiméireacha ina n-úsáidtear iad.

(44) Áirítear ar phríomhúsáidí deiridh na bpolaiméirí sin táirgeadh bratuithe, greamachán agus séalaitheoirí, páipéir, breiseán polaiméire, teicstílí, agus dúch. Tá réimse úsáide BA níos leithne ná réimse úsáide 2EHA. Mar sin féin, tá siad araon fós ar an margadh céanna le haghaidh monaiméirí boga, a bhfuil a n-airíonna teicniúla agus a n-úsáidí éagsúil le hairíonna teicniúla agus úsáidí MA agus EA.

(45) Is féidir BA agus 2EHA a úsáid in ionad a chéile i mórán úsáidí ach ní féidir MA/EA a úsáid ina n-ionad mar gheall ar na hairíonna teicniúla agus na húsáidí éagsúla.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(46) Is é an 'táirge lena mbaineann' an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, Ríocht na hAraibe Sádaí, Phoblacht na hAfraice Theas, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ('na tíortha lena mbaineann'), a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2916 12 00 (cód TARIC 2916 12 00 15).

2.3. **An táirge comhchosúil**

(47) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na dtíortha lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(48) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir le raon feidhme an táirge**

(49) Mhaígh Sasol go bhfuil difríochtaí substaintiúla idir BA agus 2EHA ó thaobh saintréithe fisiceacha, praghsanna agus úsáidí deiridh de. Dá bhrí sin, de réir an onnmhaireora sin, ní mór an anailís díobhála a dhéanamh de réir deighleoige. I dtuairim Sasol, ba cheart go gcuimseodh an anailís de réir deighleoige, chomh maith le héifeachtaí praghsanna, measúnú ar éifeachtaí méideanna, ar tháscairí eacnamaíocha, agus ar an nasc cúisíoch, nó d'fhéadfaí treochtaí a bhaineann go sonrach le deighleoga a cheilt.

(50) Níor aontaigh an Coimisiún le measúnú Sasol. Is eistir aicrileacha iad BA agus 2EHA, ar féidir iad a úsáid in ionad a chéile ó thaobh feidhme agus margaidh de, fiú mura móilíní atá go hiomlán comhionann iad. Táirgtear an dá eistear in imoibriú comhdhlúthúcháin (ar a dtugtar eistearú) idir amhaigéad aicrileach agus alcól. Thairis sin, ó thaobh na ceimice de, baineann BA agus 2EHA leis an bhfine chéanna d'eistir aicrileacha 'boga'.

(51) Tá róil an-chosúil acu i bhfoirmlithe bratuithe: an teocht trasdula gloine ('Tg') a ísliú, solúbthacht a thabhairt, foirmiú scannáin a fheabhsú, agus cur le greamaitheacht. In obair phraiticiúil foirmlithe, is féidir BA agus 2EHA a úsáid go páirteach nó go hiomlán in ionad a chéile agus is gnách an rogha sin a mheas agus feidhmíocht córais á barrfheabhsú.

(52) Treisíonn sé sin an chonclúid go mbíonn an dá eistear in iomaíocht sa réimse feidhme céanna agus gur féidir iad a úsáid in ionad a chéile i mórán imthosca. Maidir leis sin, ní hionann iad agus cineálacha táirge de tháirge níos aonchineálaí.

(53) Ina theannta sin, ó thaobh an tionscail agus an mhargaidh de, baineann BA agus 2EHA leis an slabhra luacha céanna agus soláthraítear iad do bhoinn chustaiméirí atá ag forluí ar a chéile den chuid is mó. Díorthaítear iad araon ó amhábhair réamhtheachtacha atá cosúil lena chéile (go háirithe próipiléin trí phróisis ocsa-alcóil), agus úsáidtear iad araon in úsáidí iartheachtacha inchomparáide. Is minic a ghrúpáiltear le chéile iad mar "eistir aicrioláite throma" agus a dhéantar idirdhealú eatarthu mar ghrúpa agus monaiméirí níos éadroime agus níos polaí amhail aicrioláit eitile (EA) nó aicrioláit mheitile (MA). Tacaíonn an suíomh coiteann sin leis an tuairim go mbaineann siad leis an deighleog táirge agus margaidh chéanna.

(54) Thairis sin, meabhraíodh go bhfuil lánrogha leathan ag an gCoimisiún agus an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais á cinneadh aige. Ní fhorchuirtear leis an mbun-Rialachán, i bprionsabal, aon oibleagáid ar an gCoimisiún anailís díobhála a dhéanamh ná, go háirithe, an fhianaise ar shladghearradh praghsanna a scrúdú ar leibhéal seachas leibhéal an táirge chomhchosúil. ([5]) Ar choinníoll gur cuireadh na difríochtaí ábhartha idir cineálacha táirge san áireamh sa chóduimhir tháirge, luaigh an Chúirt ([6]) gur gnách go gcuirfí deighleoga margaidh an táirge atá á bhreithniú san áireamh trí mhodh na códuimhreach táirge a chur i bhfeidhm, chun críocha na hanailíse ar shladghearradh praghsanna go háirithe. Go deimhin, cé go ndéantar an anailís díobhála agus cúisíochta sa chás seo ar bhonn faisnéis chomhiomlánaithe a bhaineann le AE (lena gcumhdaítear BA agus 2EHA araon) maidir le hallmhairí, táirgeacht agus díolacháin, déantar ríomhanna dumpála agus díobhála de réir cineál táirge chun éagsúlachtaí praghsanna idir BA agus 2EHA a aithint agus chun difríochtaí praghsanna idir na cineálacha táirge sin a léiriú i gcinneadh deiridh na gcorrlach dumpála agus díobhála.

([5]) Féach, chuige sin, breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 20 Eanáir 2022, *Commission v Hubei Xinyegang Special Tube*, C-891/19 P, ECLI:EU:C:2022:38, mír 75.

([6]) Ibid., mír 106.

(55) Mar chonclúid, agus a lánrogha leathan á feidhmiú aige, i bhfianaise go bhfuil BA agus 2EHA araon (i) sa chatagóir táirge chéanna d'eistir aicrioláite throma, (ii) ag feidhmiú sa deighleog mhargaidh chéanna agus ag freastal ar bhoinn chustaiméirí atá ag forluí ar a chéile den chuid is mó, agus (iii) i bhfianaise go ndéantar na ríomhanna dumpála agus díobhála (sladghearradh/díol faoi bhun an phraghais) ar leithligh le haghaidh BA agus 2EHA, chinn an Coimisiún nach bhfuil gá sa chás seo le measúnú de réir deighleoige ar éifeachtaí méideanna, ar tháscairí eacnamaíocha ná ar an nasc cúisíoch. Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Sasol dá bhrí sin.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **an Araib Shádach**

(56) Tugadh fógra don aon táirgeoir onnmhairiúcháin amháin i Ríocht na hAraibe Sádaí, Saudi Acrylic Monomers Company ('SAMCO'), gur cheart dó an ceistneoir le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin a chomhlánú, mar a leagtar amach in aithris (33) thuas.

(57) Mar a leagtar amach in aithris (37), ní bhfuair an Coimisiún aon chomhoibriú ó SAMCO.

(58) Dá bhrí sin, d'úsáid an Coimisiún forálacha Airteagal 18 chun an dumpáil a ríomh le haghaidh onnmhairí uile eistear aicrileach áirithe de thionscnamh Ríocht na hAraibe Sádaí.

3.1.1. *An Gnáthluach*

(59) In éagmais comhoibriú ón aon táirgeoir onnmhairiúcháin amháin, d'úsáid an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil ón ngearán agus ó fhoinsí eile a bhí ar fáil go poiblí, mar a leagtar amach thíos, chun an gnáthluach a shuí ([7]).

(60) Luaigh an gearánach nach raibh sé in ann teacht ar fhoinse a bhí ar fáil go poiblí maidir le praghsanna díola intíre an aon táirgeora amháin, SAMCO. Luaigh an gearánach go raibh sonraisc díolachán intíre ón Araib Shádach aige, ach nach bhféadfaí na praghsanna sin a nochtadh ([8]).

(61) Luaigh an gearánach, áfach, go raibh na praghsanna intíre níos ísle ná an costas táirgthe ([9]) agus nach raibh SAMCO brabúsach le linn na tréimhse imscrúdúcháin de réir thuarascáil bhliantúil 2024 a mháthairchuideachta, Tasnee ([10]) ([11]). Dá bhrí sin, faoi Airteagal 2(4) den bhun-Rialachán, níor cheart praghsanna díola intíre a úsáid chun an gnáthluach ón Araib Shádach a shuí.

(62) Ar na forais sin, bunaíodh na ríomhanna gnáthluacha sa ghearán ar ghnáthluach ríofa, agus cóimheasa tomhaltais thionscal an Aontais agus costais na dtosca táirgeachta (ionchuir agus costais) a tabhaíodh i dtáirgeadh eistear aicrileach á n-úsáid ([12]). D'eisiaigh na gearánaigh praghas na n-allmhairí isteach san Araib Shádach ón tSín de réir analaí leis an modh a úsáidtear chun gnáthluach neamhshaofa le haghaidh na Síne a ríomh ar bhonn sonraí ó thír ionadaíoch. D'úsáid an Coimisiún an modh céanna sa ríomh tagarmhairc thíos.

(63) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le tuarascáil bhliantúil Tasnee do 2024 agus fuair sé go raibh an chuideachta brabúsach i ndáiríre. Mar sin féin, ina tuarascáil bhliantúil is déanaí do 2025 ([13]), rinneadh athbhreithniú ar na figiúirí do 2024 chun glanchaillteanas beag a léiriú, agus ar na figiúirí do 2025 chun glanchaillteanas mór a léiriú. D'aontaigh an Coimisiún, dá bhrí sin, go raibh Tasnee ag déanamh caillteanais in 2025 go deimhin agus nach raibh aon sonraí brabúis agus caillteanais le haghaidh SAMCO féin ar fáil go poiblí.

(64) Ní raibh an Coimisiún in ann teacht ach oiread ar shonraí a bhí ar fáil go poiblí lena léireofaí praghas intíre eistear aicrileach san Araib Shádach, agus ós rud é nár chomhoibrigh an chuideachta SAMCO leis an imscrúdú ar chor ar bith, níor soláthraíodh aon sonraí díolachán intíre ná ní fhéadfaí aon sonraí den sórt sin a fhíorú.

([7]) Global Trade Atlas agus tuarascálacha bliantúla Tasnee.
([8]) Féach Iarscríbhinn 13b a ghabhann leis an leagan OPEN den ghearán.
([9]) Féach mír 157 den ghearán.
([10]) An National Industrialisation Company 'Tasnee'.
([11]) https://www.tasnee.com/media/xxeeyqsx/annual-report-2024-eng-spreads.pdf (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([12]) Féach mír 160 den ghearán.
([13]) https://www.tasnee.com/media/ijvlapzl/tasnee-annual-report-2025-eng-final-spreads.pdf (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).

(65) Ní raibh an Coimisiún in ann teacht ach oiread ar shonraí a bhí ar fáil go poiblí lena léireofaí costas táirgthe eistear aicrileach san Araib Shádach, rud a chuirfeadh ar a chumas innéacsanna praghsanna intíre na hAraibe Sádaí (atá ar fáil trí shíntiús ó shuíomhanna gréasáin gnó éagsúla ([14])) a chur i gcomparáid leis an gcostas táirgthe, chun a fháil amach an léireodh na hinnéacsanna díolachán sin díolachán a rinneadh i ngnáthchúrsa trádála.

(66) In éagmais praghsanna díola intíre agus costas táirgthe eistear aicrileach san Araib Shádach a bhí ar fáil go poiblí, d'úsáid an Coimisiún an modh a leagtar amach sa ghearán chun an gnáthluach a ríomh.

(67) Soláthraíodh sa ghearán cóimheasa tomhaltais thionscal an Aontais agus sainaithníodh na príomhthosca táirgeachta ('FOP') san Araib Shádach. Tháinig an Coimisiún ar fhoinsí a bhí ar fáil go poiblí agus nuashonraigh sé na tagarmharcanna do 2025 mar a leanas:

3.1.1.1. Amhábhair

(68) Tugadh dhá amhábhar sa ghearán, is iad sin:

— Próipiléin (cód CC 2901 22)

— N-bútánól (cód CC 2905 13)

(69) D'allmhairigh an Araib Shádach próipiléin ón Libia, ón tSín agus ó SAM le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin chun an gnáthluach a ríomh (féach aithris (250) freisin), eisiadh allmhairí ón tSín ach níor tháinig athrú suntasach ar an bpraghas aonaid dá bharr, arbh é 2 362 SAR in aghaidh an tona é le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin.

(70) D'allmhairigh an Araib Shádach n-bútánól ó go leor foinsí freisin, lena n-áirítear an tSín, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Níor tháinig athrú suntasach ar an bpraghas aonaid de bharr na hallmhairí ón tSín a eisiamh, arbh é 5 162 SAR in aghaidh an tona é le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin.

3.1.1.2. Fuinneamh

(71) Sonraíodh sa ghearán dhá fhoinse fuinnimh chun eistir aicrileacha a tháirgeadh, a d'úsáid an Coimisiún chun an corrlach dumpála sealadach a ríomh, is iad sin:

— Leictreachas (ó Saudi Energy); ([15])

— Gás Nádúrtha (ó Intratec, soláthraí sonraí tráchtearraí atá lonnaithe in SAM) ([16]).

(72) Sonraíonn Saudi Energy gurb é 0,2 SAR in aghaidh an kWh an taraif leictreachais d'úsáideoirí tionsclaíocha beag beann ar an méid tomhaltais.

(73) Ba é 8,06 SAR in aghaidh an MMBtu praghas an gháis nádúrtha do 2025 a luaigh Intratec ([17]).

3.1.1.3. Costais saothair

(74) D'úsáid an gearánach sonraí costais saothair ó Údarás Staidrimh na hAraibe Sádaí ([18]) mar fhoinse le haghaidh costais saothair. Sonraítear sa tuarascáil 'Labour Market Statistics Q4 2025' an meánphá míosúil in aghaidh an fhostaí íoctha de réir earnála, agus is é 5 606 SAR in aghaidh na míosa an meánphá míosúil sa tionscal do 2025 ([19]), le 46 uair an chloig oibrithe in aghaidh na seachtaine ([20]) agus, dá bhrí sin, 200 uair an chloig oibrithe in aghaidh na míosa. Ríomhadh gurbh é 28.03 SAR an meánphá in aghaidh na huaire.

([14]) Mar shampla https://www.chemanalyst.com/Pricing-data/butyl-acrylate-1251 nó https://www.price-watch.ai/butyl-acrylate-prices/ (arna rochtain araon an 19 Bealtaine 2026).
([15]) https://www.sec.com.sa/en/Ourservices/ColumnC/Bills-and-Consumption/ConsumptionTariffs arna rochtain an 19 Bealtaine 2026.
([16]) https://www.sec.com.sa/en/Ourservices/ColumnC/Bills-and-Consumption/ConsumptionTariffs arna rochtain an 19 Bealtaine 2026.
([17]) MMBtu = milliún Aonad Teirmeach Briotanach. Is ionann 1 MMBtu agus 293 kWh leictreachais, nó 28.3 méadar ciúbach gáis nádúrtha. https://en.wikipedia.org/wiki/British_thermal_unit (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([18]) https://www.stats.gov.sa/en/statistics-tabs?tab=436312&category=417515 arna rochtain an 19 Bealtaine 2026.
([19]) Labour market statistics, tábla 6-3.
([20]) Labour market statistics, tábla 6-4.

(75) Mar sin féin, níor áiríodh leis sin na ranníocaíochtaí éigeantacha slándála sóisialta a íocann an fostóir agus an fostaí leis an Eagraíocht Ghinearálta um Árachas Sóisialach (GOSI), arb ionann iad agus 22 % sa bhreis ar an mbunphá ([21]).

(76) Dá bhrí sin, mhéadódh an costas saothair don fhostóir go 34,2 SAR/uair an chloig.

3.1.1.4. Costais indíreacha monaraíochta

(77) In éagmais faisnéis ón táirgeoir onnmhairiúcháin, bhí costais indíreacha suite ag an ngearánach mar sciar de chostais dhíreacha, ar bhonn faisnéis ó na gearánaigh féin. Áiríodh orthu sin forchostais mhonaraíochta, dímheas agus costais indíreacha eile.

3.1.1.5. Costais díola, ghinearálta agus riaracháin, agus brabús

(78) De ghnáth, thógfaí an fhaisnéis sin ó fhreagra an táirgeora onnmhairiúcháin ar an gceistneoir. In éagmais na faisnéise sin, bhí an Coimisiún ag brath ar shonraí a bhí ar fáil go poiblí, agus ar shonraí a foilsíodh sa leagan oscailte den ghearán.

(79) Bhí an gearánach ag brath ar thuarascáil bhliantúil Tasnee do 2023 agus ar thuarascálacha bliantúla 2023 agus 2024 dhá chuideachta cheimiceacha eile san Araib Shádach, SABIC ([22]) agus ARAMCO ([23]).

(80) Ríomh an gearánach gurbh ionann na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') agus 10.9 % den chostas monaraíochta ([24]), ar bhonn sonraí ó Tasnee, SABIC agus ARAMCO do 2023 agus 2024.

(81) Níor mheas an Coimisiún gur cheart diúltú do na costais SGA a leagtar amach i dtuarascáil bhliantúil Tasnee do 2025 ar an bhforas nach raibh an chuideachta brabúsach sa tréimhse sin, ós rud é go mbeadh na costais a tabhaíodh ar dhíolacháin ábhartha beag beann ar staid airgeadais na cuideachta.

(82) Áiríodh i dtuarascáil bhliantúil Tasnee freisin miondealú ar chostais SGA lenarbh fhéidir ríomh níos cruinne a dhéanamh ([25]). Léiríodh sna táblaí sin gurbh ionann na costais SGA iomlána, gan lasta agus iompar, ná coimisiúin, a áireamh, agus 16.7 % den chostas monaraíochta.

(83) Ríomh an gearánach freisin meánchorrlach brabúis de 11,6 % den chostas monaraíochta ([26]), ar bhonn bhrabús Tasnee do 2023.

(84) Mar a leagtar amach in aithris (63), thug an Coimisiún faoi deara nach raibh Tasnee mar ghrúpa brabúsach in 2024 agus 2025 agus, dá bhrí sin, go mbeadh gá teacht ar fhoinse eile sonraí le haghaidh corrlach brabúis a chuirfí leis an gcostas monaraíochta.

(85) Thug an Coimisiún faoi deara go raibh miondealú ar ioncam agus ar chostais le haghaidh gach earnála den ghnó ([27]) (Miotalóireacht, Peitriceimiceáin agus Gníomhaíochtaí Iartheachtacha) i dtuarascáil bhliantúil 2025 ach nach raibh earnáil na bpeitriceimiceán brabúsach in 2025 ach oiread ([28]).

(86) In éagmais sonraí eile, mheas an Coimisiún gur bhrabús réasúnach chun an gnáthluach san Araib Shádach a ríomh a bheadh i mbrabús de 11,6 % den chostas monaraíochta, mar a soláthraíodh sa ghearán ([29]).

([21]) https://www.payoneer.com/resources/workforce-management/global-payroll/saudi-arabia/ arna rochtain an 20 Bealtaine 2026.
([22]) https://www.sabic.com/en/Images/SABIC-Integrated-Annual-Report-2025-EN_tcm1010-49452.pdf arna rochtain an 19 Bealtaine 2026.
([23]) https://www.aramco.com/-/media/publications/corporate-reports/reports-and-presentations/2025/fy/saudi-aramco-ara-2025-english.pdf arna rochtain an 19 Bealtaine 2026.
([24]) Féach Iarscríbhinn 13a a ghabhann leis an ngearán.
([25]) Féach tuarascáil Tasnee do 2025, leathanaigh 157 agus 158, táblaí 32 go 36.
([26]) Féach Iarscríbhinn 13a a ghabhann leis an ngearán.
([27]) Féach tuarascáil Tasnee do 2025, leathanaigh 162 agus 163, tábla 40.2.
([28]) Féach tuarascáil Tasnee do 2025, leathanach 162, tábla 40.2 (ioncam iomlán na deighleoige lúide costais iomlána na deighleoige).
([29]) Féach míreanna 177 agus 178 den ghearán.

3.1.1.6. Gnáthluach comhdhéanta

(87) Dá bhrí sin, ríomhadh an gnáthluach le haghaidh eistir aicrileacha de thionscnamh na hAraibe Sádaí trí na tagarmharcanna a suíodh thuas a ghlacadh agus na cóimheasa tomhaltais sa ghearán a úsáid chun costas monaraíochta a ríomh.

(88) Cuireadh forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabús leis sin chun gnáthluach díreach ón monarcha de 6 337,40 SAR/tona a ríomh.

3.1.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(89) In éagmais comhoibriú ón táirgeoir onnmhairiúcháin, d'úsáid an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil dó, lena n-áirítear staitisticí allmhairí ó Eurostat agus sonraí a cuireadh isteach sa ghearán.

(90) D'úsáid an Coimisiún staitisticí allmhairí Eurostat ón Araib Shádach chuig an Aontas faoi chód AC 2916 12 00, arna gcoigeartú go leibhéal díreach ón monarcha trí mhéid réasúnach le haghaidh lasta farraige a asbhaint.

(91) Dá bhrí sin, ríomhadh gurbh é 4 388,47 SAR in aghaidh an tona an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin.

3.1.3. *Comparáid*

(92) Cuireadh an gnáthluach ríofa i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin, a bhí araon ar leibhéal díreach ón monarcha cheana féin.

(93) Dá bhrí sin, ní raibh gá leis an ngnáthluach ná leis an bpraghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun iad a chur i gcomparáid le chéile chun críocha an dumpáil a ríomh.

3.1.4. *Ríomh na dumpála*

(94) Bhí sonraí sa ghearán chun praghas CIF na n-onnmhairí ón Araib Shádach ag teorainn an Aontais a mheas trí 103.8 EUR in aghaidh an tona a chur leis le haghaidh lasta agus costais ghaolmhara loingseoireachta ([30]). In éagmais faisnéis eile, úsáideadh é sin chun an praghas CIF a ríomh ó phraghsanna onnmhairiúcháin FOB na hAraibe Sádaí.

3.1.5. *Corrlaigh dhumpála*

(95) Ar an mbonn sin, is é seo a leanas an corrlach dumpála sealadach arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
an Araib Shádach	Gach allmhairiú de thionscnamh na hAraibe Sádaí	40,3

3.2. **an tSín**

3.2.1. *An gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán*

(96) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(97) Chun na sonraí is gá a bhailiú chun go bhféadfaí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, lorgaíodh san Fhógra Tionscnaimh ón gCoimisiún go soláthródh táirgeoirí onnmhairiúcháin uile na Síne mionsonraí maidir leis na hionchuir a úsáidtear ina dtáirgeadh. Chuir ceithre tháirgeoir an fhaisnéis ábhartha isteach.

(98) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne.

([30]) Féach mír 185 den ghearán.

(99) Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(100) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am.

(101) Ós rud é nach bhfuarthas aon fhreagra ón GOC, chuir an Coimisiún in iúl dó go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín. Ní bhfuarthas aon bharúil ó Rialtas na Síne maidir le húsáid na bhfíoras a bhí ar fáil.

(102) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go raibh an Bhrasaíl roghnaithe aige go sealadach mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun Rialachán chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(103) An 1 Iúil 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún nóta ('an chéad nóta') chun na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann, shainaithin sé an Indinéis mar thír ionadaíoch iomchuí ar bhonn na gcritéar lena dtreoraítear roghnú praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, agus luaigh sé go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil maidir leis an gcuideachta PT Intanwijaya Internasional TBK ('Intanwijaya Internasional') ([31]).

(104) Fuarthas barúlacha maidir leis an nóta sin ó na gearánaigh agus ón dá tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha shampláilte. Tugtar aghaidh ar na barúlacha thíos.

3.2.2. *An Gnáthluach*

(105) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(106) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'más rud é go gcinntear … nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' , agus áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús ('costais SGA' a thugtar ar 'chostais riaracháin, díola agus ghinearálta').

(107) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil, b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.3. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(108) Sonraítear in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán gurb é atá i 'saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

([31]) https://intanwijaya.com/wp-content/uploads/2026/03/Report-Final-Konsol-PT-IWI-31-Desember-2025.pdf arna rochtain go deireanach an 8 Iúil 2026).

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(109) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó de ghnéithe an liosta.

(110) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágann nach toradh ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna agus costais.

(111) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i] gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta'.

(112) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ([32]) ('an Tuarascáil'), ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i roinnt mhaith príomhthoisc táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe, (amhail earnáil na gceimiceán, ….). Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil maidir leis an tSín sa chomhad imscrúdúcháin ag an gcéim thionscnaimh. Bhí roinnt fianaise ábhartha sa ghearán freisin a chomhlánaíonn an Tuarascáil.

(113) Bhí an gearánach ag brath ar an bhfianaise sa Tuarascáil chun a áitiú go bhfuil saobhadh i dtionscal eistear aicrileach na Síne. Eascraíonn an saobhadh sin as eagrú Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín'), atá bunaithe ar choincheap an gheilleagair margaidh shóisialta a fhorbraítear faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne agus lena gcumhdaítear gach gné fhíor-riachtanach den Stát.

(114) De réir an ghearáin, ar an leibhéal eacnamaíoch, feidhmíonn Páirtí Cumannach na Síne rialú an-docht, rud a léirítear sa tábhacht mhór a bhaineann leis na cuideachtaí faoi úinéireacht stáit sa gheilleagar agus i ngiaráil láidir Pháirtí Cumannach na Síne ar an earnáil phríobháideach. Tharraing an gearánach aird ar thrí phríomhbhealach idirghabhála Rialtas na Síne i ngeilleagar na Síne: rialú riaracháin, airgeadais agus rialála ag an Stát ([33]).

(115) D'áitigh an gearánach gur cuid bhunúsach den struchtúr eacnamaíoch sa tSín iad eintitis ghnó a fheidhmíonn faoi úinéireacht stáit, faoi rialú stáit, faoi mhaoirseacht bheartais an stáit nó faoi threoir an rialtais agus gur fíor sin freisin maidir le tionscal ceimiceach na Síne. In earnáil an táirge lena mbaineann, tá leibhéal na húinéireachta stáit suntasach fós, agus tá mórtháirgeoirí eistear aicrileach faoi úinéireacht stáit go hiomlán nó go páirteach, amhail: Shanghai Huayi Group Corporation Limited (Huayi Group), Shenyang Chemical Co. agus Wanhua Chemical Group Co., Ltd ([34]).

([32]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final.

([33]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 57-64.

([34]) Gearán (Leagan oscailte), mír 70.

(116) Maidir le tionchar an Stáit in earnáil na n-eistear aicrileach, luaigh an gearánach go gcuireann láithreacht an Stáit i ngnólachtaí ar a chumas idirghabháil a dhéanamh maidir le praghsanna nó costais agus thug sé idirghabháil i gcostas leictreachais mar shampla ([35]).

(117) Thairis sin, mhínigh an gearánach go bhfuil na príomh-amhábhair a úsáidtear chun eistir aicrileacha a tháirgeadh faoi réir an tsaofa. I ndáil leis sin, luadh sa ghearán Tuarascáil 2024 maidir leis an tSín, agus rinneadh tagairt, e.g., don 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Gansu, an 14ú Plean Forbartha do Thionscal na nAmhábhar in Gansu ('Plean Gansu'), inar leagadh amach a raon feidhme lena n-áirítear tionscail na bpeitriceimiceán, na cruach, na miotal neamhfheiriúil, na n-ábhar tógála agus tionscail eile ([36]). Luadh sa ghearán pleananna comhchosúla in áiteanna eile amhail Lianyungang agus Taizhou ([37]).

(118) Luadh sa ghearán freisin saobhadh eile a dhéanann difear do mhargadh na n-eistear aicrileach amhail beartais phoiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre ([38]) agus forfheidhmiú neamhleordhóthanach dlíthe féimheachta, corparáideacha nó maoine ([39]). Míníodh sa ghearán freisin go bhfuil tionchar ag idirghabháil an Stáit sa gheilleagar ar na costais phá freisin ([40]).

(119) Thairis sin, mhínigh an gearánach go bhfuil saobhadh sa chóras airgeadais freisin, ós rud é go ndeonaíonn institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar bhealach eile rochtain ar mhaoiniú ([41]).

(120) Mar chonclúid, d'áitigh an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san earnáil eistir aicrileach.

(121) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad. San fhianaise ar an gcomhad, áiríodh an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

(122) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha a chuimsíonn an táirge lena mbaineann. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.2.3.1. Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus costais sa tSín

(123) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap "geilleagar margaidh sóisialach". Tá an coincheap sin cumhdaithe i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an príomhphrionsabal 'úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre' ([42]).

(124) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit an 'fórsa ceannasach sa gheilleagar náisiúnta' agus tá sainordú ag an stát 'a chomhdhlúthú agus a fhás' a áirithiú ([43]). Go deimhin, i gcomparáid leis an 13ú Plean Cúig Bliana, dheimhnigh an Coimisiún um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht Stáit ('SASAC') gur tháinig méadú 44,6 % ar shócmhainní iomlána na bhfiontar lárnach le linn an 14ú Plean Cúig Bliana, 'rud a spreagann forbairt chomhtháite fiontar réamhtheachtach agus iartheachtach sa slabhra tionsclaíoch go héifeachtach agus a sholáthraíonn tacaíocht láidir chun príomhspriocanna agus príomhchúraimí fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta mo thíre a bhaint amach go rathúil' ([44]).

([35]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 76-83.
([36]) Gearán (Leagan oscailte), mír 65.
([37]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 66-67.
([38]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 84-85.
([39]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 86-90.
([40]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 91-93.
([41]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 94-98.
([42]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 7.
([43]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 7-8.
([44]) Féach ag: http://finance.people.com.cn/n1/2026/0128/c1004-40654753.html (arna rochtain an 11 Lúnasa 2026).

(125) Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne socraithe go foriomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar, tá idirghabhálacha den sórt sin sainordaithe go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dhlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear é i dtábhacht mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

(126) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([45]).

(127) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(128) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(129) Tar éis na chéad abairte a bhí ann cheana féin san fhoráil: '[i]s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne' cuireadh an dara habairt nua isteach ina léitear: '[i]s í gné shainiúil an tsóisialachais ag a bhfuil saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne' ([46]) Léiríonn sé sin rialú gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, rialú atá ag fás de shíor.

(130) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.

(131) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([47]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

(132) Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an rialaithe riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um pleanáil tionscail a dhéanann difear do gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin ar fad cumhdaítear maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad ann ar gach leibhéal rialtais.

(133) Bíonn na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear freisin sna pleananna na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/na hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha don táirgeacht fós leagtha síos i roinnt de na pleananna.

(134) Faoi na pleananna, tugtar aird ar leith ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail aonair mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir leis na tosaíochtaí rialtais agus sanntar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) dóibh.

(135) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir na ndálaí a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([48]).

([45]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 10, 18.
([46]) Ar fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 11 Lúnasa 2026).
([47]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 29-30.
([48]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 57, 92.

(136) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, is iad na bainc thráchtála agus na bainc bheartais faoi úinéireacht stáit atá i réim i gcóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntas eacnamaíoch tionscadail ar leith ([49]).

(137) Is amhlaidh atá i gcás comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúideach agus oibríochtúil ar bhealach nach bhfuil oiriúnaithe chun feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach ar mhaithe le rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([50]).

(138) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt cineálacha idirghabhála stáit sa gheilleagar ann. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais, seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú agus, dá bharr sin, baintear an bonn de phrionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí a stiúradh d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh le beartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níor sainíodh cineál na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([51]).

(139) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá smacht mór ag Rialtas na Síne fós agus tá tionchar mór aige ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus toirmisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna an bheartais thionsclaíoch, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ([52]).

(140) Mar achoimre, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Bíonn idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas ag teacht salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr ([53]).

3.2.3.2. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.

(141) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

(142) Freastalaíonn cuideachtaí príobháideacha amhail Satellite Chemicals Co. Ltd ([54]) agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit amhail Shanghai Huayi New Material Co. Ltd., fochuideachta ([55]) atá faoi lánúinéireacht Shanghai Huayi Group, ar earnáil an táirge lena mbaineann, agus tá 57.75 % de Shanghai Huayi Group faoi úinéireacht stáit ([56]) agus tá sé faoi rialú iarbhír Choimisiún Shanghai um Maoirseacht agus Riar Sócmhainní faoi Úinéireacht Stáit ([57]). Ar tháirgeoirí eile eistear aicrileach ([58]) tá Wanhua

([49]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 149-150.
([50]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 153-171.
([51]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 204-205.
([52]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.
([53]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.
([54]) Féach tuarascáil bhliantúil Satellite Chemicals Co. Ltd do 2025, lch. 55, ar fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2026/2026-3/2026-03-24/12012638.PDF, (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([55]) Féach tuarascáil bhliantúil Shanghai Huayi Group do 2025, lch. 57, ar fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2026/2026-4/2026-04-21/12123495.PDF, (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([56]) Ibid., lch. 61.
([57]) Ibid., lch. 63.
([58]) Féach ag: https://www.chemeurope.com/en/companies/1044163/wanhua-chemical-group-co-ltd.html (arna rochtain an 14 Lúnasa 2026).

Chemical Group Co. Ltd ([59]), a bhfuil 21,65 % de faoi úinéireacht stáit ([60]) agus atá faoi rialú deiridh Choimisiún Bhardas Yantai um Maoirseacht agus Riar Sócmhainní faoi Úinéireacht Stáit ([61]), agus Shenyang Chemical Co. Ltd ([62]), a bhfuil 47.23 % de faoi úinéireacht stáit ([63]) agus atá ina fhochuideachta de chuid Sinochem, cuideachta faoi úinéireacht stáit atá faoi SASAC ([64]). Tá Shenyang Chemical Co. Ltd faoi rialú deiridh SASAC ([65]).

(143) Ina theannta sin, in earnáil réamhtheachtach na próipiléine, ionchur a úsáidtear chun eistir aicrileacha a tháirgeadh, cé gur cuideachtaí príobháideacha iad roinnt táirgeoirí amhail Hengli Petrochemicals ([66]), tá leibhéal na húinéireachta stáit suntasach fós, agus tá roinnt príomhtháirgeoirí faoi rialú an stáit, amhail Sinopec ([67]), nó China National Petroleum Corporation ('CNPC') ([68]), nó China National Offshore Oil Corporation ('CNOOC') ([69]), ar cuideachtaí faoi úinéireacht stáit ('SOEanna') iad an trí cinn atá faoi rialú SASAC ([70]).

(144) Thairis sin, tá idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([71]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre.

(145) Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi rialú agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid ar fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí le chéile sa tSín.

(146) Thairis sin, tá earnáil iomlán an táirge lena mbaineann faoi réir roinnt beartas rialtais amhail an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair ([72]), ina dtugtar aghaidh go díreach ar earnálacha na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán tríd an méid seo a leanas a lua: '[s]na hearnálacha lena n-áirítear peitriceimiceáin agus ceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla, agus ábhair thógála, cothóimid roinnt cuideachtaí ceannródaíocha sa slabhra tionscail a mbeidh ról ceannaireachta acu san éiceachóras agus a mbeidh croí-iomaíochas mar shaintréith acu, (...). Déanfar ról treorach na bpríomhfhiontar in earnálacha na gceimiceán agus na n-ábhar tógála a ghiaráil chun athchóiriú agus athstruchtúrú corparáideach a chur chun cinn.'

(147) Ina theannta sin, foirmlítear an Plean Oibre maidir le fás seasta thionscal na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán ([73]) chun *'oibriú cobhsaí agus barrfheabhsú agus uasghrádú struchtúrach thionscal na bpeitriceimiceán a chur chun cinn' agus chun 'infheistíocht éifeachtach a leathnú agus claochlú agus uasghrádú a chur chun cinn'*.

(148) Ar an gcaoi chéanna, ar leibhéal an chúige, féachtar leis an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Zhejiang maidir le forbairt thionscal na bPeitriceimiceán agus na gCeimiceán ([74]) leis '[a]n slabhra soláthair réamhtheachtach a fheabhsú, (...) acmhainneacht scagtha a chomhdhlúthú, tionscal na n-olaifíní a neartú (...) [chomh maith le] [d]íriú ar shlabhra tionsclaíoch straitéiseach a fhorbairt le haghaidh amhábhair cheimiceacha bhunúsacha, amhail própán a dhíhidriginiú chun próipiléin a tháirgeadh'.

([59]) Féach ag: https://en.whchem.com/ (arna rochtain an 14 Lúnasa 2026).
([60]) Féach tuarascáil bhliantúil Wanhua Chemical Group Co. Ltd do 2025, lch. 65, ar fáil ag: https://static.cninfo.com.cn/finalpage/2026-04-21/1225130793.PDF, (arna rochtain an 14 Lúnasa 2026).
([61]) Ibid., lch. 68.
([62]) Féach ag: http://www.syhg.chemchina.com/ (arna rochtain an 14 Lúnasa 2026).
([63]) Féach tuarascáil bhliantúil Shenyang Chemical Co. Ltd do 2025, lch. 64, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2026/2026-3/2026-03-28/12034189.PDF, (arna rochtain an 14 Lúnasa 2026).
([64]) Féach ag: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([65]) Ibid., lch. 66.
([66]) Féach tuarascáil bhliantúil Hengli Petrochemicals 2025, lch. 67, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2026/2026-4/2026-04-15/12087185.PDF, (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([67]) Féach ag: http://www.sinopec.com/listco/en/000/000/042/42474.shtml (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([68]) Féach ag: https://www.cnpc.com.cn/cnpc/index.shtml, (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([69]) Féach ag: https://www.cnooc.com.cn/English/, (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([70]) Féach: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([71]) Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach an Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 47-50.
([72]) An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair, Ranna IV.3 agus IV.1, le fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([73]) Féach ag: https://gxt.fujian.gov.cn/jdhy/zxzcfg/gjzcfg/202510/P020251015562784139701.pdf , (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([74]) Féach ag: http://www.jsgt.org.cn/Upload/ueditor/file/20220919/1663576227128148.pdf, Roinn IV.1.1 (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).

(149) Tá Satellite Chemicals Co. Ltd lonnaithe in Zhejiang ([75]).

(150) Chomh maith leis sin, leis an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Shanghai maidir le Forbairt Páirceanna Tionscail Cheimicigh" ([76]), sainordaítear *'neartú, comhlánú agus leathnú shlabhra an tionscail cheimicigh a luathú' chomh maith le "[t]acú le príomhchuideachtaí sna páirceanna leas maith a bhaint as na hacmhainní eitiléine agus próipiléine atá ann cheana, struchtúir táirgí a choigeartú, agus táirgí ard-bhreisluacha a fhorbairt tuilleadh"*.

(151) Tá Shanghai Huayi Group lonnaithe in Shanghai ([77]).

(152) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([78]).

(153) Mar shampla, is é Cónaidhm Thionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán na Síne ('*CPCIF*') an comhlachas tionscail le haghaidh earnáil an táirge lena mbaineann. De réir Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CPCIF, '*cloíonn* an [eagraíocht] *le ceannaireacht chuimsitheach Pháirtí Cumannach na Síne [agus] glacann sí leis an treoir ghairmiúil, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, a dhéanann eintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí agus, chomh maith leis sin, a dhéanann na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail*' ([79]).

(154) Thairis sin, sonraítear in Airteagal 36 d'Airteagail Chomhlachais CPCIF nach mór d'uachtarán, do leas-uachtaráin agus d'ardrúnaí an Chomhlachais *'cloí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige,* [agus] *seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte* ([80])'.

(155) Tá Satellite Chemicals Co. Ltd ([81]), Shanghai Huayi Group ([82]), Hengli Petrochemicals ([83]), Sinopec ([84]), CNPC ([85]) agus CNOOC ([86]) uile ina gcomhaltaí de CPCIF.

(156) Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta.

3.2.3.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí, rud a fhágann gur féidir leis an stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostais

(157) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht stáit agus phríobháideach araon, trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(158) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí ([87])) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

([75]) Féach tuarascáil bhliantúil Satellite Chemicals Co. Ltd do 2025, le fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2026/2026-3/2026-03-24/12012638.PDF, (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([76]) Féach ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211202/1191423.shtml (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([77]) Féach tuarascáil bhliantúil Shanghai Huayi New Material Co. Ltd do 2025, ar fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2026/2026-4/2026-04-21/12123495.PDF, (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([78]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 24-27.
([79]) Féach ag: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1 (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([80]) Ibid.
([81]) Féach ag: http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661de134d70015 (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([82]) Féach ag: http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661de0ceed0014, (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([83]) Féach ag: http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661de134d70015, (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([84]) Féach ag: http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661ddbe0980010 (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([85]) Ibid.
([86]) Ibid.
([87]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 40.

(159) Níor léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([88]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([89]).

(160) In 2017 cheana féin, tuairiscíodh go raibh cealla den Pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin ([90]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, sna hearnálacha uile, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(161) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua (*'na Treoirlínte'*), ([91]) rud a chuir le ról na gcoistí páirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(162) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin'; agus luaitear i roinn III.6: '[n]í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus é a chur ar a gcumas do chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar a gcumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe'. Cuirtear i dtábhacht sna Treoirlínte, mar sin, ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú i gcuideachtaí agus in eintitis eile na hearnála príobháidí ([92]).

(163) Deimhníodh san imscrúdú gur ann d'fhorluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí / feidhmeanna an Pháirtí san earnáil eistir aicrileach freisin.

(164) Chun sampla a thabhairt, feidhmíonn Leas-Chathaoirleach Satellite Chemicals Co. Ltd. mar Rúnaí Choiste an Pháirtí freisin ([93]). Ina theannta sin, maíonn Satellite Chemicals Co. Ltd. an méid seo a leanas: "[l]e 30 bliain anuas, tá Grúpa Satellite tar éis cloí go comhsheasmhach le beartais agus treoirlínte an Pháirtí agus straitéis náisiúnta na forbartha tionsclaíche a leanúint go dlúth ([94])". Deimhnítear é sin arís le dearbhú chathaoirleach na cuideachta i mí na Bealtaine 2026, le linn na cuairte ó Rúnaí Choiste an Pháirtí i gCúige Zhejiang, go ndéanann Satellite Chemicals Co. Ltd. *"cur chun feidhme straitéiseach Choiste an Pháirtí sa Chúige agus Rialtas an Chúige a leanúint go dlúth* ([95])"

(165) Chomh maith leis sin, feidhmíonn Cathaoirleach Shanghai Huayi Group mar Rúnaí Choiste an Pháirtí, agus tá roinnt comhaltaí de Bhord Stiúrthóirí na cuideachta ina gcomhaltaí de CCP ([96]). Thairis sin, deimhníonn an chuideachta ina tuarascáil bhliantúil do 2025 an méid seo a leanas: "[c]*huir caidreacha agus fostaithe uile an Ghrúpa spiorad an Cheathrú Seisiún Iomlánach den 20ú Lárchoiste de CPC agus an Ochtú Seisiún Iomlánach den 12ú Coiste Bardasach Shanghai chun feidhme go hiomlán. Faoi cheannaireacht cheart Choiste an Pháirtí agus Bhord Stiúrthóirí an Ghrúpa, [...] thug an Grúpa freagairt ghníomhach ar an staid neamhfhabhrach a bhain le téarnamh mall foriomlán an tionscail cheimicigh, agus cúraimí uile an 14ú Plean Cúig Bliana á gcur i gcrích go rathúil aige* ([97])".

([88]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster* [An Rás chun Cumhacht a Chomhdhlúthú agus chun Tubaiste a Chosc]; Foreign Affairs, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([89]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 41.
([90]) Le fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([91]) Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([92]) Financial Times (2020) - Dearbhaíonn Páirtí Cumannach na Síne níos mó smachta ar fhiontar príobháideach: https://www.ft.com/content/582411f6-fc3b-4e4d-9916-c30a29ad010e?syn-25a6b1a6=1 arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([93]) Féach ag: https://www.weixing.com.cn/index.php/about.html (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([94]) Féach ag: https://www.weixing.com.cn/index.php/about.html (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([95]) Féach ag: https://www.hzeyun.com/detail/2615151 (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([96]) Féach tuarascáil bhliantúil Shanghai Huayi Group do 2025, lch. 36, ar fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2026/2026-4/2026-04-21/12123495.PDF, (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([97]) Ibid. lch. 10.

(166) Ar an gcaoi chéanna, feidhmíonn Cathaoirleach Wanhua Chemical Group Co. Ltd. mar Rúnaí Choiste an Pháirtí ([98]).

(167) Chomh maith leis sin, feidhmíonn Bainisteoir Ginearálta Shenyang Chemical Co. Ltd. mar Rúnaí Choiste an Pháirtí, agus tá roinnt comhaltaí eile den Bhord Stiúrthóirí ina gcomhaltaí de CCP, lena n-áirítear an Cathaoirleach a fheidhmíonn freisin mar Rúnaí Choiste an Pháirtí i gcuideachta chomhlachaithe ([99]).

(168) Ina theannta sin, cuirtear in iúl i dtuarascáil bhliantúil 2022 ó Sinopec Group '[g]o gcuireann an chuideachta feabhas leanúnach ar cháilíocht obair thógála an pháirtí, go dtreisíonn sé spiorad na bhfostaithe, go neartaítear obair cigireachta agus maoirseachta smachta, go gcuidíonn sé leis an mbord stiúrthóirí cinntí agus socruithe éagsúla a chur chun feidhme go héifeachtach, agus go gcuireann sé forbairt ardcháilíochta na cuideachta chun cinn' ([100]). Thairis sin, is é rúnaí an choiste Páirtí atá ina chathaoirleach ar bhord stiúrthóirí Sinopec Group agus feidhmíonn roinnt comhaltaí den bhord mar leasrúnaithe an choiste Páirtí ([101]). Dúirt Sinopec Group freisin go bhfuil sé ar intinn aige 'díriú ar mhisean nua na cuideachta agus ar thascanna nua ar an turas nua, spiorad féin-réabhlóideach an pháirtí a thabhairt ar aghaidh, ceannaireacht an pháirtí agus tógáil an pháirtí a neartú ar bhealach ilfheidhmeach comhtháite, agus rialachas páirtí cuimsitheach agus dian a chur chun cinn go córasach, d'fhonn ráthaíocht láidir a sholáthar chun caibidil nua de thionscal peitriceimiceán nua-aimseartha na Síne a scríobh' ([102]).

(169) Tá tionchar saofa breise ar an margadh mar gheall ar láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin ([103]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an stáit i ngnólachtaí, san earnáil eistir aicrileach agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.2.3.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir

(170) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, leo. Is de chineál ceangailteach iad na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(171) Ar an iomlán, is é an toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil eile ag baint leo, de rogha ar na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([104]).

(172) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

(173) Tá sé d'aidhm ag 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Peirspictíochtaí 2035 ([105]) *'tionscail thraidisiúnta a uasghrádú,* barrfheabhsú agus coigeartú struchtúrach tionscal amhábhar amhail peitriceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla agus ábhair thógála a chur chun cinn, soláthar táirgí ardcháilíochta a leathnú in earnálacha amhail earnáil an tionscail éadroim agus an earnáil teicstíle, dlús a chur le claochlú agus uasghrádú fiontar i bpríomhthionscail amhail tionscal na gceimiceán agus an tionscal déanta páipéir, agus feabhas a chur ar an gcóras monaraíochta glas ([106])."

([98]) Féach tuarascáil bhliantúil Wanhua Chemical Group Co. Ltd do 2025, lch. 42, ar fáil ag: https://static.cninfo.com.cn/finalpage/2026-04-21/1225130793.PDF (arna rochtain an 14 Lúnasa 2026).
([99]) Féach tuarascáil bhliantúil Shenyang Chemical Co. Ltd do 2025, lch. 27 agus lch. 30, ar fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2026/2026-3/2026-03-28/12034189.PDF, (arna rochtain an 14 Lúnasa 2026).
([100]) Féach ag: http://www.sinopec.com/u/cms/gfyw/202411/27092756kosx.pdf lch. 26 (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([101]) Féach ag: http://www.sinopecgroup.com/group/000/000/067/67517.shtml , (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([102]) Féach ag: http://www.sinopecgroup.com/group/000/000/041/41878.shtml (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([103]) Tuarascáil – Caibidil 14, Ranna 14.1 go 14.3.
([104]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100-, .
([105]) Féach ag: https://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([106]) Ibid. Roinn III.8.

(174) De réir an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le tionscal na n-amhábhar, ([107]), 'forbróidh [an tSín] baisc de bhraislí tionsclaíocha in earnáil na bpeitriceimiceán. […] In earnálacha lena n-áirítear peitriceimiceáin agus ceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla, agus ábhair thógála, cothóidh [an tSín] roinnt fiontair cheannródaíocha a d'fhéadfadh éiceachóras an tslabhra thionsclaíoch a stiúradh le croí-iomaíochas' ([108]).

(175) Ina theannta sin, ceanglaítear leis an Tuairim Threorach maidir le forbairt ardcháilíochta thionscal na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán a chur chun cinn ([109]) 'beartais earnála a neartú agus scála an tionscail a rialáil go heolaíoch: […] acmhainneacht soláthair polaiméirí ardleibhéil, ceimiceán speisialtachta agus táirgí eile a fheabhsú' [...] chomh maith le 'feabhas a chur ar bheartais tacaíochta: comhordú beartas fioscach, airgeadais, réigiúnach, infheistíochta, allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, fuinnimh, éiceolaíoch, comhshaoil, praghais agus beartas eile le beartais thionsclaíocha a neartú [agus] lán-imirt a thabhairt do ról an ardáin náisiúnta um chomhar tionscail-airgeadais [...]'.

(176) Ar leibhéal an chúige, leis an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Zhejiang maidir le forbairt Thionscal na bPeitriceimiceán agus na gCeimiceán ([110]), sainordaítear "ráthaíocht acmhainní bunriachtanacha amhail caipiteal tionsclaíoch, tallann, talamh, agus fuinneamh a neartú agus béim ar leith á leagan ar phríomhchuideachtaí peitriceimiceacha, mórthionscadail, agus forbairt bonneagair [chomh maith le] [c]istí speisialta ábhartha an chúige a bharrfheabhsú agus a chomhordú chun an tacaíocht d'fhorbairt an tionscail peitriceimicigh a mhéadú".

(177) In Zhejiang fós, ar an leibhéal áitiúil, d'eisigh Bardas Jiaxing Plean Gníomhaíochta Trí Bliana ([111]) lena bhféachtar le 'plean a chur chun feidhme chun príomhchuideachtaí teicneolaíochta a chothú [...agus] príomhchuideachtaí i dtionscail thraidisiúnta amhail ábhair theicstíle agus ábhair cheimiceacha a spreagadh chun a n-iarrachtaí nuálaíochta agus T&F a mhéadú'.

(178) Tá Satellite Chemicals Co. Ltd. lonnaithe i gCrios Forbartha Eacnamaíche agus Teicneolaíche Jiaxing ([112]).

(179) Ar an gcaoi chéanna, leis an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Shanghai maidir le "Forbairt Páirceanna Tionscail Cheimicigh" ([113]), sainordaítear "*an struchtúr tionsclaíoch a bharrfheabhsú, cumais nuálaíochta tionsclaíche a fheabhsú, an slabhra tionsclaíoch a fheabhsú, éiceachóras na forbartha tionsclaíche a shaibhriú, agus an croí-iomaíochas a fheabhsú tuilleadh, i gcomhréir le riachtanais straitéiseacha náisiúnta agus bhardas Shanghai, chomh maith leis an straitéis chun ról ceannaireachta na dtionscal ardleibhéil a neartú, agus béim ar leith á leagan ar an tionscal monaraíochta ceimiceán*".

(180) Ina theannta sin, bhain Shanghai Huayi Group tairbhe as an 'tacaíocht fhadtéarmach maidir le soláthar amhábhar agus leictreachais ([114])' ó China Energy Group, cuideachta eile faoi úinéireacht stáit atá faoi SASAC ([115]), agus shínigh an dá chuideachta faoi úinéireacht stáit comhaontú comhair straitéisigh in 2021 ([116]). Trí na modhanna sin agus modhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, beagnach gach gné d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a threorú agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha agus na táirgí iartheachtacha.

(181) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

([107]) Féach ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/content_5665166.htm (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([108]) Ibid. Féach Roinn IV.2 agus IV.3.
([109]) Féach ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/yj/art/2022/art_4ef438217a4548cb98c2d7f4f091d72e.html (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([110]) Féach ag: http://www.jsgt.org.cn/Upload/ueditor/file/20220919/1663576227128148.pdf, lch. 24, (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([111]) Féach Plean Gníomhaíochta Trí Bliana Rialtas an Phobail i mBardas Jiaxing maidir le ról ceannaireachta nuálaíocht theicneolaíoch na gcuideachtaí a neartú agus feabhsú chumais nuálaíochta na gcuideachtaí a luathú (2024-2026), ar fáil ag: https://www.zhizhengce.com/policies/66bc169bca3241004607ce68?_sk=%E5%88%9B%E6%96%B0%E8%83%BD%E5%8A%9B, (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([112]) Féach ag: http://zj.people.com.cn/n2/2026/0805/c186327-41659268.html, (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([113]) Féach ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211202/1191423.shtml (arna rochtain an 12 Lúnasa 2026).
([114]) Féach ag: https://www.ceic.com/gjnyjtww/chnjtyw/202111/aeaaf56778254b369e4d33767d248451.shtml (arna rochtain an 23 Lúnasa 2026).
([115]) Féach ag: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 23 Lúnasa 2026).
([116]) Féach ag: https://www.ceic.com/gjnyjtww/chnjtyw/202111/aeaaf56778254b369e4d33767d248451.shtml (arna rochtain an 23 Lúnasa 2026).

3.2.3.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(182) De réir na faisnéise atá ann ar an gcomhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

(183) Tá an líon féimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go héifeachtach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, is minic a imríonn an ról sin tionchar díreach ar thoradh na n-imeachtaí ([117]).

(184) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín. ([118]) Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh tuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht stáit) agus is ar an Stát amháin a bhraitheann leithdháileadh na talún fós. Tá forálacha dlíthiúla ann arb é is aidhm dóibh cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([119]). Thairis sin, is minic a thugann na húdaráis faoi spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha agus talamh á leithdháileadh acu ([120]).

(185) Dála earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin san earnáil eistir aicrileach. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú reatha a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin.

(186) I bhfianaise an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

3.2.3.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá

(187) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar chearta oibrithe agus fostóirí maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin fíor-riachtanacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([121]).

(188) Faoin dlí náisiúnta, níl ach ceardchumann ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus ní dhéanann sí ach obair an-bhunúsach maidir le cómhargáil agus cearta oibrithe a chosaint ([122]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile do chónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin.

(189) Fágann sé sin go bhfuil oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach ó thaobh fostaíochta de, agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chlárúcháin cónaithe ([123]). Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais pá sa tSín.

([117]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 171-179.
([118]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([119]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([120]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 252-254.
([121]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([122]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 366.
([123]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 370-373.

(190) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an earnáil eistir aicrileach faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar a dtugtar tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais phá, déantar difear díreach dá réir sin don earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.3.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(191) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cineálacha saofa éagsúla.

(192) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht stáit i gcóras airgeadais na Síne, ([124]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht stáit) ([125]) agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(193) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil shainráite maidir lena ngnó a sheoladh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta, idir eacnamaíoch agus sóisialta, agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an stáit ([126]). Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tá faisnéis dhobhréagnaithe ann, lena n-áirítear torthaí in imscrúduithe cosanta trádála, a thugann le fios nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

(194) Léiríonn forbairtí le déanaí a mhéid a imríonn an rialtas tionchar ar institiúidí airgeadais sa tSín. I mí an Mhárta 2025, d'fhógair Rialtas na Síne eisiúint RMB 500 billiún i mbannaí státchiste chun tacaíocht airgeadais nach beag a sholáthar do bhainc mhóra, lena n-áirítear Bank of China, China Construction Bank, Bank of Communications agus Postal Savings Bank of China. Ba é ab aidhm don idirghabháil sin na hinstitiúidí sin a chobhsú agus brabúsacht ag dul i laghad agus glanchorrlaigh úis ní b'ísle ná riamh, rud a chuir i dtábhacht na bearta réamhghníomhacha a rinne an stát chun cobhsaíocht eacnamaíoch a choinneáil ar bun ([127]).

(195) Chomh maith leis sin, shoiléirigh Rialtas na Síne freisin nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí na mbanc tráchtála príobháideach fiú agus na cinntí sin a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de na trí sprioc uileghabhálacha de chuid an Stáit anois maidir le rialachas baincéireachta, ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([128]). Chomh maith leis sin, is gá a chur san áireamh anois i critéir mheastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi a ndéanann eintitis 'freastal ar na cuspóirí náisiúnta forbartha agus ar an bhfíorgheilleagar', agus go háirithe ar an gcaoi 'a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá i mbéal forbartha'. ([129])

([124]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([125]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 146-149.
([126]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 149.
([127]) Tacaíocht *ad hoc* Rialtas na Síne do Bhainc,' Fógra oifigiúil, an Aireacht Airgeadais, an tSín, an 29 Márta 2025 https://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202503/t20250329_3961036.htm (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([128]) Féach an doiciméad oifigiúil beartais ó Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta 3 bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)*: http://www.hunan.gov.cn/zqt/zcsd/202009/t20200914_13727273.html (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026). Tugtar treoir sa Phlean 'an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn'. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta […] Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach cinneadh maidir leo*'.
([129]) Féach Fógra CBIRC *maidir leis an modh meastóireachta ar fheidhmíocht na mbanc tráchtála,* a eisíodh an 15 Nollaig 2020: https://www.beijing.gov.cn/zhengce/zhengcefagui/qtwj/202204/t20220407_2656358.html (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).

(196) Ina theannta sin, ar leibhéal leithdháilte na n-acmhainní airgeadais, le roinnt Beart chun Forbairt na hInfheistíochta Príobháidí a Chur Chun Cinn a Thuilleadh ([130]), féachann Rialtas na Síne le 'hacmhainní buiséid lárnacha a mhéadú chun tacú le tionscadail infheistíochta príobháidí cháilithe agus ról treorach agus ceannasach a imirt go gníomhach'. Tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne freisin 'dea-úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais beartais nua [agus] tacú le roinnt tionscadal infheistíochta príobháidí cháilithe i dtionscail thábhachtacha agus i bpríomhréimsí' ([131]).

(197) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([132]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([133]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin a bheith i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht chaipitil agus costas an chaipitil do na gníomhaithe uile ar an margadh.

(198) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach n-oibríonn na sásraí atá ann sa chóras baincéireachta de réir gnáthfhreagairtí tráchtála.

(199) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach iad faoi thionchar saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas. Maidir leis an sciar den iasachtú de réir an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is é a bhí i gceist leis aon trian ar a laghad den iasachtú ar fad ag deireadh 2018 ([134]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr an Páirtí 'ráta úis don mhargadh iasachtaí a threorú thíos' ([135]). De thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

(200) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeadh coinne leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, sin nó úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh deireadh curtha le fadhb fhoriomlán an fhiachais ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(201) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleathan leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil mhór rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(202) Níor cuireadh isteach aon fhianaise san imscrúdú sin a léireodh nach gcuireann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais isteach ar earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil mhór rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.2.3.8. Cineál sistéamach an tsaofa a dtugtar tuairisc air

(203) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a dtugtar tuairisc air sa Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta.

([130]) Féach ag: https://www.gov.cn/zhengce/content/202511/content_7047643.htm (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([131]) Ibid, Roinn 11.
([132]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 157-158.
([133]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.
([134]) ECFE, Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, 2019 Páras, lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).
([135]) http://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202006/t20200618_3534446.htm (arna rochtain an 13 Lúnasa 2026).

(204) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas, go háirithe in aithrisí (141) go (202). Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí eistir aicrileach faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(205) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta.

(206) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur an ionchuir agus mar sin de.

(207) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.2.4. *Tír ionadaíoch*

3.2.4.1. Barúlacha ginearálta

(208) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([136]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(209) Mar a mhínítear in aithris (103) thuas, d'eisigh an Coimisiún nóta amháin ('an nóta FOP') maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh.

(210) Tugtar tuairisc sa nóta sin ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha.

(211) Chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas sa Nóta freisin go raibh sé ar intinn aige Meicsiceo a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás reatha dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.2.4.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

(212) Sa nóta FOP, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, an Indinéis agus an Afraic Theas mar thíortha arbh eol go raibh an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh iontu agus mar thíortha a raibh leibhéal forbartha eacnamaíche acu a bhí cosúil le leibhéal na Síne de réir an Bhainc Dhomhanda, ós rud é go n-aicmítear iad uile mar thíortha 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncaim náisiúnta.

([136]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(213) D'áitigh an gearánach nár chomhlíon an Indinéis go comhsheasmhach an critéar maidir le leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le leibhéal na Síne, ós rud é go raibh a haicmiú ioncaim de chuid an Bhainc Dhomhanda athraitheach idir stádas íseal-mheánioncaim agus stádas ard-mheánioncaim le blianta beaga anuas. D'áitigh an gearánach, murab ionann agus an Bhrasaíl, a bhí aicmithe go comhsheasmhach mar thír ard-mheánioncaim, nach raibh ag an Indinéis an chobhsaíocht ná an chomhsheasmhacht ba ghá chun í a roghnú mar an tír ionadaíoch faoi Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(214) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin agus thug sé le fios go raibh an Indinéis aicmithe ag an mBanc Domhanda mar thír ard-mheánioncaim le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chomhfhreagraíonn don leibhéal forbartha eacnamaíche a measadh a bheith iomchuí chun críocha na hanailíse ar an tír ionadaíoch. Dá réir sin, mheas an Coimisiún gur chomhlíon an Indinéis an critéar a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.2.4.3. Is ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

(215) Sa nóta maidir le tosca táirgeachta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara go raibh sé ar intinn aige an Indinéis a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus Intanwijaya Internasional a úsáid, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú chun an gnáthluach a ríomh.

(216) Sa nóta FOP, rinne an Coimisiún measúnú ar na tíortha ionadaíocha eile a shainaithin an gearánach agus an Coimisiún seachas an Indinéis, i.e. an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, agus an Afraic Theas, agus níor mheas sé go raibh siad oiriúnach.

(217) Maidir leis an mBrasaíl, ar bhonn Global Trade Atlas ([137]) ('GTA'), ní raibh ach allmhairí diomaibhseacha próipiléine ann (i.e. 40 tona), arb ionann a costas féin agus 30 go 35 % de chostas táirgthe eistear aicrileach. Thairis sin, d'allmhairigh an Bhrasaíl ón tSín 90 % den 40 MT próipiléine sin agus 50 % den aigéad aicrileach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach tír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl.

(218) Maidir leis an Malaeisia, ar bhonn GTA, ní raibh ach allmhairí diomaibhseacha n-bútánóil ann (i.e. 63 thona), arb ionann a chostas féin agus 40 go 45 % de chostas táirgthe iomlán na n-eistear aicrileach agus suas le 50 go 55 % de chostas táirgthe an chineáil Aicrioláite Búitile (BA). Thairis sin, d'allmhairigh an Mhalaeisia ón tSín 30 % den 63 MT n-bútánóil sin, 50 % den aigéad aicrileach agus 20 % den 2-eitilheacsánól le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach tír ionadaíoch iomchuí í an Mhalaeisia.

(219) Maidir leis an Afraic Theas, ar bhonn GTA, is ar éigean a bhí aon allmhairí próipiléine (i.e. 5 thona) agus n-bútánóil (i.e. 369 dtona) ann, arb iad sin na hamhábhair is tábhachtaí ar fad chun eistir aicrileacha a tháirgeadh. Thairis sin, d'allmhairigh an Afraic Theas ón tSín 69 % den phróipiléin agus 98 % den aigéad aicrileach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach tír ionadaíoch iomchuí í an Afraic Theas.

(220) Maidir leis an Indinéis, ar bhonn GTA, léirigh staitisticí allmhairí gurbh í an tír sin a d'allmhairigh an méid is mó i dtonaí de na hamhábhair uile a liostaítear i dTábla 1 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. As an gcainníocht iomlán a allmhaíodh, d'allmhairigh an Indinéis ón tSín níos lú ná 15 % den aigéad aicrileach, níos lú ná 6 % den 2-eitilheacsánól agus beagnach 0 % den phróipiléin, den n-bútánól agus den phrópán.

(221) Ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don Choimisiún, ní raibh ach táirgeoir amháin a mhonaraigh eistir aicrileacha san Indinéis, PT. Nippon Shokubai Indonesia. Bhí an chuideachta sin ina cuid de Nippon Shokubai (an tSeapáin) agus bhí sí ar cheann de mhórtháirgeoirí eistear aicrileach san Áise. Mar sin féin, níor chuir sí i láthair ach cuntais bhliantúla chomhdhlúite ar an leibhéal domhanda ([138]). Dá bhrí sin, níorbh fhéidir na ráitis airgeadais le haghaidh eistir aicrileacha ná le haghaidh bhrainse na cuideachta san Indinéis a bhaint astu.

([137]) https://www.spglobal.com/market-intelligence/en/solutions/products/maritime-global-trade-atlas, (arna rochtain go deireanach an 13 Iúil 2026).

([138]) https://www.shokubai.co.jp/en/ir/library/#sec03, (arna rochtain go deireanach an 13 Iúil 2026).

(222) Mhol ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha sampláilte an chuideachta PT Chandra Asri Pacific TBK a úsáid. Rinne an Coimisiún measúnú ar an gcuideachta a moladh. Ní tháirgeann an chuideachta eistir aicrileacha, ach táirgí réamhtheachtacha (lena n-áirítear próipiléin, ceann de na príomh-amhábhair le haghaidh eistir aicrileacha). Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh in Orbis ([139]), bhí sonraí airgeadais don chuideachta sin ar fáil do 2025 agus bhí an chuideachta brabúsach ar an leibhéal comhdhlúite in 2025. Mar sin féin, agus sonraí na rannóige ceimiceán á scrúdú, bhí an chuideachta ag déanamh caillteanais in 2025 ([140]).

(223) Níor shainaithin an Coimisiún aon ráitis airgeadais eile a bhí ar fáil go héasca ó tháirgeoirí eile eistear aicrileach san Indinéis agus rinne sé breithniú ar tháirgeoirí táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna nó san earnáil chéanna leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún cuideachtaí eile faoin gcód NACE céanna le heistir aicrileacha (i.e. NACE 2014, "Monarú amhábhar ceimiceach orgánach"). Tháinig an Coimisiún ar chuideachta, Intanwijaya Internasional, a tháirgeann formaildéad. Is díol suntais é go bhfuil próiseas táirgthe formaildéid an-chosúil le próiseas táirgthe acroiléine, arb í toradh na chéad chéime de mhonarú eistear aicrileach í, nuair a imoibrítear próipiléin le hocsaigin. Bhí an chuideachta sin brabúsach in 2025, agus bhí a sonraí airgeadais ar fáil go poiblí ar Orbis.

(224) Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir lena iomchuí atá an Indinéis mar thír ionadaíoch agus Intanwijaya Internasional mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch.

(225) D'áitigh an gearánach nach tír ionadaíoch iomchuí í an Indinéis toisc go raibh tionchar ag buntáistí costais réigiúnacha ar thagarmharcanna na hIndinéise, lena n-áirítear socruithe trádála fabhracha ASEAN, costais saothair agus leictreachais níos ísle, agus praghsanna allmhairí príomh-amhábhar a líomhnaíodh go raibh tionchar ag dinimic praghsála réigiúnach orthu, go háirithe maidir leis an Malaeisia agus soláthraithe eile ASEAN. Go háirithe, d'áitigh an gearánach gur ón Malaeisia den chuid is mó a tháinig allmhairí n-bútánóil isteach san Indinéis agus go raibh tionchar ag socruithe taraife fabhracha idir comhaltaí ASEAN orthu sin. Thairis sin, thug an gearánach faoi deara gur athraigh praghsanna allmhairí próipiléine isteach san Indinéis agus, ar bhonn níos ginearálta, i margadh Oirdheisceart na hÁise, i gcomhréir le praghsanna na Síne a bheag nó a mhór. De réir an ghearánaigh, ba fearr a léirigh tagarmharcanna na Brasaíle dálaí neamhshaofa an mhargaidh idirnáisiúnta agus ba cheart, dá bhrí sin, tús áite a thabhairt dóibh.

(226) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin. Níor sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach lena léireofaí go raibh tagarmharcanna na hIndinéise saofa de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Ós rud é amháin go raibh luachanna tagarmhairc na hIndinéise níos ísle ná na luachanna a moladh le haghaidh na Brasaíle, ní shuitear leis sin go bhfuil siad saofa nó mí-oiriúnach chun an gnáthluach a ríomh. D'fhéadfadh costais táirgthe níos ísle teacht go dlisteanach as tosca atá bunaithe ar an margadh amhail suíomh geografach, comhtháthú soláthair réigiúnach, éifeachtúlachtaí lóistíochta nó dálaí an mhargaidh saothair agus ní féidir leo, iontu féin, bonn cirt a thabhairt le diúltú do shonraí tagarmhairc atá iontaofa ar gach slí eile.

(227) A mhéid a bhaineann le n-bútánól, thug an Coimisiún faoi deara nach léiríonn argóintí an ghearánaigh maidir le cóir fhabhrach taraife, iontu féin, nach bhfuil na bunphraghsanna idirbhirt bunaithe ar an margadh. Níor sholáthair an gearánach ach oiread fianaise go raibh praghsanna onnmhairiúcháin na Malaeisia faoi réir idirghabháil rialtais nó nár léirigh siad gnáthdhálaí tráchtála ar bhealach eile. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár thug an gearánach bunús lena mhaíomh go raibh praghsanna allmhairí na hIndinéise mí-oiriúnach chun críocha tagarmhairc.

(228) A mhéid a bhaineann le próipiléin, mheas an Coimisiún nach rud neamhchoitianta é comhghaol praghsanna den sórt sin i gcás tráchtearraí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus nach léiríonn sé, ann féin, go bhfuil praghsanna allmhairí na hIndinéise saofa nó go gcinntear iad de réir dhálaí mhargadh intíre na Síne. Níor sholáthair an gearánach fianaise lena léireofaí nár léirigh praghsanna tagarmhairc na hIndinéise idirbhearta atá bunaithe ar an margadh.

(229) D'áitigh an gearánach nár cheart an Bhrasaíl a bheith eisiata mar thír ionadaíoch de bharr a méideanna ísle allmhairí próipiléine amháin. D'áitigh sé gur léiriú iad allmhairí teoranta na Brasaíle ar a hacmhainneacht shubstaintiúil táirgeachta intíre seachas ar easpa dálaí ionadaíocha margaidh agus gur cheart don Choimisiún a bheith ag brath ina ionad sin ar thagarmharcanna malartacha neamhshaofa, amhail praghsanna ICIS atá ar fáil go poiblí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

([139]) https://login.bvdinfo.com/R1/Orbis, (arna rochtain go deireanach an 13 Iúil 2026).
([140]) Reports for Investors, Chandra Asri Annual Report 2025, lch. 164, (arna rochtain go deireanach an 13 Iúil 2026).

(230) Níor ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin. Tá an measúnú ar an tír ionadaíoch bunaithe ar shonraí iomchuí iontaofa maidir leis na tosca táirgeachta a bheith ar fáil go héasca. Níor sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach lena léireofaí gur léirigh an tagarmharc malartach a moladh costais neamhshaofa sa Bhrasaíl go cruinn nó go raibh sé níos iomchuí ná na sonraí tagarmhairc a bhí ar fáil le haghaidh na tíre ionadaíche a roghnaíodh. Dá réir sin, mheas an Coimisiún nár athraigh acmhainneacht táirgeachta intíre a bheith sa Bhrasaíl a mheasúnú.

(231) Cháin an gearánach freisin roghnú na hIndinéise mar thír ionadaíoch toisc nach raibh táirgeoir Indinéiseach eistear aicrileach ann a raibh ráitis airgeadais dá chuid ar fáil go héasca agus toisc go raibh ar an gCoimisiún brath ar tháirgeoir formaildéid mar ionadach chun costais SGA agus brabús a ríomh. De réir an ghearánaigh, ní raibh táirgeadh formaildéid inchomparáide go teicniúil ná go heacnamaíoch le monarú eistear aicrileach, agus ba chúis bhreise í easpa sonraí airgeadais ó tháirgeoir iarbhír nó ó tháirgeoir a bhí inchomparáide go dlúth nach tír ionadaíoch oiriúnach í an Indinéis faoi Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(232) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Mar a mhínítear in aithrisí (215) go (223), bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán agus ar an bhfaisnéis ábhartha is fearr a bheith ar fáil go héasca.

(233) Cé gur admhaigh an Coimisiún nach raibh ráitis airgeadais aonair ó tháirgeoir Indinéiseach an táirge faoi imscrúdú ar fáil go héasca, níor shainaithin na gearánaigh aon chuideachta mhalartach Indinéiseach a bheadh níos inchomparáide, ná níor mhol siad aon tír ionadaíoch mhalartach a sholáthródh faisnéis airgeadais ábhartha níos iomchuí a bheadh ar fáil go héasca agus na critéir roghnúcháin ábhartha á gcomhlíonadh aici ag an am céanna.

(234) Dá réir sin, mheas an Coimisiún nár chuir úsáid na cuideachta ionaid a roghnaíodh bac ar an Indinéis a roghnú mar an tír ionadaíoch.

(235) Mar mhalairt air sin, mhol an gearánach modheolaíocht hibrideach chun an gnáthluach a ríomh. D'áitigh sé gur cheart don Choimisiún an Bhrasaíl a úsáid mar fhoinse na dtagarmharcanna le haghaidh na dtosca táirgeachta, agus brath ar ráitis airgeadais Intanwijaya Internasional san Indinéis chun costais SGA agus brabús a ríomh.

(236) D'áitigh sé go gceadaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán agus le cleachtas an Choimisiúin roimhe seo foinsí éagsúla neamhshaofa a úsáid le haghaidh eilimintí éagsúla den ghnáthluach ríofa, i gcás ina soláthraítear sonraí tagarmhairc níos iomchuí dá bharr sin.

(237) Thug an Coimisiún faoi deara nach raibh gá le cur chuige den sórt sin ós rud é go raibh na sonraí uile ba ghá chun an gnáthluach a ríomh ar fáil sa tír ionadaíoch iomchuí. Go deimhin, mar a mhínítear in aithrisí (215) go (223), shuigh an Coimisiún go raibh sonraí iomchuí ar fáil go héasca san Indinéis chun an gnáthluach a ríomh.

(238) Ar deireadh, d'áitigh an gearánach, agus an mhodheolaíocht a mhínítear in aithris (223) á cur i bhfeidhm agus cuideachta faoin gcód NACE céanna le heistir aicrileacha á roghnú, gur cheart don Choimisiún táirgeoir gníomhach eile formaildéid san Indinéis (i.e. PT Duta Pertiwi Nusantara Tbk), a raibh ráitis airgeadais aonair dá chuid do 2025 ar fáil go poiblí, a roghnú freisin in éineacht le Intanwijaya Internasional.

(239) Rinne an Coimisiún anailís ar chuntais airgeadais 2025 PT Duta Pertiwi Nusantara Tbk agus tháinig sé ar an gconclúid nach bhféadfaí an chuideachta a mheas mar fhoinse méideanna neamhshaofa réasúnacha le haghaidh costais SGA agus brabúis, ós rud é nár léirigh a feidhmíocht airgeadais gnáthdhálaí oibriúcháin. De réir a cuntas iniúchta foilsithe, scoir an chuideachta den táirgeadh go buan i mí Feabhra 2025, ([141]) rud a d'fhág gur tháinig laghdú thart ar 84 % ar ioncam i gcomparáid le 2024; b'ionann costais SGA agus thart ar 100 % de na glandíolacháin, rud a léirigh forchostais sheasta a bhí scaipthe thar bhonn díolachán laghdaithe; agus bhí an glantoradh inchurtha go príomha i leith ioncaim neamhoibriúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([141]) 2025 Audited Financial Statements - PT DPNS Tbk – lch. 87, (arna rochtain go deireanach an 2 Deireadh Fómhair 2026).

3.2.4.4. Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(240) Tar éis a shuí gurb é an Indinéis an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.4.5. Conclúid

(241) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Indinéis na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.5. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(242) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(243) Luadh sa nóta FOP go n-úsáidfeadh an Coimisiún GTA chun costais neamhshaofa na dtosca táirgeachta, go háirithe na n-amhábhar, a shuí chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Ina theannta sin, leag an Coimisiún amach na foinsí le haghaidh tosca táirgeachta eile.

(244) Mar gheall ar an líon mór tosca táirgeachta a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus ar chion diomaibhseach roinnt de na hamhábhair sa chostas táirgthe iomlán, dhéanfaí na míreanna diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'earraí inchaite'.

(245) Ríomhfaí céatadán na n-earraí inchaite ar bhonn chostas iomlán na n-amhábhar agus chuirfí i bhfeidhm é ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa a suíodh sa tír ionadaíoch iomchuí á n-úsáid.

3.2.6. *Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa*

3.2.6.1. Tosca táirgeachta

(246) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra (CC6)	Aonad tomhais	Luach aonaid	Foinse
AMHÁBHAIR				
Próipiléin	2901 22	MT	6 037 CNY/t	Global Trade Atlas
n-Bútánól	2905 13	MT	6 036 CNY/t	Global Trade Atlas
2-Eitilheacsánól	2905 16	MT	8 064 CNY/t	Global Trade Atlas
Aigéad aicrileach agus a shalainn	2916 11	MT	8 029 CNY/t	Global Trade Atlas
Própán	2711 12	MT	3 850 CNY/t	Global Trade Atlas
COSTAIS SAOTHAIR	neamhbhainteach	Uaireanta an chloig oibrithe	46,16 CNY/h	ERI SalaryExpert
LEICTREACHAS	neamhbhainteach	kWh	0,47 CNY/kWh	Perusahaan Listrik Negara (PLN)

(247) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Mínítear an mhodheolaíocht sin i roinn 3.2.6.6.

3.2.6.2. Amhábhair

(248) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis.

(249) Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([142]).

(250) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (107) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(251) An costas iompair arna thabhú ag táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríocha as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.6.3. Saothar

(252) Sa Nóta FOP, thug an Coimisiún le fios go n-úsáidfeadh sé an fhaisnéis a chuir ERI SalaryExpert ([143])ar fáil maidir le meántuarastal oibrithe ceimiceán san Indinéis, bunaithe ar shuirbhéanna tuarastail a bailíodh ó fhostóirí agus ó fhostaithe san Indinéis. Thug sé le fios freisin go gcuirfeadh sé leis na costais bhreise éigeantacha a bhaineann le saothar agus a íocann an fostóir, lena n-áirítear árachas tionóiscí oibre (JKK), an sochar seanaoise (JHT), árachas saoil (JKM), an ranníocaíocht leis an scéim pinsin (JP) agus árachas sláinte náisiúnta (BPJS) ([144]).

(253) Tar éis an Nóta FOP, d'áitigh an gearánach gur mheas an Coimisiún costais saothair iarbhír fhostóirí na hIndinéise faoina luach. Go háirithe:

(254) Níor aontaigh an gearánach le húsáid meánráta don JKK ag an gCoimisiún, ráta a d'fhéadfadh a bheith idir 0,24 % agus 1,74 % den phá, ag brath ar chontúirt na hoibre. Ós próiseas peitriceimiceach ardriosca é táirgeadh eistear aicrileach, ba cheart an t-uasráta JKK (1,74 %) a chur i bhfeidhm, a fhreagraíonn don chatagóir riosca is airde in aicmiú riosca BPJS ([145]) seachas ráta níos ísle laistigh den raon 0,24 % – 1,74 %.

(255) Níor áiríodh an bónas saoire reiligiúnaí (THR) ná an ranníocaíocht leis an gclár árachais dífhostaíochta (JKP) i measc na gcostas breise éigeantach a bhaineann le saothar agus a íocann fostóirí.

([142]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

([143]) Chemical Worker Salary in Indonesia (2026) - ERI SalaryExpert, (arna rochtain go deireanach an 26 Meitheamh 2026).

([144]) Indonesia: Mandatory Benefits, Payroll & Taxes Info | Papaya Global, (arna rochtain go deireanach an 26 Meitheamh 2026).

([145]) Regulation on social security schemes, arna rochtain go deireanach an 14/07/2026.

(256) Bhí an Coimisiún ag brath ar mheánchostas saothair náisiúnta d'oibrithe ceimiceán. Ina ionad sin, ba cheart dó íosphá earnála Banten, áit a bhfuil an t-aon táirgeoir Indinéiseach a sainaithníodh, PT Nippon Shokubai Indonesia, lonnaithe, arna iolrú faoi 2,5 chun leibhéil phá oibrithe a bhfuil taithí acu a léiriú, nó sonraí sonracha ó fhoilseachán BPS Statistics of Indonesia Manufacturing Industry 2023 ([146]), a chur i bhfeidhm.

(257) Ar an gcéad dul síos, ní liostaítear táirgeadh eistear aicrileach go sainráite in aicmiú riosca BPJS. Mar sin féin, de réir chóras oifigiúil caighdeánach aicmithe tionsclaíoch na hIndinéise (KBLI), ([147]) aicmítear tionscal na gceimiceán bunúsach ó pheitriliam, gás nádúrtha agus gual mar thionscal ardriosca. Dá bhrí sin, i bhfianaise chineál guaiseach tháirgeadh eistear aicrileach, mheas an Coimisiún gur inchreidte go raibh sé sa chatagóir riosca is airde de chuid BPS. Ar an mbonn sin, d'aontaigh an Coimisiún leis an ngearánach gur cheart an t-uasráta 1,74 % a chur i bhfeidhm agus an costas saothair in aghaidh na huaire á ríomh, seachas meánráta.

(258) Ar an dara dul síos, chinn an Coimisiún gur muirear éigeantach a bhí sa THR go deimhin, a bhí comhionann le pá comhlán míosa iomláine, ([148]) agus gur cheart é a chur le ríomh an chostais saothair dá bhrí sin. Mar sin féin, chinn an Coimisiún nach costas breise don fhostóir a bhí sa JKP, ós rud é go raibh an chuid den JKP a mhaoinigh an fostóir san áireamh sa ranníocaíocht JKK féin agus nár íocadh ar leithligh sa bhreis uirthi í. ([149]) Dá bhrí sin, ní raibh údar le haon suim bhreise a chur leis le haghaidh JKP.

(259) Ar deireadh, mheas an Coimisiún go raibh na meáin náisiúnta fós ina dtagarmharc iontaofa, ós rud é gur sonraí iarbhír ó thacar sonraí leathan ionadaíoch d'oibrithe ceimiceán a bhí sna sonraí a thiomsaigh ERI SalaryExpert. Thairis sin, ní raibh bunús leis an iolraitheoir 2,5 a moladh do phá oibrithe a bhfuil taithí acu, a bhí le cur i bhfeidhm ar íosphánna earnála, agus, ar aon chuma, ní bheadh an figiúr a thiocfadh as sin mórán difriúil leis an leibhéal tuarastail a d'úsáid an Coimisiún. A mhéid a bhaineann leis an moladh sonraí sonracha ó fhoilseachán BPS *Statistics of Indonesia Manufacturing Industry 2023* a úsáid, ní raibh an Coimisiún in ann na sonraí ábhartha a shainaithint san fhoinse sin, ná níor chuir an gearánach ar fáil iad.

3.2.6.4. Leictreachas

(260) Sa Nóta FOP, thug an Coimisiún le fios go raibh sé beartaithe aige praghas an leictreachais do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) san Indinéis, arna fhoilsiú ag GlobalPetrolPrices, a úsáid. D'úsáid an Coimisiún an praghas leictreachais gnó a foilsíodh do mhí na Nollag 2025. ([150]) Bhí taraif GlobalPetrolPrices bunaithe ar ráta fuinnimh an tsoláthraí aonair Indinéisigh Perusahaan Listrik Negara (PLN).

(261) Tar éis an Nóta FOP, d'áitigh an gearánach go raibh rialtas na hIndinéise ag fóirdheonú PLN agus, dá bhrí sin, nárbh fhíorphraghas margaidh neamhshaofa a bhí ina tharaif leictreachais.

(262) Mhaígh an gearánach freisin nár léirigh an praghas ó GlobalPetrolPrices.com ach an bhuntaraif fuinnimh, agus nár áiríodh ann comhpháirteanna breise éigeantacha billeála amhail muirir éilimh, iolraitheoirí buaicthréimhse de réir am úsáide, pionóis as cumhacht fhreasaitheach, agus CBL.

(263) Chinn an Coimisiún go raibh taraifí leictreachais na hIndinéise roinnte i gcatagóirí fóirdheonaithe agus neamhfhóirdheonaithe. Cé go raibh na rátaí taraife fóirdheonaithe beartaithe do theaghlaigh bheaga agus do theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste a raibh riachtanais ísealvoltais acu ([151]), níor sainaithníodh an taraif thionsclaíoch a d'úsáid an Coimisiún agus a bhí infheidhme maidir le tomhaltóirí tionsclaíocha meánvoltais mar tharaif fhóirdheonaithe. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, nár suíodh leis an bhfíoras go raibh fóirdheontais ann do chustaiméirí áirithe de chuid PLN go raibh an taraif thionsclaíoch a d'úsáid an Coimisiún fóirdheonaithe nó saofa. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([146]) Statistics of Indonesia Manufacturing Industry 2023 - BPS-Statistics Indonesia, (arna rochtain go deireanach an 14 Iúil 2026).
([147]) KBLI 20116: Basic Chemical Industry from Petroleum, N... · Open to PMA, (arna rochtain go deireanach an 14 Iúil 2026).
([148]) Regulation Religious Holiday Allowance, (arna rochtain go deireanach an 14 Iúil 2026).
([149]) Regulation on JKP, (arna rochtain go deireanach an 14 Iúil 2026).
([150]) https://www.globalpetrolprices.com/Indonesia/electricity_prices/ (arna rochtain go deireanach an 8 Iúil 2026).
([151]) PERMEN ESDM NO. 3, BN 2024/NO. 77, 10 HLM, (arna rochtain go deireanach an 17 Lúnasa 2026).

(264) Maidir leis an dara maíomh, rinne an Coimisiún anailís ar na rátaí taraife d'úsáideoirí tionsclaíocha (catagóir I-3) arna bhfoilsiú ag PLN. ([152]) Maidir leis an gcatagóir sin, níl na comhpháirteanna breise billeála infheidhme go praiticiúil.

(265) Níl aon mhuirear seasta éilimh ann: ní áirítear sa taraif ach íosteorainn bhilleála atá comhionann le 40 uair an chloig de thomhaltas ag an acmhainn chonarthach, nach ngníomhachtaítear ag gnáthleibhéil úsáide tionsclaíche.

(266) Ní ghearrtar aon fhormhuirear de réir am úsáide, ós rud é go mbilleálann PLN buaicuaireanta agus uaireanta seachbhuaice ag an ráta céanna faoi láthair.

(267) Is éard is fuinneamh freasaitheach ann an leictreachas is gá chun réimse leictreamaighnéadach ailtéarnach a chothabháil i dtrealamh ionduchtach amhail mótair agus claochladáin, gan aon obair mheicniúil dhíreach a dhéanamh. Úsáideann sé acmhainn na heangaí fós agus, dá bhrí sin, gearrann soláthraithe leictreachais muirear breise nuair a úsáideann saoráid an iomarca de i gcoibhneas lena tomhaltas iarbhír leictreachais. Socraíonn an Indinéis a tairseach nach ngearrtar pionós faoina bun ag fachtóir cumhachta ([153]) 0.85. Leagtar síos caighdeán níos déine i rialacháin na Síne féin agus ceanglaítear ar úsáideoirí tionsclaíocha fachtóir cumhachta 0,90 a choinneáil. ([154]) Agus tairseach chomhlíontachta na hIndinéise féin á cur i bhfeidhm, ní thabhódh saoráid a choinníonn an fachtóir cumhachta a cheanglaítear faoi rialacha na Síne féin aon fhormhuirear ar fhuinneamh freasaitheach.

(268) Ar deireadh, is cáin ionchuir atá inghnóthaithe go hiomlán é CBL do cheannaitheoir tionsclaíoch atá cláraithe le haghaidh CBL. Diúltaíodh, dá bhrí sin, do na maímh.

(269) Mar sin féin, rinne an Coimisiún an tagarmharc leictreachais a athríomh agus úsáid á baint aige as an taraif a d'fhoilsigh PLN, ach rinne sé í a choigeartú chun an cháin réigiúnach éigeantach ar shoilsiú sráide a léiriú, ([155]) arna ríomh mar chéatadán den mhéid leictreachais a billeáladh.

3.2.6.5. Tomhaltáin

(270) Mar gheall ar an líon mór tosca táirgeachta a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus meáchan diomaibhseach roinnt de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, measadh gur tomhaltáin iad cuid de na tosca táirgeachta. Ríomh an Coimisiún céatadán na dtomhaltán i gcostas iomlán an táirgthe agus chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar an gcostas táirgthe athríofa bunaithe ar thagarmharcanna.

3.2.6.6. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

(271) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(272) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(273) Chun méid neamhshaofa réasúnach do chostais SGA agus do bhrabús a shuí, bhí an Coimisiún ag brath ar dtús ar shonraí airgeadais Intanwijaya Internasional le haghaidh 2025, arna n-eastóscadh ó Orbis.

([152]) Tariff Adjustment, (arna rochtain go deireanach an 17 Lúnasa 2026).

([153]) Tomhaiseann an fachtóir cumhachta a éifeachtúla a úsáidtear leictreachas. Is é an sciar den chumhacht iomlán a sholáthraítear a dhéanann obair úsáideach iarbhír é, arna shloinneadh mar uimhir idir 0 agus 1. Ciallaíonn fachtóir cumhachta íseal go bhfuil níos mó den chumhacht "á cur amú" mar chumhacht fhreasaitheach, nach ndéanann obair úsáideach ach a shreabhann tríd an gcóras fós.

([154]) National Development and Reform Commission's Power Supply Business Rules, arna rochtain go deireanach an 26 Lúnasa 2026.

([155]) perda-kota-cilegon-13-2011-ppj.pdf + Definition of Street Lighting Tax | JDIH Ministry of Finance, (arna rochtain go deireanach an 17 Lúnasa 2026).

(274) Tar éis an Nóta FOP, chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin Pinghu Petro agus Huayi in iúl gur cheart ráitis airgeadais iarbhír Intanwijaya Internasional, a bhí ar fáil go poiblí, a úsáid toisc go raibh i bhfad níos mó mionsonraí iontu ná sna sonraí Orbis a d'úsáid an Coimisiún.

(275) Bunaithe ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh i ráitis airgeadais Intanwijaya Internasional le haghaidh 2025, ([156]) áiríodh costais lasta sna costais SGA. Mhaígh Pinghu Petro agus Huayi, ós rud é gur asbhaineadh costais lasta ón bpraghas onnmhairiúcháin cheana féin, gur cheart na costais sin a eisiamh ó na costais SGA i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin.

(276) Bunaithe ar mhiondealú mionsonraithe na gcostas SGA i ráitis airgeadais Intanwijaya Internasional, d'aontaigh an Coimisiún gur cheart costais lasta a eisiamh ó na costais SGA chun go bhféadfaí an gnáthluach ríofa a choigeartú go dtí an leibhéal trádála céanna leis an bpraghas onnmhairiúcháin.

3.2.7. *Ríomh an ghnáthluacha*

(277) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(278) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i Roinn 3.2.6.2.

(279) A luaithe a suíodh an costas monaraíochta neamhshaofa, chuir an Coimisiún chun feidhme costas SGA agus an brabús leis mar a luaitear in aithrisí (272) agus (273).

(280) Ba é 13,43 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 10,40 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

(281) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.2.8. *An praghas onnmhairiúcháin*

(282) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(283) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh chuig an Aontas trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a d'íoc na chéad chustaiméirí neamhchomhlachaithe (i.e. na trádálaithe neamhchomhlachaithe) iarbhír nó a bhí iníoctha acu as an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.2.9. *Comparáid*

(284) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh.

(285) Sa chás seo, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ag an leibhéal trádála díreach ón monarcha ([157]). Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

([156]) Financial Reports – Intan Wijaya International, (arna rochtain go deireanach an 17 Lúnasa 2026).

([157]) Is téarma trádála é Díreach ón Monarcha (EXW) faoina bhfuil an díoltóir freagrach as earraí a chur ar fáil ag a áitreabh féin, agus faoina nglacann an ceannaitheoir leis na costais agus na rioscaí uile le linn an iompair.

3.2.9.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(286) Suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh chostais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin

3.2.9.2. Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(287) Chun an praghas onnmhairiúcháin a thabhairt ar ais go dtí an leibhéal trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe le haghaidh lasta, árachais, láimhseála, luchtaithe agus costais choimhdeacha.

(288) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa agus táillí bainc.

3.2.10. *Corrlaigh dhumpála*

3.2.10.1. I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha

(289) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(290) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán.

(291) Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

3.2.10.2. I gcás cuideachtaí neamh-chomhoibríocha

(292) Maidir leis na honnmhairiúcháin eile uile, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(293) Is é an leibhéal comhair cainníocht onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas, arna sloinneadh mar chion d'allmhairí iomlána ón tír lena mbaineann chuig an Aontas sa tréimhse imscrúdúcháin, de réir shonraí Eurostat.

(294) Is ard an leibhéal comhoibrithe a bhí ann sa chás seo ós rud é go raibh níos mó ná 90 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála do na hallmhairí eile uile a shuí ag leibhéal na cuideachta comhoibríche sampláilte a raibh an corrlach dumpála ab airde aici.

(295) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
an tSín	Shanghai Huayi New Material Co., Ltd.	29,0
	Pinghu Petro Chemical Co., Ltd.	22,3
	Cuideachtaí comhoibríocha eile de chuid na Síne san Iarscríbhinn	23,9
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	29,0

3.3. **Stáit Aontaithe Mheiriceá**

3.3.1. *An Gnáthluach*

(296) Chomhoibrigh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin, The Dow Chemical Company Group ('Dow US'), a chuimsíonn na táirgeoirí Rohm & Haas (R&H) agus Union Carbide Corporation (UCC), leis an imscrúdú. Níor sainaithníodh aon táirgeoir onnmhairiúcháin eile i Stáit Aontaithe Mheiriceá a d'onnmhairigh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(297) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús lena fháil amach cé acu a bhí méid iomlán de dhíolacháin intíre Dow US ionadaíoch nó nach raibh, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann . Ar an mbonn sin, bhí díolacháin iomlána Dow US den táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(298) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirge a dhíol Dow US ar an margadh intíre a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirge a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas agus a raibh díolacháin intíre ionadaíocha acu.

(299) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin le fáil amach an raibh na díolacháin intíre a rinne Dow US ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún go raibh díolacháin intíre gach cineáil táirge ionadaíoch don táirgeoir onnmhairiúcháin.

(300) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(301) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar phraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, breis agus 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(302) Sa chás sin, is é atá sa ghnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(303) Is é atá sa ghnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn ná tréimhse imscrúdúcháin, más rud é:

(a) go bhfuil 80 % nó níos lú de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge i gceist le méid díolachán brabúsach an chineáil táirge sin: nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(304) Léiríodh san anailís ar dhíolacháin intíre go raibh níos lú ná 80 % de na díolacháin intíre uile de na cineálacha táirge a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirge a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas brabúsach. Dá réir sin, i gcás gach cineáil táirge, ríomhadh an gnáthluach mar an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, agus díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin amháin á gcur san áireamh.

3.3.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(305) D'onnmhairigh Dow Chemical chuig an Aontas go hindíreach trí Dow Europe, allmhaireoir comhlachaithe atá lonnaithe san Eilvéis.

(306) Leagadh síos an praghas onnmhairiúcháin i gcomhair díolachán arna ndéanamh trí Dow Europe ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus de réir na mbrabús a fabhraíodh.

(307) Fuarthas go raibh tionchar iomlán ag an gcomhlachas idir an dá chuideachta ar bhrabús Dow Europe, ós rud é gur leithdháil Dow US go díreach é. Níorbh ionann praghas an aistrithe, dá bhrí sin, agus praghas a suíodh le hidirbheartaíocht le hallmhaireoir neamhspleách. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, nach raibh corrlach brabúis Dow Europe réasúnach. De bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, meastar gur iomchuí é corrlach réasúnta brabúis a úsáid atá neamhspleách ar an gcorrlach iarbhír a eascraíonn as an bpraghas aistrithe chun aon éifeacht a chuirfeadh as a riocht é agus a d'fhéadfadh eascairt as an bpraghas aistrithe a sheachaint, i gcomhréir le cásdlí suite chúirteanna an Aontais.

(308) Chomhoibrigh dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe leis an imscrúdú, ach bhí siad ag déanamh caillteanais. In éagmais aon bhrabús réasúnach ó na hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe comhoibríocha, chinn an Coimisiún dul i muinín an chorrlaigh brabúis a úsáideadh in imeacht roimhe sin maidir le táirge ceimiceach eile a mhonaraigh tionscal comhchosúil agus a allmhairíodh faoi imthosca comhchosúla, eadhon corrlach brabúis 6,89% ([158]) a suíodh san imscrúdú ar alcóil pholaivinile ('PVA'). I dtuairim an Choimisiúin is é an corrlach brabúis sin an bunús is oibiachtúla atá ar fáil chun teacht ar mheastachán sásúil maidir le praghas onnmhairiúcháin ar neamhthuilleamaí.

3.3.3. *Comparáid*

(309) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála *díreach ón monarcha*. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal *díreach ón monarcha*; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

(310) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar dhleacht chustaim, muirir eile ar allmhairí, lasta, árachas, láimhseáil luchtaithe agus costais choimhdeacha.

(311) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costas creidmheasa, muirir bhainc agus coimisiúin.

3.3.4. *Corrlaigh dhumpála*

3.3.4.1. I gcás an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch

(312) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

3.3.4.2. I gcás na n-onnmhairí eile uile

(313) Maidir leis na honnmhairiúcháin eile uile, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

([158]) Aithris (352) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020, lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí d'alcól polaivinile áirithe ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 315, 29.9.2020, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1336/oj).

(314) Ós rud é gurbh ionann onnmhairí an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch agus na hallmhairí uile ó Stáit Aontaithe Mheiriceá le linn na tréimhse imscrúdúcháin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála do na hallmhairí eile uile a shuí ag leibhéal na cuideachta comhoibríche.

(315) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Dow Chemical Company	61,9
	Gach allmhaire eile de thionscnamh SAM	61,9

(316) I dtuairim Dow, mura gcuireann an Coimisiún deireadh leis an imscrúdú maidir le Stáit Aontaithe Mheiriceá, ba cheart allmhairí Dow ó Stáit Aontaithe Mheiriceá atá ceaptha le haghaidh úsáid faoi chuing a eisiamh ó raon feidhme aon dleachtanna frithdhumpála.

(317) Fuarthas nach raibh an cur chuige a mhol Dow inchosanta, ós rud é nach bhforáiltear don fhéidearthacht sin faoin gcreat dlíthiúil is infheidhme. Tá na dleachtanna a fhorchuirtear infheidhme maidir le hallmhairí ó thír ar leith lena mbaineann, beag beann ar an onnmhaireoir agus ar aon chleamhnacht a d'fhéadfadh a bheith ag an onnmhaireoir leis na ceannaitheoirí san Aontas. Thairis sin, mar a suíodh, bhí allmhairí Dow ó Stáit Aontaithe Mheiriceá in iomaíocht le díolacháin intíre thionscal an Aontais, beag beann ar cé acu chuig eintitis chomhlachaithe de chuid Dow nó chuig an margadh tráchtála a chuaigh siad ar deireadh. Dá bhrí sin, chuirfeadh aon eisiamh ó dhleachtanna bac ar chuspóir fhorchur na ndleachtanna, is é sin trádáil chóir a athbhunú san Aontas. Diúltaíodh do mhaíomh Dow dá bhrí sin.

3.4. **Poblacht na hAfraice Theas**

3.4.1. *An Gnáthluach*

(318) Chomhoibrigh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin, Sasol South Africa, leis an imscrúdú. Níor sainaithníodh aon táirgeoir onnmhairiúcháin eile san Afraic Theas.

(319) Scrúdaigh an Coimisiún ar dtús cé acu a bhí méid iomlán dhíolacháin intíre Sasol ionadaíoch nó nach raibh, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann .

(320) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirge a dhíol Sasol ar an margadh intíre a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirge a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas agus a raibh díolacháin intíre ionadaíocha acu.

(321) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin le fáil amach an raibh na díolacháin intíre a rinne Sasol ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas.

(322) Cé gur chinn an Coimisiún go raibh cainníocht na ndíolachán intíre ionadaíoch, bhí na díolacháin uile ar an margadh intíre ag déanamh caillteanais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar thoradh air sin, ríomh an Coimisiún an gnáthluach bunaithe ar an gcostas monaraíochta, móide méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis.

(323) Ós rud é nach raibh aon chostais SGA ná brabús ann i ngnáthchúrsa na trádála, d'úsáid an Coimisiún forálacha Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán mar a leanas chun na costais SGA agus an brabús a bhí le cur le costas monaraíochta Sasol South Africa a chinneadh:

(324) In éagmais aon táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch eile sa tír lena mbaineann, níorbh fhéidir na costais SGA agus an brabús a shuí faoi Airteagal 2(6)(a) den bhun-Rialachán. Bhreithnigh an Coimisiún freisin cé acu a d'fhéadfaí na costais SGA agus an brabús a shuí ar bhonn méideanna a réadaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin as táirgeadh agus díolacháin, i ngnáthchúrsa na trádála, den chatagóir ghinearálta chéanna táirgí ar mhargadh intíre na hAfraice Theas, i gcomhréir le hAirteagal 2(6)(b) den bhun-Rialachán, nó nach bhféadfaí. Mar sin féin, fuarthas nach raibh na díolacháin sin den chatagóir ghinearálta chéanna táirgí brabúsach.

(325) Ní fhéadfadh an Coimisiún na costais SGA agus an brabús a bhunú ar shonraí aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha eile a chumhdaítear leis an imscrúdú seo ach oiread, ar chúiseanna rúndachta.

(326) Dá bhrí sin, bhunaigh an Coimisiún na costais SGA agus an brabús ar mhodh réasúnach a leagtar amach in Airteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán, eadhon na costais SGA a bhaineann le díolacháin intíre an táirge faoi imscrúdú, agus d'úsáid sé an brabús a rinne Sasol ina iomláine mar an brabús a réadaítear de ghnáth.

(327) Chinn an Coimisiún go raibh brabús Sasol a úsáideadh chun an gnáthluach a ríomh faoi bhun na huasteorann brabúis a cheanglaítear le hAirteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán.

3.4.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(328) Rinneadh díolacháin uile Sasol South Africa chuig an Aontas trí allmhaireoir comhlachaithe sa Ghearmáin. Dá bhrí sin, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

(329) Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus le haghaidh brábús réasúnach. I gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán, ba é 6,89 % brabús tuairiscithe an allmhaireora chomhlachaithe, mar a leagtar amach in aithris (308) thuas.

3.4.3. *Comparáid*

3.4.3.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(330) Suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh chostais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin Ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

3.4.3.2. Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(331) Chun an praghas onnmhairiúcháin a thabhairt ar ais go dtí an leibhéal trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe le haghaidh lasta, árachais, láimhseála, luchtaithe agus costais choimhdeacha.

(332) Rinneadh coigeartuithe ansin le haghaidh costas creidmheasa agus coimisiúin a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.4.4. *Corrlaigh dhumpála*

3.4.4.1. I gcás an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch

(333) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

3.4.4.2. I gcás na n-onnmhairí eile uile

(334) Maidir leis na honnmhairiúcháin eile uile, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(335) Ós rud é gurbh ionann onnmhairí an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch agus na hallmhairí iomlána ón Afraic Theas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála do na hallmhairí eile uile a shuí ag leibhéal an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch.

(336) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
an Afraic Theas	Sasol South Africa Ltd	83,1
	Na hallmhairí eile uile de thionscnamh na hAfraice Theas	83,1

3.5. **Corrlaigh dumpála sealadacha**

(337) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
an tSín	Shanghai Huayi New Material Co., Ltd.	29,0
	Pinghu Petro Chemical Co., Ltd.	22,3
	Cuideachtaí comhoibríocha eile de chuid na Síne san Iarscríbhinn	23,9
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	29,0
an Araib Shádach	Gach allmhairiú de thionscnamh na hAraibe Sádaí	40,3
an Afraic Theas	Sasol South Africa Ltd	83,1
	Na hallmhairí eile uile de thionscnamh na hAfraice Theas	83,1
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Dow Chemical Company	61,9
	Gach allmhaire eile de thionscnamh SAM	61,9

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(338) Rinne ceithre tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(339) Suíodh gur thart ar 490 000 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr bunaithe ar fhreagraí fíoraithe na dtáirgeoirí sampláilte ar an gceistneoir agus ar an bhfreagra ar an gceistneoir a chuir Dow Europe GmbH ('Dow Europe' nó 'Dow') isteach. Ba é a bhí sna táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus in Dow Europe táirgeacht uile an Aontais den táirge comhchosúil.

4.2. **Margadh ábhartha an Aontais a Chinneadh**

(340) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ba ghá, an úsáid a baineadh as táirgeacht thionscal an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil a chur san áireamh san anailís.

(341) Chinn an Coimisiún go raibh cuid shubstaintiúil de tháirgeacht AE na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ceaptha le haghaidh úsáid faoi chuing (thart ar 55 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú) ag táirgeoirí an Aontais nó ag a gcuideachtaí comhlachaithe chun easruithe aicrileacha nó breiseáin a tháirgeadh iartheachtach. Is minic nach ndearnadh ach an táirge a aistriú (gan sonrasc) agus/nó é a sheachadadh ar phraghsanna aistrithe laistigh den ghrúpa céanna cuideachtaí (nach raibh saor-rogha soláthraí acu) chun tuilleadh próiseála iartheachtaí a dhéanamh air.

(342) Is ábhartha an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus saormhargadh a mhéid a bhaineann leis an anailís díobhála toisc nach nochtar táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeacht a bhfuil sé beartaithe í a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann.

(343) Chun léargas atá chomh hiomlán agus is féidir a sholáthar ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh gníomhaíocht iomlán an Aontais agus chinn sé an raibh an táirgeacht beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing nó le haghaidh an tsaormhargaidh.

(344) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais ar bhonn sonraí maidir leis an saormhargadh. Is iad na táscairí sin méid díolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; n sciar den mhargadh; fás; méid agus praghsanna na n-onnmhairí; brabúsacht; toradh ar infheistíocht; agus sreabhadh airgid. I gcás ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí don mhargadh faoi chuing chun léargas níos iomláine a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.

(345) Ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais. Is iad sin: táirgeacht; acmhainneacht, úsáid acmhainneachta; infheistíochtaí; stoic; fostaíocht; táirgiúlacht; tuarastail; agus an cumas caipiteal a chruinniú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, bíodh an táirgeacht faoi chuing nó arna díol ar an saormhargadh.

(346) Ós rud é gur tháinig laghdú níos lú ar an tomhaltas faoi chuing ná ar an tomhaltas ar an saormhargadh agus gur lean sé an patrún céanna leis an athrú ar thomhaltas an tsaormhargaidh le linn fhormhór na tréimhse faoi bhreathnú (b'ionann sciar an tomhaltais faoi chuing agus 38-41 % de thomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ina hiomláine), bhí an anailís ar an margadh faoi chuing teoranta agus díríodh go príomha ar an staid ar an saormhargadh san Aontas,

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(347) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais bunaithe ar fhreagraí fíoraithe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, an onnmhaireora ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ('Dow US') agus an onnmhaireora ón Afraic Theas ('Sasol') ar na ceistneoirí, ar fhreagra Dow Europe ar an macra-cheistneoir, agus ar shonraí Eurostat.

(348) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	622 883	538 948	595 340	562 010
Innéacs	*100*	*87*	*96*	*90*
An saormhargadh	[340 056 – 415 623]	[299 113 -365 582]	[331 484 – 405 146]	[299 316 – 365 831]
Innéacs	*100*	*88*	*97*	*88*
Margadh faoi chuing	[220 538 – 269 547]	[185 940 – 227 260]	[204 322 – 249 727]	[206 492 – 252 379]
Innéacs	*100*	*84*	*93*	*94*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais Freagra Dow Europe ar an macra-cheistneoir Eurostat, ceistneoir Sasol agus Dow US.

(349) Shroich tomhaltas an Aontais (ar an saormhargadh agus mar thomhaltas iomlán araon) a leibhéal ab airde ag tús na tréimhse faoi bhreathnú. Ba í géarchéim COVID-19 roimhe sin, a chuir isteach go mór ar an slabhra soláthair agus a chuir srian ar sholáthar AE, ba chúis leis an éileamh ard in 2022 agus leis an athstocáil shuntasach ar an ábhar. In 2023, tháinig laghdú géar ar an éileamh de bharr boilsciú ard agus gníomhaíocht eacnamaíoch laghdaithe, rud a rinne difear go háirithe d'earnálacha iartheachtacha tábhachtacha do tháirgeoirí AE, amhail an tógáil, greamacháin, bratuithe agus tionscal na ngluaisteán. In 2024, tháinig cobhsaíocht ar dhálaí maicreacnamaíocha agus boilsciú ag maolú agus meon maidir leis an éileamh ag feabhsú, rud a d'fhág gur tháinig téarnamh sealadach ar an éileamh. Mar sin féin, tháinig laghdú arís ar an éileamh sa tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2024, agus úsáideoirí ag laghdú a stoc go measartha arís i gcaitheamh na bliana.

4.4. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.4.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(350) Scrúdaigh an Coimisiún ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí AE de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(351) An corrlach dumpála a suíodh i ndáil leis na hallmhairí óna tíortha lena mbaineann, bhí sé os cionn na tairsí *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán. Níor dhiomaibhseach an méid allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán. Ba iad na scaireanna margaidh sa tréimhse imscrúdúcháin [11-13]% do Stáit Aontaithe Mheiriceá, [8-10]% don tSín, [4-6]% don Afraic Theas agus [4-6]% don Araib Shádach.

(352) Ba chosúil le chéile dálaí na hiomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte óna tíortha lena mbaineann agus idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an táirge comhchosúil. Go sonrach, bhí na heistir aicrileacha allmhairithe in iomaíocht lena chéile agus leis na heistir aicrileacha a táirgeadh san Aontas toisc gur le húsáideoirí tionsclaíocha a díoladh iad ar deireadh. Thairis sin, bhí na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann uile in iomaíocht lena chéile agus le táirgeacht an Aontais, toisc go raibh a bpraghsáil bunaithe ar innéacsanna ICIS ([159]). Bhí na buntréithe céanna ag na hallmhairí uile san Aontas, rud a chiallaíonn go raibh siad go hiomlán inmhalartaithe. Meastar gur táirgí tráchtearraí iad na heistir aicrileacha atá inchomparáide beag beann ar a dtionscnamh. Thairis sin, lean allmhairí ó na tíortha uile lena mbaineann patrúin phraghsanna a bhí mórán mar an gcéanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú ina hiomláine.

(353) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus scrúdaíodh allmhairí ó na tíortha lena mbaineann go carnach chun an díobháil a chinneadh.

(354) D'áitigh Dow nár cheart don Choimisiún allmhairí ó SAM a charnadh le hallmhairí ó na tíortha eile lena mbaineann, go háirithe, an tSín. Mhaígh Dow go raibh allmhairí SAM i láthair go comhsheasmhach san Aontas fiú roimh an tréimhse faoi bhreathnú (murab ionann agus allmhairí ón tSín, mar shampla), tháinig laghdú orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus is é a bhí iontu sciar beag de thomhaltas an Aontais. Mhaígh Dow freisin nach raibh allmhairí ó SAM faoi réir coinníollacha iomaíochta cosúil le hallmhairí ón tSín, toisc go raibh praghsanna margaidh an Aontais á spreagadh ag na praghsanna an-íseal d'allmhairí AE ón tSín.

(355) Thairis sin, d'áitigh Dow nach ndíoltar ach méid teoranta allmhairí AE ó SAM ar shaormhargadh an Aontais agus go n-úsáidtear an chuid is mó dá allmhairí faoi chuing, agus nach bhfuil na méideanna sin faoi chuing in iomaíocht le díolacháin ar an saormhargadh agus nach gcuireann siad brú praghsanna ar mhargadh an Aontais.

(356) Mar a leagtar amach in aithrisí (351)-(352), comhlíonadh na coinníollacha maidir le measúnú carnach le haghaidh allmhairí SAM agus dá bhrí sin rinneadh measúnú ar allmhairí SAM in éineacht le hallmhairí ó na tíortha eile lena mbaineann agus ní raibh siad faoi réir measúnú aonair sa chás seo. Ní fhéadfadh láithreacht leanúnach ar mhargadh an Aontais roimh an tréimhse faoi bhreathnú, ná forbairt líomhnaithe mhéideanna nó phraghsanna na n-allmhairí (a lean an patrún praghsanna céanna le praghsanna allmhairiúcháin ó thíortha eile lena mbaineann in aon chás) le linn na tréimhse faoi bhreathnú an cinneadh sin a chur ó bhail mar gheall ar na torthaí a fuarthas maidir le cosúlacht na gcoinníollacha iomaíochta.

([159]) Seirbhísí Neamhspleácha Faisnéise Tráchtearraí (ICIS) Soláthraíonn ICIS sainfhaisnéis do mhargaí na gceimiceán, an fhuinnimh, an ghái, an charbóin agus an ghuail.

(357) I ndáil le cineál na n-allmhairí ó SAM a thagann isteach san Aontas, chun críocha an cháis seo agus chun meastóireacht a dhéanamh ar mhacratháscairí, caitheadh le hallmhairí uile SAM mar allmhairí a dhíoltar nó ar féidir iad a dhíol ar an saormhargadh. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil allmhairí, bídís faoi chuing nó ná bídís, in iomaíocht dhíreach le saordhíolacháin thionscal an Aontais agus go bhféadfaidís díobháil a dhéanamh dóibh, toisc go bhféadfadh gach allmhairiú a bheith ina dhíolachán caillte. Thairis sin, contrártha don mhéid a mhaígh Dow US, díoladh a n-onnmhairí i gcainníochtaí suntasacha ([15-25] kt) ar shaormhargadh an Aontais. I bhfianaise an mhéid thuas, diúltaíodh don mhaíomh

(358) D'áitigh Gantrade Europe BV ('Gantrade'), allmhaireoir neamhchomhlachaithe comhoibríoch, nár comhlíonadh na coinníollacha maidir leis an measúnú carnach ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sa chás seo. De réir Gantrade, i bhfianaise na ndifríochtaí in úsáid faoi chuing (tá cuid mhór d'onnmhairí SAM le húsáid faoi chuing), cóireáil taraife (tairbhíonn an Afraic Theas de dhleacht chustaim 0 % i gcomparáid le hallmhairí ón Araib Shádach, ó SAM agus ón tSín), treochtaí allmhairiúcháin, agus modhanna táirgthe (úsáideann táirgeoir na hAfraice Theas ceimic bunaithe ar ghual le haghaidh táirgeadh AE), ní raibh na coinníollacha iomaíochta inchomparáide ar fud na dtíortha lena mbaineann.

(359) Thairis sin, mhaígh Sasol nár cheart allmhairí ón Afraic Theas a charnadh leo siúd ó na tíortha eile lena mbaineann mar gheall ar dhálaí iomaíochta éagsúla. Go sonrach, d'áitigh Sasol nach bhfuil allmhairí ón Afraic Theas in iomaíocht leis an tSín, leis na Stáit Aontaithe, ná le tionscal an Aontais ar fud raon feidhme iomlán na gcineálacha táirgí a chumhdaítear leis an imscrúdú, ós rud é nár onnmhairigh an Afraic Theas chuig an Aontas ach cineál táirge AE amháin (BA), nach bhfuil saintréithe fisiceacha comhchosúla aige, ná nach bhfuil inmhalartaithe leis an gcineál AE eile (2EHA). Thairis sin, thug Sasol faoi deara freisin go raibh méideanna allmhairí na hAfraice Theas i bhfad níos ísle i gcomparáid le tíortha eile lena mbaineann agus gur lean praghsanna na hAfraice Theas dálaí an mhargaidh a bhí i réim seachas na praghsanna a shocrú.

(360) Ar deireadh, de réir Dow, ní raibh allmhairí ó SAM faoi réir coinníollacha iomaíochta comhchosúla toisc gur lean praghsanna allmhairiúcháin ó SAM praghsanna margaidh, seachas praghsanna socraithe.

(361) Maidir le maímh Gantrade, suíodh go bhfuil gach allmhaire, bídís faoi chuing nó ná bídís, in iomaíocht dhíreach le saordhíolacháin thionscal an Aontais agus go bhféadfaidís díobháil a dhéanamh dóibh, toisc go bhféadfadh gach allmhaire a bheith ina dhíolachán caillte. Thairis sin, ní tosca iad difríochtaí i modhanna táirgthe ná i gcóireáil taraife allmhairí áirithe a dhéanann difear ábhartha don chinneadh cibé an gcomhlíontar coinníollacha maidir le measúnú carnach faoi Airteagal 3(4)(b). Ina ionad sin, dírítear ar na dálaí foriomlána iomaíochta i dtéarmaí iompraíocht phraghsála, bealaí díolacháin, custaiméirí agus idirmhalartacht na dtáirgí arna n-allmhairiú agus arna ndíol ag táirgeoirí an Aontais agus ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sna tíortha onnmhairiúcháin eile.

(362) Maidir le maíomh Sasol, ós rud é nár allmhairigh an Afraic Theas ach cineál táirge AE amháin ar an gcaoi chéanna, níor neamhbhailíodh na conclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu. Bhí an cineál táirge a d'allmhairigh an Afraic Theas (BA) mar an gcéanna leis an gcineál táirge a tháirg agus a dhíol tíortha eile lena mbaineann agus tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, bhí allmhairí na hAfraice Theas in iomaíocht le hallmhairí eile agus le tionscal an Aontais. Cé gur dhíol onnmhaireoirí na Síne agus SAM chomh maith le táirgeoirí an Aontais cineál táirge AE breise, ní bhaineann sé sin de thoradh an Choimisiúin maidir le carnadh allmhairí na hAfraice Theas le hallmhairí eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(363) Thairis sin, agus gan beann ar fhorbairt mhéideanna allmhairí na dtíortha aonair lena mbaineann, bhí an patrún praghsanna a lean na tíortha uile lena mbaineann mar an gcéanna. Go sonrach, lean an praghas treocht anuas agus léiríodh an dinimic praghsanna chéanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú (bhain praghsanna buaicphointe amach in 2022 agus ansin tháinig laghdú géar orthu in 2023 agus d'fhan siad ar leibhéil ísle go dtí an tréimhse imscrúdúcháin i gcás na dtíortha uile lena mbaineann). Fuarthas go raibh sé chomh neamhábhartha céanna cé acu ar measadh nó nár measadh gur socraitheoir praghsanna nó glacadóir praghsanna ar an margadh í an tír lena mbaineann – tá sé tábhachtach go raibh na hallmhairí ó na tíortha uile lena mbaineann ag oibriú sa mhargadh céanna, go raibh orthu aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha céanna agus go raibh siad in iomaíocht ar deireadh thiar do na custaiméirí céanna.

4.4.2. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(364) Sa chás seo, níl ach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta amháin ag an Afraic Theas agus ag Stáit Aontaithe Mheiriceá (Sasol agus Dow US faoi seach). Chomhoibrigh onnmhaireoirí ón dá thír leis an imscrúdú. Dá bhrí sin, chun an leibhéal cruinnis is airde is féidir a áirithiú maidir leis na figiúirí allmhairiúcháin a úsáideadh, d'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le díolacháin onnmhairiúcháin le haghaidh na tréimhse faoi bhreathnú mar bhonn le haghaidh mhéideanna allmhairí na hAfraice Theas agus SAM, mar a sholáthair an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin iad.

(365) Maidir leis an tSín, in éagmais staitisticí níos mionsonraithe, d'úsáid an Coimisiún figiúirí Eurostat le haghaidh chód AC 2916 12 00 (cód custaim faoina n-aicmítear an táirge lena mbaineann, a bhféadfadh cineálacha eistear aigéid aicriligh seachas an táirge lena mbaineann a bheith san áireamh ann freisin, áfach) chun meastachán a dhéanamh ar mhéid na n-allmhairí. I ndáil leis sin, bhí staitisticí allmhairiúcháin Eurostat a úsáideadh le haghaidh na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin comhsheasmhach freisin leis na freagraí samplála a chuir onnmhaireoirí comhoibríocha AE na Síne isteach, rud a dheimhnigh tuilleadh oiriúnacht na modheolaíochta a d'úsáid an Coimisiún.

(366) Maidir leis an Araib Shádach, baineadh úsáid chomhionann as figiúirí Eurostat le haghaidh chód AC 2916 12 00 i bhfianaise neamh-chomhoibriú tháirgeoir onnmhairiúcháin na hAraibe Sádaí agus in éagmais staitisticí níos mionsonraithe. Fuarthas go raibh sé sin i gcomhréir leis an bhfreagra samplála a chuir táirgeoir onnmhairiúcháin na hAraibe Sádaí isteach.

(367) Allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 3

Cainníocht na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh ar an saormhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
na Stáit Aontaithe (tonaí)	[40 543 – 49 552]	[50 935-62 254]	[44 328 – 54 179]	[35 141 – 42 950]
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*126*	*109*	*87*
an tSín (tonaí)	51 994	33 298	45 483	29 772
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*64*	*87*	*57*
an Afraic Theas (tonaí)	[6 939 – 8 572]	[12 898 – 15 933]	[13 043 – 16 113]	[13 600 – 16 800]
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*186*	*188*	*196*
an Araib Shádach (tonaí)	6 638	11 995	17 327	15 089
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*181*	*261*	*227*
Iomlán na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann	[106 252 – 128 620]	[111 209 – 134 621]	[121 040 – 146 521]	[94 912 – 114 893]
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*105*	*114*	*89*
An sciar den mhargadh (%)	30	35	35	30
Innéacs	*100*	*119*	*117*	*101*

Foinse: Eurostat, ceistneoir Sasol agus Dow US.

(368) I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú níos lú ná 12 000 tona ar na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, tharla an laghdú sin ar allmhairí i gcomhthráth le laghdú beagnach ceithre huaire níos airde ar éileamh an Aontais (os cionn 45 000 tona). Shroich sciar iomlán den mhargadh d'allmhairí na dtíortha lena mbaineann leibhéil arda cheana féin in 2022 le linn gníomhaíocht stoc-charntha ghníomhach, ag méadú de réir a chéile ó 30 % in 2022 go sciar 35 % den mhargadh in 2023-2024. Cé gur tháinig laghdú ar sciar margaidh na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'fhan sé ard go comhsheasmhach (30 %) agus ar na leibhéil a breathnaíodh ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(369) Mhaígh Gantrade go gceanglófaí le hanailís oibiachtúil scrúdú a dhéanamh ar threochtaí allmhairiúcháin roimh 2022 chun na sonraí allmhairiúcháin a chur i gcomhthéacs go cruinn le linn na tréimhse faoi bhreathnú. De réir Gantrade, bhí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann san Aontas cheana féin roimh an tréimhse faoi bhreathnú, agus shroich siad a mbuaicphointe in 2021, nuair a líon siad an bhearna soláthair a cruthaíodh le hallmhairí laghdaithe ón Téaváin agus ón gCóiré Theas. Dar le Gantrade, tar éis 2022, lean allmhairí treocht laghdaitheach go ginearálta i gcomhréir le crapadh ar éileamh, agus thosaigh praghsanna allmhairiúcháin ag laghdú go nádúrtha freisin.

(370) Mar réamhbharúil, ba cheart an tréimhse faoi bhreathnú a bheith fada go leor chun go mbeidh an Coimisiún in ann meastóireacht chuí a dhéanamh ar na tosca agus innéacsanna eacnamaíocha ábhartha uile a bhaineann le staid thionscal an Aontais. Sa chás seo, roghnaigh an Coimisiún, i gcomhréir lena chleachtas caighdeánach, tréimhse trí bliana iomlána chomh maith leis an tréimhse imscrúdúcháin chun scrúdú a dhéanamh ar na treochtaí agus na táscairí maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil measúnú dinimiciúil ar na tosca eacnamaíocha le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gceist le measúnú díobhála an Choimisiúin agus ní hamháin na dálaí ag tús agus ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú. In aon chás, fiú dá mbreithneofaí 2021 chun críocha na hanailíse díobhála, d'fhan tábhacht choibhneasta na n-allmhairí ard le linn na tréimhse 2022-an tréimhse imscrúdúcháin agus d'fhan sciar na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ag 30 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, agus rud atá tábhachtach, ghin na hallmhairí dumpáilte ar phraghas íseal go comhsheasmhach ísliú mór praghsanna i margadh an Aontais, agus tháinig méadú ar an mbearna idir costas tháirgeoirí an Aontais agus a n-ioncam idir 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní dhéanfadh síneadh leis an tréimhse faoi bhreathnú na torthaí díobhála a leagtar amach sa Rialachán seo a neamhbhailíochtú ná a athrú ar shlí eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh Gantrade.

4.5. **Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, sladghearradh praghais agus sochtadh / laghdú praghsanna**

(371) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar an mbonn céanna le méid na n-allmhairí.

(372) Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn na bhfreagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin (sampláilte) le haghaidh allmhairí ón tSín, ó SAM agus ón Afraic Theas, agus ar bhonn phraghsanna Eurostat le haghaidh na hAraibe Sádaí.

(373) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
na Stáit Aontaithe	[1 982 – 2 423]	[1 250 – 1 527]	[1 230 – 1 504]	[1 192 – 1 457]
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*63*	*62*	*60*
an tSín	2 649	1 603	1 613	1 549
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*61*	*61*	*58*
an Afraic Theas	[1 686 – 2 820]	[1 152 – 1 423]	[1 039 – 1 283]	[927 – 1 145]
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*68*	*62*	*55*

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
an Araib Shádach	2 089	1 243	1 326	1 147
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*60*	*63*	*55*
Praghsanna allmhairí: Iomlán na dtíortha lena mbaineann	[2 077 -2 554]	[1 244–1 530]	[1 245–1 532]	[1 154– 1 420]
Innéacs (2022=100 %)	*100*	*60*	*60*	*56*

Foinse: Eurostat, ceistneoirí Sasol agus Dow US.

(374) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 44 % ar mheánphraghas in aghaidh an aonaid na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, rud a léirigh treocht anuas shoiléir in 2023, agus leanadh leis an leibhéal praghsanna íseal don chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú.

(375) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin don tSín, do SAM agus don Afraic Theas trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(a) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(b) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte na tíre arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(376) Cinneadh an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás na hAraibe Sádaí ar bhonn

(a) meánphraghsanna díola ualaithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais agus arna gcoigeartú de réir leibhéal an phraghais díreach ón monarcha agus

(b) praghas CAL bunaithe ar Eurostat, le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(377) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(378) Léirigh sé meánchorrlach sladghearrtha ualaithe 14,5 % ag na tíortha lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Ina theannta sin, fuarthas go ndearnadh sladghearradh i gcás gach tír ar leith lena mbaineann, is é sin fuarthas go ndearnadh sladghearradh [10-15] % sa tSín ar phraghsanna thionscal an Aontais, [20-25] % i gcás Stáit Aontaithe Mheiriceá, sladghearradh [11-16] % i gcás na hAfraice Theas agus go ndearnadh sladghearradh [7-10]% ([160]) i gcás na hAraibe Sádaí. In aon chás, gan beann ar na torthaí maidir le sladghearradh, thug an Coimisiún faoi deara gur lean ísliú suntasach praghsanna (mar a léirítear leis na corrlaigh ghearrdhíola) ó na hallmhairí dumpáilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a dhíol tionscal an Aontais AE faoi bhun a chostais táirgthe.

(379) Rinne an Coimisiún anailís ar phraghsanna díola agus ar chostais thionscal an Aontais freisin (mar a léirítear i dTábla 8), mar aon lena bhrabúsacht (Tábla 11) agus praghsanna allmhairiúcháin agus cainníochtaí na n-allmhairí carntha (Táblaí 3 agus 4). Ba léir gur tharla ísliú tromchúiseach praghsanna ar mhargadh an Aontais sa tréimhse 2023-tréimhse imscrúdúcháin. In 2022 cuireadh costais arda thionscal an Aontais ar aghaidh chuig custaiméirí, ach sa tréimhse imscrúdúcháin in 2023 níorbh fhéidir costais a aisghabháil a thuilleadh mar gheall ar bhrú praghsanna mhéideanna arda na n-allmhairí dumpáilte ar phraghsanna ísle a bhí ag laghdú.

([160]) Tugtar faoi deara gur cuireadh Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an Araib Shádach agus, dá bhrí sin, go n-úsáidtear staitisticí allmhairiúcháin Eurostat mar bhonn chun sladghearradh i ndáil leis an Araib Shádach a ríomh.

4.6. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.6.1. *Barúlacha ginearálta*

(380) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(381) Mar a luaitear in aithris (27), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(382) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí a thug táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir agus sa fhreagra ar an macraicheistneoir a chuir Dow Europe isteach. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(383) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolacháin, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(384) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.6.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.6.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(385) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Táirgeacht (tonaí)	511 411	433 211	510 182	492 951
Innéacs	*100*	*85*	*100*	*96*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	723 781	723 781	723 781	723 781
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*100*
Úsáid acmhainneachta	71 %	60 %	70 %	68 %
Innéacs	*100*	*85*	*100*	*96*

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir ó Dow Europe, Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(386) Léiríodh pictiúr measctha i dtáirgeadh an táirge chomhchosúil san Aontas. Cé go raibh laghdú suntasach ann in 2023, d'fhill an táirgeacht ar leibhéil 2022 in 2024 agus ansin tháinig laghdú 4 % uirthi le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig moilliú ar mhargaí iartheachtacha sa bhliain 2023 i gcomparáid le hathstocáil in 2022, rud a d'fhág go raibh éileamh maolaithe ar mhonaiméirí aicrileacha. In 2024, rinneadh an margadh a chobhsú go sealadach, áfach, agus ina dhiaidh sin bhí easpa éilimh struchtúraigh agus dístocáil athnuaite ag úsáideoirí in 2025.

(387) D'fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú ag thart ar 724 000 tona.

(388) Dá bhrí sin, lean an úsáid acmhainneachta treochtaí a bhí an-chosúil leis an méid táirgeachta, agus tháinig laghdú uirthi ar dtús in 2023 go 60 % agus ansin tháinig méadú uirthi arís beagnach go dtí leibhéil 2022 in 2024-an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí an úsáid acmhainneachta réasúnta cobhsaí, agus tháinig laghdú 3 phointe céatadáin uirthi ó 71 % in 2022 go 68 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(389) Ar an iomlán, agus mar a leagtar amach in aithris (390) agus in aithris (414) thíos, thug táirgeoirí an Aontais tús áite do mhéideanna díolachán níos airde thar chorrlaigh chun úsáid plandaí a mhéadú, rud a chuir go díreach le leibhéil táirgeachta agus ráta oibriúcháin níos airde in 2024-an tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2023.

4.6.2.2. Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(390) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh ar an saormhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Díolacháin iomlána ar an saormhargadh san Aontas (tonaí)	[167 446 – 204 657]	[148 835 – 181 909]	[189 465 – 231 568]	[184 871 – 225 954]
Innéacs	*100*	*89*	*113*	*110*
Úsáid faoi chuing ag táirgeoirí an Aontais (tonaí)	[220 538 – 269 547]	[185 940 – 227 260]	[204 322 – 249 727]	[206 492 – 252 379]
Innéacs	*100*	*84*	*93*	*94*
Díolacháin iomlána ar an saormhargadh san Aontas + úsáid faoi chuing táirgeoirí an Aontais	[387 985 – 474 204]	[334 775 – 409 169]	[393 787 – 481 295]	[391 364 – 478 334]
Innéacs	*100*	*86*	*101*	*101*
An sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais ar an saormhargadh (%)	49	50	57	62

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir ó Dow Europe, Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(391) Léirigh méid díolachán tháirgeoirí an Aontais ar an saormhargadh éagsúlachtaí suntasacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur tháinig laghdú ar mhéid na ndíolachán in 2023 mar gheall ar mhoill ghéar i ngach príomh-mhargadh deiridh (bratuithe, greamacháin, tógáil, cóireáil uisce), mar aon le dístocáil ar fud an tslabhra luacha, tháinig méadú sealadach ar mhéideanna díolachán ina dhiaidh sin in 2024, ach tháinig moill air in 2025 mar thoradh ar chrapadh éilimh breise. I dtéarmaí an sciar den mhargadh a bhí ag díolacháin an tsaormhargaidh ag táirgeoirí an Aontais, feictear méadú de réir a chéile ó 49 % go 62 % ar an sciar den mhargadh.

(392) Is léiriú é iompraíocht mhargaidh den sórt sin de chuid tháirgeoirí an Aontais ar an straitéis um chosaint méideanna, lenar fhéach tionscal an Aontais le méid díolachán ábhartha a choinneáil ar bun sa mhargadh, cé go raibh brabúsacht dhiúltach thíos leis.

(393) Is féidir treochtaí atá cosúil le staid an tsaormhargaidh a thabhairt faoi deara le haghaidh úsáid faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur tháinig laghdú géar ar an úsáid faoi chuing in 2023, tháinig méadú uirthi agus d'fhan sí cobhsaí idir 2024 agus an tréimhse imscrúdúcháin, (cé go raibh sí ar leibhéil níos ísle i gcomparáid le 2022). Thart ar 43 % de dhíolacháin iomlána/úsáid iomlán an Aontais in 2022 a bhí i ndíolacháin an tsaormhargaidh ag tionscal an Aontais agus tháinig méadú ar an gcion sin go dtí thart ar 47 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.6.2.3. Fás

(394) Tháinig laghdú 12 % agus 10 % faoi seach ar thomhaltas an tsaormhargaidh san Aontas agus ar thomhaltas iomlán an Aontais araon (lena n-áirítear an úsáid faoi chuing san Aontas) le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú 10 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais i saormhargadh an Aontais le linn na tréimhse céanna.

(395) Shroich tomhaltas an Aontais (ar an saormhargadh chomh maith leis an tomhaltas iomlán) na leibhéil is airde ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, arbh é iarmhairt COVID-19 agus athstocáil an ábhair ba chúis leis.

(396) Tháinig crapadh ar an éileamh ina dhiaidh sin in 2023 agus cé go raibh comharthaí téarnaimh le feiceáil in 2024, thit an tomhaltas arís sa tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú comhionann ar dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais, cé gur tháinig laghdú ar chorrlach níos ísle (11 %) orthu in 2023 i gcomparáid le tús na tréimhse faoi bhreathnú, agus ansin d'ardaigh siad os cionn leibhéil 2022 in 2024-an tréimhse imscrúdúcháin chun straitéis mhéide a shaothrú. Rinneadh é sin chun láithreacht ábhartha a choinneáil ar mhargadh an Aontais agus chun déileáil leis an mbrú iomaíoch a chuir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann i bhfeidhm, a lean de bheith ag sreabhadh isteach san Aontas i gcainníochtaí suntasacha agus ar phraghsanna ísle.

(397) Dá bhrí sin, cé gur mhéadaigh tionscal an Aontais an sciar den mhargadh i margadh atá ag laghdú, léirigh an cur chuige sin straitéis cosanta méideanna d'aon ghnó, a cuireadh chun feidhme mar fhreagairt ar phraghsáil agus ar bhrú méide a chuir na hallmhairí dumpáilte i bhfeidhm.

4.6.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(398) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	324	332	347	346
Innéacs	*100*	*102*	*107*	*107*
Táirgiúlacht (aonad/fostaí)	1 576	1 306	1 468	1 424
Innéacs	*100*	*83*	*93*	*90*

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir ó Dow Europe, Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(399) Léirigh an líon fostaithe méadú beag 7 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is é is cúis go príomha leis an méadú sin ar an líon foirne an méadú 15 % ar na leibhéil táirgeachta in 2024 i gcomparáid le 2023 agus coinneáil foirne sa tréimhse imscrúdúcháin d'ainneoin an laghdaithe ar an táirgeacht le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(400) Tháinig laghdú diúltach ar tháirgiúlacht in aghaidh an fhostaí in 2023. Tháinig feabhas ar an staid ansin in 2024 agus tháinig laghdú beag uirthi arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an táirgiúlacht níos ísle in 2023-an tréimhse imscrúdúcháin mar thoradh ar an teaglaim den líon daoine a bhí ag méadú go measartha agus leibhéil luaineacha táirgeachta le linn na tréimhse céanna. Ar an iomlán, tháinig laghdú 10 % ar an táirgiúlacht i dtonaí in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.6.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(401) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí óna tíortha lena mbaineann.

(402) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.6.2.6. Barúlacha na bpáirtithe

(403) Mhaígh roinnt páirtithe, is é sin Pinghu Petro, Sasol, Gantrade, agus Organik nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais faoi Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán, ós rud é gur léirigh roinnt príomhtháscairí eacnamaíocha (amhail díolacháin, sciar den mhargadh, táirgeadh) do thionscal an Aontais forbairtí dearfacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thug Pinghu Petro dá aire freisin sa chomhthéacs sin go ndearna an Coimisiún cinneadh ina chleachtas roimhe seo nach ndearnadh díobháil i gcás ina ndearnadh forbairtí dearfacha ar fhormhór na dtáscairí i dtreo dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú.

(404) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil an measúnú i ngach imscrúdú bunaithe ar na fíorais agus na himthosca san imscrúdú sin. Thairis sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na rialachán lena bhforchuirtear bearta frithdhumpála i bhfianaise rialacha dlíthiúla seachas a bheith bunaithe ar chinntí líomhnaithe roimhe seo ón gCoimisiún.

(405) Ar an dara dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, is gá measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na tosca agus na hinnéacsanna eacnamaíocha ábhartha uile a bhfuil tionchar acu ar staid an tionscail chun measúnú a dhéanamh ar dhíobháil. Is éard atá i gceist leis an measúnú breithmheas iomlánaíoch ar thosca maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha araon, agus ní gá go dtugann ceann amháin nó níos mó de na tosca sin ina n-aonar treoir chinntitheach maidir le toradh an mheasúnaithe. Sa chomhthéacs sin, chun a chinneadh go ndearnadh díobháil ábhartha, ní cheanglaítear ar gach táscaire eacnamaíoch ábhartha treocht dhiúltach a léiriú - rud is amhlaidh anseo mar a leagtar amach in aithris (428). Dá bhrí sin, b'éigean diúltú do na maímh a d'ardaigh na páirtithe.

4.6.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.6.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(406) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas (EUR/tona)	2 184	1 502	1 378	1 226
Innéacs	*100*	*69*	*63*	*56*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	1 923	1 597	1 423	1 419
Innéacs	*100*	*83*	*74*	*74*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(407) Bhí an meánphraghas díola aonaid san Aontas ag laghdú go comhsheasmhach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus chonacthas an titim ba ghéire idir 2022-2023. Mar thoradh ar an méadú ar an éileamh in 2022 i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, bhí praghsanna ann a sháraigh na costais táirgthe. Níor lean an treocht sin ar aghaidh, áfach, agus chuaigh an staid in olcas in 2023-an tréimhse imscrúdúcháin.

(408) Rinneadh ceartú ar an gcostas táirgthe tar éis 2022 nuair a mhaolaigh an ghéarchéim fuinnimh agus nuair a tháinig laghdú ar phraghas an phríomh-bhunábhair, próipiléin, ach tháinig laghdú níos géire fós ar an bpraghas díola mar a léirítear i dTábla 8. Ar an iomlán, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 26 % ar an gcostas táirgthe agus tháinig laghdú i bhfad níos mó ar an meánphraghas díola, is é sin 44 %. Mar thoradh air sin, bhí táirgeoirí sampláilte an Aontais ag oibriú faoi mhórchaillteanas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(409) Is léiriú í an difríocht mhór sin idir costas táirgthe agus praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar an ísliú praghsanna go dtí an leibhéal thart ar phraghsanna na n-allmhairí dumpáilte, a d'fhulaing táirgeoirí an Aontais.

4.6.3.2. Costais saothair

(410) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí	73 714	72 499	72 619	79 024
Innéacs	*100*	*98*	*99*	*107*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(411) Tháinig méadú 7 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcoibhneas le tús na tréimhse faoi bhreathnú. Níor mheas an Coimisiún go ndéanfadh forbairt an mheánchostais saothair difear ar bhealach ar bith don mheasúnú díobhála sa chás seo.

4.6.3.3. Stoic

(412) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Stoic

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoc deiridh (tonaí)	16 414	10 976	21 691	11 695
Innéacs	*100*	*67*	*132*	*71*
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht	4 %	3 %	5 %	3 %
Innéacs	*100*	*79*	*130*	*74*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(413) Bhí stoic dheiridh deireadh bliana mar chéatadán den táirgeacht idir 3-5 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise an chion theoranta sin de stoic dheiridh ar tháirgeadh iomlán, ní mheasann an Coimisiún go ndéanfadh forbairt na stoc deiridh difear ar bhealach ar bith don mheasúnú díobhála sa chás seo.

4.6.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(414) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	12	- 6 %	- 0,3 %	- 13 %
Innéacs	*100*	*- 48*	*- 2*	*- 109*
Sreabhadh airgid (EUR)	71 703 238	- 2 035 479	- 9 671 512	- 25 433 931
Innéacs	*100*	*- 3*	*- 13*	*- 35*
Infheistíochtaí (EUR)	9 362 829	13 834 857	23 949 636	30 189 019
Innéacs	*100*	*148*	*256*	*322*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	76	- 29	- 5	- 67
Innéacs	*100*	*- 38*	*- 6*	*- 88*

Foinse: Foinsí faisnéise.

(415) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(416) Shroich an bhrabúsacht leibhéil eisceachtúla in 2022 d'ainneoin na géarchéime fuinnimh atá ag teacht chun cinn, ós rud é gur tháinig borradh faoin éileamh ar na táirgí a bhfuil AE iontu agus ar athstocáil an ábhair mar thoradh ar iarmhairtí COVID-19. Mar sin féin, ag tosú ó 2023 agus go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'éirigh an staid neamh-inbhuanaithe do tháirgeoirí an Aontais toisc go raibh orthu na praghsanna díola a laghdú agus a straitéis maidir le méid cosanta á saothrú acu i margadh conarthach chun aghaidh a thabhairt ar allmhairí dumpáilte móra comhsheasmhacha ó na tíortha lena mbaineann.

(417) Mar thoradh air sin, bhí staid chaillteanais ann ó 2023, rud a d'fhág go raibh caillteanas ard -13 % ann le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(418) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Léirítear san anailís ar ghlansreabhadh airgid treocht anuas ó 2022 le titim shuntasach in 2023, nuair a bhí an sreabhadh airgid diúltach den chéad uair le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(419) Bhí na hinfheistíochtaí ag méadú de réir a chéile le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun níos mó ná EUR 30 milliún a bhaint amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Áiríodh leis na hinfheistíochtaí a rinneadh infheistíochtaí athfhillteacha le haghaidh cothabhála (amhail catalaígh imoibrithe a ionadú nó obair chothabhála bhliantúil ar na suiteálacha chun rialacháin sábháilteachta agus chomhshaoil a chomhlíonadh) nó infheistíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun an tionscal monaiméirí aicrileacha a dhícharbónú ([161]). Bhí an chatagóir dheireanach infheistíochtaí dírithe go háirithe ar iomaíochas tháirgeoirí an Aontais a fheabhsú agus léirigh sí a dtiomantas tionscal AE a chaomhnú san Aontas.

(420) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. I bhfianaise na bhforbairtí a dtugtar tuairisc orthu thuas, d'iompaigh an táscaire sin diúltach ó 2023 ar aghaidh agus don chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú, ag titim ó fhigiúr rathúil + 76 % in 2022 go -67 % sa tréimhse imscrúdúcháin.

(421) Déanfar difear mór do chumas na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais caipiteal a thiomsú, má bhuanaítear an meath ar a bhfeidhmíocht eacnamaíoch.

(422) De réir Sasol, ní féidir measúnú fóinteach a dhéanamh ar bhrabúsacht thionscal na gceimiceán ach amháin (i) ar fud slabhraí luacha comhtháite lena mbaineann táirgí iomadúla, seachas táirgí aonair ina n-aonar; agus (ii) i gcaitheamh timthriall infheistíochta iomlán de thart ar 5-10 mbliana, seachas ar bhonn luaineachtaí gearrthéarmacha.

(423) Ar an gcéad dul síos, rinneadh measúnú ar threochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear brabúsacht, thar thréimhse 4 bliana faoi bhreathnú a bhí fada go leor, rud a thug forléargas cuimsitheach ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse sínte sin. In aon chás, dá gcuirfí síneadh leis an tréimhse faoi bhreathnú níos faide ná an tréimhse 4 bliana, ní chuirfí na conclúidí ar thángthas orthu sa chás seo ó bhail (féach freisin aithris (370)). Ar an dara dul síos, agus rud atá tábhachtach, ní chumhdaítear leis an imscrúdú seo ach AE agus ní théann sé thar an raon táirgí a shainítear san fhógra tionscnaimh chun grúpa níos leithne táirgí a chumhdach. Cé go bhféadfadh breithnithe Sasol a bheith ábhartha ó thaobh gnó agus straitéise de, leagtar síos teorainneacha an imscrúdaithe seo leis an mbun-Rialachán agus leis an bhFógra Tionscnaimh agus ní féidir iad a shárú go treallach. Dá ndéanfaí measúnú ar bhrabúsacht le haghaidh grúpa níos leithne táirgí, d'fhéadfadh sé difear ábhartha a dhéanamh don anailís agus d'fhéadfadh torthaí saofa maidir leis an táirge faoi imscrúdú a bheith mar thoradh air. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh Sasol.

4.7. **Conclúid maidir le díobháil**

(424) Cé gur tháinig laghdú níos lú ná 12 kt ar dhearbhchainníocht na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig crapadh níos géire fós ar éileamh an Aontais (-45 kt), mar sin d'fhan tábhacht choibhneasta na n-allmhairí ard agus d'fhan sciar na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ag 30 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin (ar na leibhéil chéanna a bhí ann ag tús na tréimhse faoi bhreathnú). Thairis sin, agus rud atá tábhachtach, ghin na hallmhairí dumpáilte ar phraghas íseal go comhsheasmhach ísliú mór praghsanna i margadh an Aontais, agus tháinig méadú ar an mbearna idir costas tháirgeoirí an Aontais agus a n-ioncam idir 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Mar gheall ar an mbrú praghsanna sin, rud atá níos measa fós mar gheall ar mhéideanna arda comhsheasmhacha d'AE allmhairithe i margadh atá ag crapadh, bhain caillteanas do thionscal an Aontais ó 2023 ar aghaidh.

(425) Oibríonn margadh na n-eistear aicrileach le costais sheasta arda agus éilíonn sé ráta úsáide ard acmhainneachta chun brabúsacht a bhaint amach. Go háirithe, tar éis na treochta anuas i bpraghsanna fuinnimh ó 2023, ba cheart coinne a bheith leis go gcoinneodh tionscal an Aontais a leibhéil táirgthe agus díolacháin cobhsaí d'ainneoin margadh atá ag crapadh beagán, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí a gcostais sheasta a dháileadh ar chainníocht níos airde a tháirgtear agus brabúsacht a choinneáil ar bun. Mar sin féin, thosaigh praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ag titim go tobann tar éis 2022, rud a chuir iallach ar thionscal an Aontais a bpraghsanna a ísliú, agus iarracht á déanamh ag an am céanna úsáid toillidh gléasra réasúnta a choinneáil agus a gcostais sheasta a rialú. Cé gur chuir an cur chuige sin ar chumas thionscal an Aontais sciar den mhargadh a fháil (go príomha chun dochair d'allmhairí ó thríú tíortha eile nach bhfuarthas gur dumpáladh iad), rinne sé a bhrabúsacht a chreimeadh go hiomlán.

(426) D'fhan táscairí maicreacnamaíocha, amhail táirgeacht an Aontais, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta cobhsaí den chuid is mó agus tháinig méadú beag ar an bhfostaíocht (méadú 7 % ar an líon daoine) le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus d'éirigh le táirgeoirí an Aontais a méideanna díolachán i margadh an Aontais chomh maith lena sciar den mhargadh a mhéadú. Thairis sin, lean an caiteachas infheistíochta ag méadú. Léiríonn na treochtaí dearfacha sin iarrachtaí thionscal AE an Aontais éifeachtaí díobhálacha na dumpála díobhálaí a mhaolú.

([161]) Féach https://www.arkema.com/global/en/media/newslist/news/global/innovation/2025/20250318-carat-project-on-carling-site/ (arna rochtain go deireanach an 25 Lúnasa 2026; https://www.arkema.com/global/en/media/newslist/news/global/investorrelations/2023/20230927-arkema-will-decarbonize-acrylics-carling/ arna rochtain go deireanach an 25 Lúnasa 2026).

(427) Mar sin féin, níor tháinig brabúsacht fheabhsaithe as na forbairtí sin toisc gur cuireadh iallach ar thionscal an Aontais a phraghas díola a ísliú i bhfad faoi bhun an chostais chun láithreacht ábhartha ar mhargadh an Aontais a choinneáil i bhfianaise allmhairí móra dumpáilte. Tar éis brabúsacht dhearfach, sreabhadh airgid láidir agus toradh láidir ar infheistíocht in 2022, ó 2023 ar aghaidh tháinig meath mór ar fheidhmíocht airgeadais na hearnála. Tháinig laghdú 44 % ar phraghsanna díola le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú i bhfad níos lú ar chostais táirgthe aonaid (-26 %). D'éirigh an sreabhadh airgid agus an toradh ar infheistíocht diúltach, agus thit glanbhrabúsacht na ndíolachán le custaiméirí neamhchomhlachaithe ó + 12 % in 2022 go –13 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(428) Ar an iomlán, leis an sciar ard leanúnach d'allmhairí atá ag na tíortha lena mbaineann mar aon le brú suntasach praghsanna a mhéadaítear le crapadh an mhargaidh, cruthaíodh timpeallacht laghdaithe praghsanna a chuir iallach ar tháirgeoirí an Aontais díol faoi bhun costais, rud a ghin caillteanais. Cé gur léirigh táscairí amhail táirgeacht, úsáid acmhainneachta, méideanna díolachán, sciar den mhargadh agus infheistíocht gluaiseacht dhearfach theoranta, ba mhó an creimeadh tromchúiseach praghsanna agus brabúsachta arbh iad na hallmhairí dumpáilte ba chúis leis ná iad. Cuirfidh éifeacht chomhcheangailte na brabúsachta atá ag titim, an tsreafa airgid dhiúltaigh, na dtorthaí atá ag dul in olcas ar infheistíocht agus na táirgiúlachta laghdaithe teorainn mhór (má leantar di) le cumas thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú agus tuilleadh infheistíochta a chistiú, rud a chuirfidh bac ar aon ionchas téarnaimh nó fáis.

(429) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. **CÚISÍOCHT**

(430) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte óna tíortha lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte óna tíortha lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Is iad na tosca sin allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais, éifeachtaí na bpraghsanna amhábhar agus costas méadaithe an táirgthe, laghdú ar thomhaltas an Aontais, ró-acmhainneacht struchtúrach líomhnaithe agus méadú ar infheistíochtaí.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(431) Tháinig laghdú 11,9 kt ar chainníochtaí na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, tharla an laghdú sin ar allmhairí i gcomhthráth le laghdú beagnach ceithre huaire níos airde ar éileamh an Aontais. Thairis sin, d'fhan an sciar iomlán den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann ard go comhsheasmhach agus ag 30 % nó os a chionn le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú.

(432) I dtéarmaí éifeachtaí praghsanna ar thionscal an Aontais, i ndiaidh phaindéim COVID-19 a bhain le borradh urghnách ar an éileamh ar tháirgí ina bhfuil AE, cuidíodh le táirgeoirí an Aontais éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte a atreorú in 2022 (tús na tréimhse faoi bhreathnú). Mar sin féin, d'éirigh éifeachtaí praghais na n-allmhairí dumpáilte níos suntasaí ó 2023 ar aghaidh, agus chuir na hallmhairí brú praghsanna ar thionscal an Aontais i margadh atá ag laghdú. Cé go raibh táirgeoirí an Aontais brabúsach in 2022, d'éirigh an brú ó mhéideanna allmhairí a bhí ard go comhsheasmhach ar phraghsanna dumpáilte neamh-inbhuanaithe do thionscal an Aontais sa tréimhse ina dhiaidh sin. Ó 2023 ar aghaidh, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a choinneáil i gcomhréir leis an gcostas táirgthe, d'ainneoin go raibh an costas táirgthe ag laghdú, chun costas na n-amhábhar a chur ar aghaidh chuig custaiméirí.

(433) Ghníomhaigh praghsanna allmhairiúcháin dumpáilte go héifeachtach mar thagarmharc an mhargaidh, rud a chuir go díreach le caillteanais leanúnacha d'ainneoin cumas táirgeachta leanúnach agus láithreacht tháirgeoirí an Aontais i margadh an Aontais. Go deimhin, ó bheith brabúsach in 2022, bhain caillteanas do thionscal an Aontais ar feadh an chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí drochbhail ar an staid go háirithe sa tréimhse imscrúdúcháin (caillteanas -13 %).

(434) Dá bhrí sin, ba é an toradh a bhí ar na hallmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann gur íslíodh praghsanna thionscal an Aontais go mór de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán.

(435) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chinn an Coimisiún go sealadach gur allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Bhí leibhéal ard comhsheasmhach na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú suntasach go leor chun díobháil ábhartha a dhéanamh mar gheall ar na praghsanna ísle lena ndearnadh praghsanna thionscal an Aontais a shladghearradh agus a laghdú.

(436) D'áitigh Pinghu Petro nár suíodh nasc cúisíoch a bhaineann go sonrach leis an tSín idir na hallmhairí agus an díobháil líomhnaithe mar a cheanglaítear faoi Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán. Thairis sin, d'áitigh Pinghu Petro go raibh dícheangal ama idir forbairt mhéideanna agus phraghsanna na n-allmhairí ar thaobh amháin agus staid thionscal an Aontais ar an taobh eile. D'áitigh GAFT freisin nach dócha go raibh tionchar diúltach ag méideanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar thionscal an Aontais.

(437) Tugadh faoi deara go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le measúnú carnach i gcás allmhairí na Síne (féach aithrisí (351)-(352)) agus, dá bhrí sin, go ndearnadh measúnú ar allmhairí na Síne in éineacht le hallmhairí ó na tíortha eile lena mbaineann agus nach raibh siad faoi réir measúnú aonair sa chás seo, lena n-áirítear maidir le cúisíocht. In aon chás, léirigh na staitisticí allmhairiúcháin don tSín láithreacht ard go comhsheasmhach ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus treocht praghsanna a bhí cosúil leis an treocht a breathnaíodh i gcás na dtíortha eile lena mbaineann (praghsanna arda in 2022, agus laghdú géar ina dhiaidh sin in 2023, a lean ar aghaidh go dtí deireadh na tréimhse faoi bhreathnú).

(438) Maidir leis an easpa comhtharlaithe ama a líomhnaítear a bheith ann idir allmhairí agus an meath ar staid thionscal an Aontais, tugadh an méid seo a leanas faoi deara. Más ann do nasc cúisíoch faoi Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán, ní gá comhtharlú ama iomlán a bheith ann idir forbairt na bpraghsanna/méideanna allmhairí agus an meath ar staid thionscal an Aontais. Is é an rud atá cinntitheach a shuí cé acu atá nó nach bhfuil méideanna agus praghsanna na n-allmhairí agus a dteacht chun cinn freagrach as tionchar díobhálach ábhartha ar thionscal an Aontais.

(439) Sa chás seo, fuarthas amach gur chuir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, atá i margadh an Aontais i méideanna arda comhsheasmhacha agus ar leibhéil ísle praghsanna, cosc ar thionscal an Aontais leibhéil réasúnta brabúis a bhaint amach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go háirithe ó 2023 ar aghaidh agus, dá bhrí sin, go ndearna siad díobháil do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh d'argóintí Pinghu Petro agus GAFT.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.3. **Allmhairí ó thríú tíortha**

(440) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar chainníocht na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus an mhodheolaíocht chéanna á leanúint agus a úsáidtear i gcás na Síne agus na hAraibe Sádaí mar a mhínítear in aithrisí (365) agus (366) thuas:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
an Chóiré Theas	Cainníocht (tonaí)	17 637	19 811	12 192	12 048
	An sciar den mhargadh (%)	[4-6]	[5-7]	[2-4]	[3-5]
	Meánphraghas (EUR)	3 970	2 406	2 987	3 073

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
an Téaváin	Cainníocht (tonaí)	23 488	16 736	6 977	5 051
	An sciar den mhargadh (%)	[5-7]	[4-6]	[1-3]	[1-3]
	Meánphraghas (EUR)	3 130	2 178	1 730	3 377
an tSeapáin	Cainníocht (tonaí)	7 731	4 322	4 599	4 584
	An sciar den mhargadh (%)	[1-3]	[0-2]	[0-2]	[0-2]
	Meánphraghas (EUR)	3 946	3 791	3 390	3 496
Tríú tíortha eile	Cainníocht (tonaí)	31 087	9 044	6 620	5 571
	An sciar den mhargadh (%)	[7-9]	[2-4]	[1-3]	[1-3]
	Meánphraghas (EUR)	2 155	1 960	2 162	1 902
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann	Cainníocht (tonaí)	79 944	49 913	30 388	27 254
	An sciar den mhargadh (%)	[19-23]	[13-17]	[6-10]	[6-10]
	Meánphraghas (EUR)	3 015	2 369	2 580	2 961

Foinse: Eurostat.

(441) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, allmhairíodh AE isteach san Aontas i gcainníochtaí a bhí suntasach ó thaobh na tráchtála de go príomha ón gCóiré Theas, ón Téaváin agus ón tSeapáin.

(442) Ar an iomlán, tháinig laghdú comhsheasmhach ar na hallmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus thit a sciar den mhargadh i margadh an Aontais ó [19-23] % in 2022 (nuair a ghin tionscal an Aontais brabúis arda fós) go [6-10] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus tháinig laghdú ar na méideanna ó bheagnach 80 kt in 2022 go 27.2 kt le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a braitheadh éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte den chuid is mó. Lean na treochtaí ar leibhéal na tíre aonair an claonadh céanna go ginearálta.

(443) Maidir le praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha eile, bhí na meánphraghsanna i bhfoirm chomhiomlán agus ar leibhéal na tíre go comhsheasmhach os cionn phraghsanna díola an Aontais agus meánphraghas allmhairiúcháin na dtíortha lena mbaineann sa tréimhse 2023-an tréimhse imscrúdúcháin, nuair ba iad táirgeoirí an Aontais ba mhó a bhí thíos le héifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

(444) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár chuir allmhairí ó thríú tíortha eile le díobháil ábhartha thionscal an Aontais.

(445) D'áitigh Gantrade, agus na treochtaí allmhairiúcháin ó 2022 á mbreithniú aige, nár tháinig na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann in ionad na n-allmhairí ó thíortha eile ach amháin gan difear a dhéanamh do dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais. D'áitigh Pinghu Petro freisin nárbh iad allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ba chúis leis an díobháil a líomhnaítear a bhain do thionscal an Aontais agus go raibh athrú i bpatrúin foinsithe ina ndearna custaiméirí de chuid an Aontais méideanna a d'allmhairigh tríú tíortha eile roimhe sin a ath-leithdháileadh i measc na soláthróirí a bhí ar fáil ó na tíortha lena mbaineann. D'áitigh Organik freisin go mínítear an méadú teoranta ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le hath-leithdháileadh laistigh den struchtúr soláthair allmhairiúcháin atá fágtha, seachas le méadú ar bhrú allmhairiúcháin ar mhargadh an Aontais.

(446) Tugadh faoi deara gur tharla an laghdú ar allmhairí ó thíortha seachas na tíortha lena mbaineann i gcomhthráth den chuid is mó le crapadh mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a d'fhág gur tuairimíocht a bhí sa teoiric maidir le hath-leithdháileadh nó athsholáthar a chuir na páirtithe chun cinn agus go raibh sé gan bhunús. Gan beann ar a bhfuil thuas, mar a leagtar amach in aithrisí (424)-(428), ba iad na héifeachtaí praghais den chuid is mó a bhí ag méideanna arda comhsheasmhacha AE allmhairithe i margadh craptha a raibh díobháil ábhartha mar thoradh air, seachas éifeachtaí méidbhunaithe na n-allmhairí dumpáilte. Dá bhrí sin, diúltaíodh d'argóintí Gantrade, Organik agus Pinghu Petro.

5.4. **Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais**

(447) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an gcainníocht onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht onnmhairí (tona)	34 993	28 734	31 493	28 513
Innéacs	*100*	*82*	*90*	*81*
Meánphraghas onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais (EUR/tona)	2 214	1 491	1 392	1 290
Innéacs	*100*	*67*	*63*	*58*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, freagra ar an macraicheistneoir ó Dow Europe.

(448) Tháinig laghdú ar mhéideanna onnmhairiúcháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go príomha in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud atá comhsheasmhach le straitéis chosanta tháirgeoirí an Aontais, agus tús áite á thabhairt dá láithreacht i margadh an Aontais agus dá ndíolacháin intíre dá réir sin. Thairis sin, lean praghsanna onnmhairiúcháin an treocht chéanna le praghsanna ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud atá inchurtha i leith láithreacht agus iompraíocht praghsanna chomhchosúil na dtíortha lena mbaineann freisin i margaí onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais amhail an Tuirc.

(449) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach, cé gur chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais leis an díobháil ábhartha, nár mhaolaigh sí an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a fuarthas.

(450) Mhaígh roinnt páirtithe (Sasol, GAFT agus Pinghu Petro) gurbh é an laghdú ar an bhfeidhmíocht onnmhairiúcháin a bhí mar shaintréith aige laghdú géar ar mhéideanna onnmhairiúcháin agus creimeadh leanúnach praghsanna ar fud na margaí onnmhairiúcháin a rannchuidigh le haon díobháil líomhnaithe do thionscal an Aontais nó ar féidir leis aon díobháil líomhnaithe do thionscal an Aontais a mhíniú.

(451) Mar a leagtar amach in aithris (435), cé gur tháinig laghdú ar mhéideanna onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus gur tháinig laghdú ar na praghsanna freisin, ba é ba chúis leis sin go raibh allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i láthair agus gur léirigh siad iompraíocht praghsanna atá comhchosúil leis an iompraíocht praghsanna san Aontas sna margaí onnmhairiúcháin sin freisin.

(452) In aon chás, meabhraíodh nach gá gurb iad allmhairí ó na tíortha lena mbaineann an t-aon chúis leis an díobháil sin agus nach ndéanann tosca rannchuiditheacha eile (amhail feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais) an nasc cúisíoch a bhréagnú, ar choinníoll go mbeidh éifeachtaí na n-allmhairí fós in-idirdhealaithe agus suntasach (mar is amhlaidh sa chás seo).

5.5. **Laghdú ar thomhaltas an Aontais**

(453) De réir Gantrade, léirigh an laghdú ar phraghas agus ar bhrabúsacht tar éis 2022 ceartú nádúrtha ar an margadh agus ní toradh iad ar phraghsáil dhíobhálach ó allmhairí. Mhaígh Organik freisin, d'ainneoin an chraptha ar éileamh, gur éirigh le táirgeoirí de chuid an Aontais a méideanna táirgeachta, a méideanna díolachán agus a sciar den mhargadh a mhéadú le linn na tréimhse lena mbaineann, rud a bhí deacair a réiteach le líomhain go ndearna allmhairí díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Thairis sin, mhaígh Sasol nach raibh an meath ar phraghsanna díola an Aontais, a raibh tionchar diúltach aige ar bhrabúsacht táirgeoirí an Aontais, faoi seach, mar thoradh ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, ach den chuid is mó mar thoradh ar straitéis tháirgeoirí an Aontais an sciar den mhargadh a leathnú i gcomhthéacs éileamh a bhí ag crapadh. Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh Pinghu Petro, i gcás ina sreabhann díobháil ó chinntí praghsála straitéisí i dtimpeallacht éilimh atá ag dul in olcas, nach féidir léi a bheith inchurtha le hallmhairí. Thairis sin, dar le Pinghu Petro, is féidir leis an gcrapadh éilimh praghsanna a laghdú go meicniúil gan beann ar allmhairí agus iompraíocht iomaíoch a mhéadú i measc soláthróirí atá ag iarraidh méideanna a chosaint.

(454) Mar a leagtar amach in aithrisí (348)-(349) thuas, léirigh tomhaltas an Aontais ar an saormhargadh laghdú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, faoi ghnáthdhálaí iomaíochta, ní chuirfeadh crapadh éilimh iallach ar oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil sciar níos mó ná 50 % den mhargadh acu a dtáirgí a dhíol faoi bhun an chostais ar leibhéil chaillteacha (rud ab amhlaidh i gcás tháirgeoirí an Aontais) - is cinnte nach ndíolfaí é thar thréimhse fhada a mhairfeadh thar thréimhse 3 bliana féilire. Thairis sin, in 2024 nuair a d'fhill tomhaltas an Aontais beagnach ar leibhéil 2022 (an bhliain ina raibh brabúis arda ag táirgeoirí an Aontais), bhí leibhéil bhrabúis tháirgeoirí an Aontais fós diúltach.

(455) In aon chás agus contrártha don mhéid a áitíonn na páirtithe, níor léirigh iompraíocht chosanta thionscal an Aontais iomaíocht shláintiúil, rud a d'fhág go raibh méadú ar a méideanna díolachán agus ar a sciar den mhargadh agus ar a leibhéil táirgeachta chobhsaí ar deireadh. Ina ionad sin, léirigh sé staid inar cuireadh iallach ar ghnólachtaí tosaíocht a thabhairt do mhéid seachas do bhrabúsacht chun fanacht sa mhargadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na hallmhairí dumpáilte.

(456) Mar chonclúid, chuir an crapadh eacnamaíoch le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, ach ní a mhéid a mhaolódh sé an nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

5.6. **Éileamh faoi chuing thionscal an Aontais**

(457) D'áitigh Gantrade go raibh crapadh ar éileamh, lena n-áirítear crapadh ó oibríochtaí iartheachtacha thionscal an Aontais féin, ina chúis le díobháil ábhartha nach mbaineann leis na hallmhairí a líomhnaítear a dumpáladh.

(458) Lean tomhaltas faoi chuing treocht atá cosúil le treocht thomhaltas an tsaormhargaidh. Go deimhin, mar a leagtar amach in aithris (348), bhí méid craptha an éilimh faoi chuing 50 % níos ísle ná ráta an laghdaithe ar thomhaltas an tsaormhargaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, tháinig méadú fiú ar an tomhaltas faoi chuing le linn na tréimhse imscrúdúcháin (nuair ba shuntasaí an díobháil ábhartha) i gcomparáid le 2024, rud nach amhlaidh i gcás thomhaltas an tsaormhargaidh. Dá bhrí sin, ní raibh ach tionchar teoranta ag forbairt éileamh inmheánach thionscal an Aontais ar staid thionscal an Aontais agus chuir sé leis an díobháil ábhartha ar a mhéad, gan an nasc cúisíoch idir an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte a bhriseadh.

5.7. **Costas amhábhar, fuinnimh agus saothair**

(459) D'áitigh Gantrade go raibh na dúshláin a bhí roimh thionscal an Aontais inchurtha i leith amhábhair níos airde ó thaobh struchtúir de (próipiléin sa chás seo) agus costais fuinnimh do thionscal an Aontais, a raibh tionchar bunúsach acu ar a iomaíochas. D'áitigh Pinghu Petro freisin go raibh tionscal an Aontais neamhchosanta ar shuaitheadh eisceachtúil costas fuinnimh in 2022-2023, rud a chuir go mór leis na costais táirgthe. Ar deireadh, de réir Sasol, léirigh an fhianaise gur tháinig laghdú ar chorrlaigh agus gur tháinig laghdú ar bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais mar thoradh ar an méadú géar ar bhoilsciú chomh maith leis an mborradh ar chostais fuinnimh in 2022-2023, mar aon leis na costais saothair a bhí ag dul i méid le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(460) Go deimhin, fuarthas go raibh praghsanna próipiléine ardaithe in 2022, agus chobhsaigh siad ag leibhéil níos ísle don chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, ní raibh aon díospóid ann go ndearna na brúnna boilscitheacha agus an ghéarchéim fuinnimh in 2022-2023 difear do chostas táirgthe tháirgeoirí an Aontais. Mar sin féin, thosaigh an costas fuinnimh ag laghdú agus tháinig moill ar an mboilsciú agus chobhsaigh sé ar leibhéil níos ísle ó 2023 ar aghaidh. Thairis sin, cé gur tháinig méadú measartha ar mheánchostas saothair tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú (+ 7 %), tháinig laghdú 26 % ar chostas foriomlán an táirgthe le linn na tréimhse céanna. Ina fhianaise sin, in 2022, d'ainneoin na bpraghsanna arda amhábhar agus fuinnimh agus na mbrúnna boilscitheacha ginearálta, bhí táirgeoirí an Aontais in ann a bpraghsanna díola a mhéadú chun an costas ard táirgthe a ionsú agus brabúis a ghiniúint. Ar an taobh eile, tar éis 2023 agus suas go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, nuair a aisiompaíodh an treocht aníos i bpraghsanna fuinnimh, nuair a chobhsaigh praghsanna próipiléine agus nuair a laghdaigh an boilsciú, d'éirigh treocht bhrabúsachta tháirgeoirí an Aontais diúltach chun leibhéil dhiúltacha as cuimse a bhaint amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, cé gur éirigh le táirgeoirí an Aontais costas na bpraghsanna amhábhar agus fuinnimh a chur ar aghaidh in 2022, theip orthu déanamh amhlaidh sa tréimhse ina dhiaidh sin, fiú má tháinig laghdú mór ar an gcostas táirgthe do tháirgeoirí an Aontais. Faoi dhálaí iomaíochta córa, bheadh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann a gcostais a chur ar aghaidh chuig custaiméirí trí phraghsanna díola níos airde. Mar sin féin, cuireadh bac ar an gcumas sin mar gheall ar allmhairí dumpáilte a bheith ann, ó 2023 ar aghaidh den chuid is mó.

(461) I bhfianaise an mhéid sin, níor mhaolaigh na méaduithe sealadacha ar chostas amhábhar agus fuinnimh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.8. **Ró-acmhainneacht struchtúrach**

(462) Mhaígh Sasol, dá suífí díobháil ábhartha, gurbh iad na ró-acmhainneachtaí suntasacha agus na neamhéifeachtúlachtaí bunúsacha laistigh den bhonneagar táirgthe áitiúil ag táirgeoirí an Aontais ba chúis leis sin den chuid is mó.

(463) Mar a leagtar amach in aithris (385) agus contrártha do mhaíomh Sasol, bhí na rátaí oibriúcháin ag táirgeoirí an Aontais sách ard le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, cé gur oibrigh tionscal an Aontais ag 71 % den acmhainneacht in 2022 (nuair a ghin tionscal an Aontais brabúis arda fós), le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí an úsáid acmhainneachta ag 68 % inchomparáide, cé go raibh brabúsacht thionscal an Aontais an-diúltach faoin am sin. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh ró-acmhainneacht líomhnaithe cur leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.9. **Cinntí praghsála agus infheistíochta**

(464) D'áitigh Pinghu Petro chomh maith le Sasol gur ghá go raibh brú anuas ar bhrabúsacht go neamhspleách ar allmhairí mar thoradh ar chinneadh tháirgeoirí an Aontais infheistíocht mhór a dhéanamh. Mhaígh Sasol freisin go raibh méadú leanúnach suntasach ar infheistíocht ar neamhréir le staid díobhála ábhartha agus, ina ionad sin, go léiríonn sé go bhfuil staid eacnamaíoch thionscal an Aontais fós láidir ó thaobh airgeadais de.

(465) Mar a léirítear le mórthionscadal infheistíochta dícharbónaithe arna dhéanamh ag tionscal an Aontais, tá an cineál sin infheistíochtaí mar thoradh ar chinntí straitéiseacha a rinneadh mar chuid de chreat ilbhliantúil agus tá blianta ullmhúcháin ag teastáil ina leith. Thairis sin, déantar na cinntí infheistíochta sin ar leibhéal an fhiontair (seachas ar

leibhéal roinne táirgí), agus is cuid de thionscnaimh chorparáideacha dhomhanda níos leithne iad ([162]). Dá bhrí sin, agus mar a chuir Sasol in iúl i gceart ina n-aighneacht, léiríonn infheistíochtaí den sórt sin cuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha. Ní tharlaíonn siad mar fhreagairt ar luaineachtaí gearrthéarmacha sa mhargadh, tá siad réamhbhreathnaitheach, ní gá dóibh a bheith táirgeshonrach agus, dá bhrí sin, ní féidir leo míniú a thabhairt ar mheath tobann ar bhrabúsacht agus ar dhíobháil mar thoradh air sin sa chás seo agus i gcás AE go sonrach. Ar an gcaoi chéanna, má dhéanann táirgeoir infheistíochtaí suntasacha ar dócha go mbeidh éifeacht dhearfach acu sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ní chuirtear bac ar chinneadh go ndearnadh díobháil ábhartha arbh iad allmhairí dumpáilte ba chúis léi.

(466) D'áitigh Pinghu Petro freisin gur gnách go mbíonn costais i bhfad níos airde agus éifeachtúlachtaí táirgthe níos ísle i gceist le hoibriú saoráidí táirgthe atá as dáta san Aontas agus go bhféadfadh sé a bheith ina fhoinse uathrialach díobhála.

(467) Measadh gur maíomh tuairimeach maíomh Pinghu Petro agus nach raibh bunús leis. Mar a leagtar amach in aithris (419) agus contrártha don mhaíomh, rinne tionscal an Aontais infheistíochtaí leanúnacha ina saoráidí táirgthe a raibh níos mó i gceist leo ná cothabháil agus comhlíonadh rialála. Cuireann na hinfheistíochtaí sin feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh na saoráidí agus, an tráth céanna, áirithítear leo go gcoinníonn táirgeoirí an Aontais láithreacht ábhartha ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh Pinghu Petro.

5.10. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(468) Suíodh nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ar thaobh amháin agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ar an taobh eile. Go háirithe tar éis 2022, bhí na hallmhairí dumpáilte fós ard (thart ar 30-35 % de thomhaltas iomlán saor an Aontais) agus tháinig laghdú suntasach ar a bpraghsanna. I margadh measartha lag ina bhfuil crapadh éilimh, laghdaigh na hallmhairí dumpáilte ar phraghas níos ísle agus níos suntasaí corrlaigh thionscal an Aontais agus a chumas praghsanna a shocrú a d'iompródh na costais arda táirgthe, rud a léiríonn go soiléir go bhfuil ísliú praghsanna ann. Ba é an toradh a bhí ar an staid sin gur bhain caillteanas do tháirgeoirí an Aontais in 2023-an tréimhse imscrúdúcháin.

(469) Rinne an Coimisiún scrúdú ar thosca féideartha eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar staid thionscal an Aontais. Rinneadh idirdhealú idir éifeachtaí na dtosca sin ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte agus rinneadh iad a dheighilt ó na héifeachtaí sin.

(470) Maidir le héifeachtaí na n-allmhairí ó thríú tíortha eile, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur thit na hallmhairí sin ó thaobh méide agus sciar den mhargadh de araon (ó [19-23] % go [6-10] %) agus gur fhan a meánphraghsanna os cionn phraghsanna díola an Aontais agus os cionn phraghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann araon, mar sin níor chuir siad leis an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

(471) Rinne patrún comhchosúil leis an bpatrún a breathnaíodh i gcás dhíolacháin an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú difear d'fheidhmíocht praghsanna onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, agus tháinig laghdú 19 % ar na cainníochtaí onnmhairiúcháin, contrártha do dhíolacháin intíre a d'ardaigh agus straitéis cosanta méideanna á saothrú. Cé gur chuir éifeacht fheidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais leis an staid dhíobhálach ag táirgeoirí an Aontais, níor bhris sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(472) Maidir le crapadh thomhaltas an Aontais (ar an saormhargadh chomh maith le tomhaltas faoi chuing), mhéadaigh sé an brú praghsanna agus chuir sé leis an díobháil ábhartha; mar sin féin, níor dhócha go mbrisfeadh sé an nasc cúisíoch a suíodh idir an díobháil ábhartha a fulaingíodh agus allmhairí dumpáilte. Thairis sin, cé gur tháinig méadú ar na costais amhábhar agus fuinnimh in 2022, thit siad ina dhiaidh sin, ach d'éirigh tionscal an Aontais neamhbhrabúsach ó 2023 ar aghaidh, rud a léiríonn nach féidir le teacht chun cinn an chostais an díobháil a mhíniú. Ar deireadh, ní féidir an díobháil ábhartha a mhíniú le haon ró-acmhainneacht líomhnaithe (nár suíodh thairis sin), ná le hinfheistíochtaí fadtéarmacha a rinneadh ar leibhéal an fhiontair i mbeart straitéiseach chun iomaíochas thionscal an Aontais in earnáil na gceimiceán a fheabhsú.

([162]) Féach https://www.arkema.com/global/en/media/newslist/news/global/innovation/2025/20250318-carat-project-on-carling-site/ arna rochtain go deireanach an 25 Lúnasa 2026; https://www.arkema.com/global/en/media/newslist/news/global/investorrelations/2023/20230927-arkema-will-decarbonize-acrylics-carling/ arna rochtain go deireanach an 25 Lúnasa 2026.

(473) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte óna tíortha lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais (go sonrach i dTréimhse Imscrúdúcháin 2023) agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach. Is éard atá sa díobháil go príomha ná ísliú mór praghsanna, caillteanas brabúsachta, sreabhadh airgid diúltach agus toradh diúltach ar infheistíochtaí.

(474) D'áitigh Pinghu Petro nach mór measúnú carnach a dhéanamh ar na tosca cúisíochta féideartha (seachas allmhairí dumpáilte) sa chás seo, toisc go dtagann siad chun cinn i gcomhthráth agus go n-idirghníomhaíonn siad ar bhealach a threisíonn a chéile agus a mhéadaíonn an tionchar comhcheangailte. Rinne Sasol maíomh comhchosúil, ag áitiú go mbristear an nasc cúisíoch le meascán tosca eile.

(475) Murab ionann agus argóintí na bpáirtithe, cé gur chuir na tosca seachas allmhairí dumpáilte le staid dhíobhálach thionscal an Aontais ina n-aonar nó i dteannta a chéile, bhí nasc cúisíoch soiléir inaitheanta idir an díobháil ábhartha a fulaingíodh agus na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, rud nach maolaítear le haon cheann de na tosca eile sin. Dá bhrí sin, ní mór diúltú do na hargóintí a d'ardaigh na páirtithe.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(476) Mhaígh na gearánaigh sa ghearán go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(477) Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(478) Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála.

6.1. Corrlach díobhála

(479) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(480) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí óna tíortha lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(481) Bhí an brabús do na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais luaineach go forleathan laistigh den tréimhse faoi bhreathnú. Baineadh amach na brabúis thar a bheith ard in 2022 i dtréimhse urghnách éilimh a spreag geilleagar COVID-19 agus srianta ar an slabhra soláthair, mar a d'aithin an gearánach freisin. Dá bhrí sin, ní bheadh sé iomchuí na figiúirí brabúis ó 2022 a úsáid mar bhrabús bunúsach i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán. Thairis sin, le haghaidh na mblianta roimh an tréimhse faoi bhreathnú, níorbh fhéidir le táirgeoirí an Aontais leibhéil beachta brabúsachta a shainaithint go hiontaofa. Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún an spriocbhrabús chun an praghas neamhdhíobhálach a chinneadh ag 6 %, i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(482) Thairis sin, ní dhearna aon cheann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais éileamh a raibh bunús leis ar infheistíochtaí ligthe thar ceal nó ar chostais T & F agus nuálaíochta. I bhfianaise na bhfíoras sin, chuaigh an Coimisiún i muinín úsáid a bhaint as an spriocbhrabús íosta 6 % a cuireadh le costas táirgthe iarbhír thionscal an Aontais chun an praghas neamhdhíobhála a shuí.

(483) Ós rud é nach ndearnadh aon mhaíomh cuí-réasúnaithe de bhun Airteagal 7(2d) maidir le costais reatha nó costais a bheidh ann amach anseo a eascraíonn as comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus as prótacail fúthu nó as na Coinbhinsiúin EIS atá liostaithe, níor cuireadh aon chostais bhreise leis an bpraghas neamhdhíobhála a suíodh dá bhrí sin.

(484) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sna tíortha lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(485) Mar gheall ar neamh-chomhoibriú ó aon táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na hAraibe Sádaí, bhí an corrlach díobhála le haghaidh na hAraibe Sádaí bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil. Cuireadh praghas onnmhairiúcháin na hAraibe Sádaí i gcomparáid leis an spriocphraghas aonair is airde ar an táirge comhchosúil arna tháirgeadh ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(486) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile' de thionscnamh na tíre lena mbaineann ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin.

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

(487) Mar a mhínítear san Fhógra Tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhar sa tSín maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhainte chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

(488) Mar sin féin, ós rud é go bhfuil na corrlaigh atá leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil níos airde ná na corrlaigh dhumpála maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, mheas an Coimisiún nach raibh sé riachtanach ag an gcéim seo aghaidh a thabhairt ar an ngné sin.

6.3. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(489) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)	Corrlach díobhála sealadach (%)	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
an tSín	Shanghai Huayi New Material Co., Ltd.	29,0	37,4	29,0
	Pinghu Petro Chemical Co., Ltd.	22,3	41,4	22,3
	Cuideachtaí comhoibríocha eile de chuid na Síne	23,9	40,5	23,9
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	29,0	41,4	29,0
an Araib Shádach	Na hallmhairí uile de thionscnamh na hAraibe Sádaí	40,3	40,8	40,3
an Afraic Theas	Sasol South Africa Ltd	83,1	32,4	32,4
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na hAfraice Theas	83,1	32,4	32,4
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Dow Chemical Company (Cuideachta Ceimiceán Dow)	61,9	39,0	39,0
	Gach allmhaire eile de thionscnamh SAM	61,9	39,0	39,0

7. **LEAS AN AONTAIS**

(490) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán.

(491) Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(492) Tá ceithre tháirgeoir i dtionscal AE an Aontais a mhonaraigh an táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is cuid thábhachtach de bhonn tionsclaíoch an Aontais é an tionscal sin, ós rud é go n-úsáidtear monaiméirí aicrioláite i raon leathan táirgí iartheachtacha, lena n-áirítear bratuithe, greamacháin, séaltáin, páipéar, breiseáin pholaiméire, teicstílí agus dúigh.

(493) Is dócha go gcabhródh forchur beart frithdhumpála le táirgeoirí an Aontais brabúsacht a athbhunú agus sreabhadh airgid a chobhsú. Trí bhrabúsacht a fheabhsú, is fearr a bheadh táirgeoirí an Aontais in ann comhlíonadh rialacha comhshaoil a choinneáil ar bun, infheistíocht a dhéanamh i dtaighde, i bhforbairt agus i dtáirgeadh agus éifeachtúlacht oibríochtúil ísealcharbóin. Thairis sin, dá bhforchuirfí bearta, chuirfí ar chumas thionscal an Aontais fostaíocht agus slándáil an tsoláthair a chaomhnú laistigh den Aontas. Dá gcaomhnófaí táirgeacht an Aontais ar leibhéil inbhuanaithe, thacófaí freisin le tionscail pheitriceimiceacha réamhtheachtacha, go háirithe trí éileamh níos airde agus níos cobhsaí ar phróipiléin agus ar bhunábhair ghaolmhara.

(494) Os a choinne sin, gan bearta ceartaitheacha, bheadh brú breise ar thionscal an Aontais ó allmhairí ar phraghas íseal éagórach, rud a d'fhágfadh go mbeadh caillteanais níos doimhne ann agus go gcuirfí inmharthanacht fhadtéarmach tháirgeacht an Aontais i mbaol. Dá leanfaí den ísliú praghsanna, bheadh sé deacair oibríochtaí a choinneáil ar bun agus poist a chaomhnú. I gcás den sórt sin, is dócha go mbeadh infheistíocht bhreise teoranta, agus d'fhéadfaí moill a chur ar phleananna le haghaidh iomaíochas fadtéarmach nó iad a thréigean ar fad.

(495) Ina theannta sin, leis an meath leanúnach ar ghnó AE dhéanfaí difear do na gníomhaíochtaí iartheachtacha ag táirgeoirí an Aontais, atá nasctha ar bhonn oibríochtúil nó ar bhonn eacnamaíoch le táirgeadh an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, bheadh impleachtaí níos leithne ag laghdú nó caillteanas tháirgeadh réamhtheachtach AE san Aontas ar inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí gaolmhara an tslabhra luacha laistigh den Aontas.

(496) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais dleachtanna frithdhumpála a fhorchur.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(497) Maidir le hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe, chomhoibrigh dhá chuideachta, Opes International Limited ('Opes') agus Gantrade, leis an imscrúdú seo, lena n-áirítear trí fhreagraí a thabhairt ar cheistneoir an Choimisiúin. Bhí Gantrade in aghaidh na bearta a fhorchur sa chás seo, agus níor chuir Opes a sheasamh maidir leis na bearta in iúl go poiblí.

(498) Meastar go sealadach gur dócha go mbeidh tionchar neamhshuntasach (más ann dó) ag na bearta ar allmhaireoirí toisc gur féidir leo leanúint de AE a allmhairiú ar phraghsanna córa ó na tíortha lena mbaineann nó ó thríú tíortha eile, rud a chruthóidh iomaíocht shláintiúil don AE a tháirgtear sa bhaile. Thairis sin, léiríonn an fhianaise a chuir na hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe comhoibríocha ar fáil go mbaineann níos mó ná leath dá n-allmhairí i luach le táirgí seachas AE, rud a chaolaíonn éifeacht na mbeart ar na hallmhaireoirí sin tuilleadh agus a léiríonn gur féidir leis na hallmhaireoirí a ngníomhaíochtaí gnó a éagsúlú chuig táirgí eile.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(499) Sa chás seo, tháinig úsáideoirí a dhéanann ionadaíocht den chuid is mó ar dheighleog na roisíní aicrileacha chun cinn, ag cur in aghaidh na mbeart. Is táirge idirmheánach iad na roisíní a úsáidtear le haghaidh phríomhfheidhmeanna úsáideora an táirge lena mbaineann – bratuithe agus breiseáin. Thug roinnt úsáideoirí (Allnex Belgium SA/NV ('Allnex'), Covestro AG, Organik, EPS B.V., ICAP-SIRA Chemicals agus Polymers S.p.A., Trinseo PLC agus Dow ([163])) freagra ar an gceistneoir úsáideoirí a cuireadh ar fáil ag tús an imscrúdaithe, agus níor chuir úsáideoirí eile (Bear Quimica, s.a. ('Bear'), Alberdingk Boley GmbH ('Alberdingk') agus Follmann Chemie GmbH ('Follmann')) isteach ach a seasamh i scríbhinn maidir leis an imscrúdú.

(500) I gcás na n-úsáideoirí a líon isteach an ceistneoir tiomnaithe, léirigh a bhfeidhmíocht airgeadais go raibh corrlaigh bhrabúis shláintiúla acu uile (ach amháin d'úsáideoir amháin), idir 3-36 % sa tréimhse imscrúdúcháin. agus go raibh úsáideoir amháin neamhbhrabúsach, gar do mheá ar mheá – mar sin féin, b'ionann cion an láimhdeachais a gineadh ar an táirge AE-chuimsitheach don úsáideoir lena mbaineann agus níos lú ná 10 % dá láimhdeachas cuideachta iomlán.

(501) Thairis sin, tugadh le fios sna haighneachtaí ó thromlach na n-úsáideoirí go raibh cion chostas AE ar a gcostas táirgthe teoranta agus nach raibh i gceist leis (i gcás cúig úsáideoir as seacht n-úsáideoir) ach 3-15 % ar a mhéad den chostas táirgthe. Maidir leis an dá úsáideoir is mó a ndearnadh difear dóibh a bhfuil an sciar is airde de chostas an táirge faoi imscrúdú acu ina gcostas iomlán táirgthe (20-30 %), bhí siad brabúsach (le brabúis thart ar 3-5 % agus 16-20 % faoi seach). Thairis sin, cheannaigh an dá chuideachta formhór mór den AE (60-85 %) ón Aontas agus dá bhrí sin bheadh tionchar teoranta ag na dleachtanna atá beartaithe ar a mbrabúsacht. I bhfianaise an mhéid thuas, is dócha go mbeidh éifeacht theoranta agus inbhainistithe ag na bearta ar na húsáideoirí.

(502) Níl coinne leis ach oiread go mbeidh na bearta ina gcúis le ganntanais do na húsáideoirí. D'ainneoin fhorchur na mbeart, bheadh úsáideoirí fós in ann allmhairiú ó na tíortha lena mbaineann, ós rud é go bhfuil sé i gceist le dleachtanna frithdhumpála praghsanna ísle éagóracha a cheartú, gan bac iomlán a chur ar allmhairí. Ina theannta sin, allmhairíodh cainníochtaí atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de isteach san Aontas ó thríú tíortha nach raibh faoi réir beart (amhail an Chóiré Theas, an tSeapáin agus an Téaváin) le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, is féidir le hallmhairí ó na tíortha sin foinsí malartacha eistear aicrileach a chur ar fáil d'úsáideoirí. Tá acmhainn bhreise ag táirgeoirí an Aontais freisin agus d'fhéadfaidís aschur a mhéadú gan gá le hinfheistíocht nua in acmhainneacht mhéadaithe.

7.4. **Barúlacha ó pháirtithe leasmhara**

(503) Mhaígh an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne Pinghu Petro go méadódh forchur dleachtanna frithdhumpála in aghaidh allmhairí AE ón tSín costais d'úsáideoirí iartheachtacha an Aontais i raon leathan earnálacha. Rinne Sasol maíomh den chineál céanna, ag cur leis go n-íocfadh tomhaltóirí an Aontais costais táirgthe níos airde ar deireadh sa slabhra luacha iartheachtach. D'áitigh Organik, Allnex, Gantrade, Bear, Alberdingk agus Follmann freisin go mbeadh méaduithe costais d'oibreoirí iartheachtacha an Aontais (agus cumas teoranta acu méaduithe den sórt sin a ionsú nó iad a chur ar aghaidh) agus comhbhrú a gcorrlach mar thoradh ar fhorchur dleachtanna, rud a bhféadfadh a n-iomaíochas laghdaithe agus allmhairí méadaithe táirgí iartheachtacha a bheith mar thoradh air (ós rud é nach mbeadh feidhm ag bearta maidir leis na táirgí iartheachtacha). De réir na bpáirtithe, d'fhéadfadh athlonnú na dtionscal iartheachtach lasmuigh den Aontas a bheith mar thoradh ar an staid sin ar deireadh.

(504) Cé go bhféadfadh méadú éigin ar phraghsanna ionchuir d'úsáideoirí a bheith mar thoradh ar na bearta frithdhumpála, meastar go mbeidh an méadú sin teoranta agus soláimhsithe. Ag féachaint do thaifead brabúsachta reatha na n-úsáideoirí i gcoibhneas le brabúsacht (nó easpa brabúsachta) tháirgeoirí an Aontais, is féidir a bheith ag súil go gcuirfidh úsáideoirí iartheachtacha aon mhéadú costais ar aghaidh feadh an tslabhra luacha. Thairis sin, is féidir éifeachtaí praghais na mbeart a mhaolú le socruithe praghsála conarthacha agus le cleachtais foinsithe éagsúlaithe, atá curtha chun feidhme cheana féin ag na húsáideoirí. Le láithreacht leanúnach allmhairí ó thíortha lena mbaineann (i bhfianaise leibhéal na ndleachtanna arna bhforchur freisin) agus ó thríú tíortha eile ar mhargadh an Aontais i dteannta na gceithre tháirgeoir de chuid an Aontais, áiritheofar freisin an brú iomaíoch is dócha a

([163]) Mar sin féin, ní fhéadfaí na sonraí le haghaidh Dow a úsáid go fóinteach san anailís ar leas an úsáideora, ós rud é gur aistríodh formhór mór (níos mó ná 90 %) den AE a úsáideann Dow go hinmheánach laistigh den ghrúpa Dow.

mhaolóidh aon mhéadú féideartha ar chostais a d'fhéadfadh eascairt as forchur na ndleachtanna sin. In aon chás, tugtar faoi deara go gceartóidh na bearta go príomha praghsanna allmhairiúcháin atá íseal go saorga (ar a raibh an t-ábhar á cheannach ag na húsáideoirí ar feadh tréimhse fhada) a dhéanann sladghearradh faoi láthair ar tháirgeoirí an Aontais. Ag féachaint don mhéid thuas, níor cheart éifeacht thoirmeascach a bheith ag forchur beart ar na húsáideoirí agus ar a n-iomaíochas gan trácht ar iallach a chur orthu athlonnú lasmuigh den Aontas. Diúltaíodh d'argóintí na bpáirtithe dá bhrí sin.

(505) Thairis sin, tá sé réasúnta a mheas go mbeidh an tionchar ar thomhaltóirí an Aontais neamhábhartha, i bhfianaise struchtúr costais foriomlán na dtáirgí tomhaltais deiridh sa deighleog seo (amhail péinteanna aicrileacha a cheannaítear i siopa DFÉ) agus ós rud é go bhfuil na táirgí deiridh sin níos athléimní in aghaidh luaineachtaí i bpraghsanna na n-idirmheánach a théann isteach sa slabhra luacha i bhfad níos airde go réamhtheachtach.

(506) Mar fhocal scoir, ní féidir gur mó na héifeachtaí díobhálacha hipitéiseacha ar thionscail na n-úsáideoirí agus ar thomhaltóirí deiridh ná an gá ar leith atá le cothrom iomaíochta a athbhunú ar mhargadh AE an Aontais, go háirithe i gcás ina bhfuil inmharthanacht fhadtéarmach thionscal an Aontais agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí gaolmhara slabhra luacha laistigh den Aontas i mbaol. Bheadh an cás malartach gan dleachtanna agus le himeacht thionscal an Aontais níos díobhálaí do na húsáideoirí ná mar a d'fhéadfadh méadú ar phraghsanna a bheith mar thoradh ar fhorchur dleachtanna.

(507) D'áitigh Organik go gcuirfeadh bearta frithdhumpála srian ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, rud a chuirfeadh tuilleadh le srianta soláthair AE d'úsáideoirí neamhspleácha iartheachtacha, ós rud é go bhfuil margadh AE an Aontais an-chomhchruinnithe agus go n-úsáidtear sciar suntasach AE faoi chuing. D'áitigh Gantrade freisin go laghdódh forchur dleachtanna infhaighteacht AE i margadh an Aontais go mór. Thairis sin, de réir Pinghu Petro, is é iarmhairt dhóchúil na ndleachtanna frithdhumpála margadh an Aontais a fhoriamh go héifeachtach ar fad i gcás allmhairí ón tSín. Dar le táirgeoir onnmhairiúcháin na hAfraice Theas Sasol freisin, bhainfí an bonn d'iomaíochas mhonaróirí iartheachtacha an Aontais tríd an rochtain ar AE a theorannú dá laghdódh dleachtanna méideanna allmhairí go mór. Mhaígh Alberdingk agus Follmann freisin go bhféadfadh táirgeoirí de chuid an Aontais atá comhtháite go hingearach tosaíocht a thabhairt do sholáthairtí faoi chuing do dhíolacháin sa mhargadh ceannaithe tar éis bearta a fhorchur.

(508) Ar an gcéad dul síos, mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil margadh AE an Aontais iomaíoch, lena gcumhdaítear ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais chomh maith le tíortha onnmhairiúcháin eile amhail an Chóiré, nó an Téaváin chomh maith leis na tíortha lena mbaineann (lena n-áirítear an tSín), nach gcuirfear cosc orthu teacht isteach san Aontas ar phraghsanna córa agus neamhdhíobhálacha. Dá bhrí sin, níl baol ann go dtiocfaidh méadú ar chomhchruinniú tháirgeoirí an Aontais i margadh AE mar thoradh ar dhleachtanna frithdhumpála a fhorchur. Ar an taobh eile, agus murab ionann agus maímh na bpáirtithe, áiritheofar le forchur beart go leanfaidh soláthróirí atá bunaithe san Aontas de bheith ann agus, dá bhrí sin, go mbeidh bonn soláthair iontaofa ann d'úsáideoirí an Aontais, go háirithe sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, i gcás ina bhféadfadh sé nach mbeidh allmhairí ar fáil mar thoradh ar theagmhais áirithe (amhail príomhthairseacha loingseoireachta a dhúnadh). Thairis sin, níor chuir na páirtithe aon fhianaise chuí-réasúnaithe ar fáil nach mbeadh táirgeoirí an Aontais ná foinsí soláthair eile atá ann cheana in ann an t-éileamh ar mhargadh an Aontais a shásamh.

(509) Ar an dara dul síos, bhí an leibhéal tomhaltais faoi chuing cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tá aon mhaíomh gur dócha go n-athróidh an treocht sin agus go dtiocfadh méadú ar shrianta soláthair d'úsáideoirí neamhspleácha tuairimeach agus gan bhunús. Mar a leagtar amach in aithris (393), b'ionann díolacháin ar an saormhargadh ag tionscal an Aontais agus thart ar 45 % dá ndíolacháin agus dá n-úsáid iomlán san Aontas le chéile agus tháinig méadú ar an gcion sin fiú go 47-48 % in 2024-sa tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, bhí tionscal an Aontais ag feidhmiú ag thart ar 70 % den toilleadh suiteáilte le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus, dá bhrí sin, tá acmhainn bhreise san Aontas chun aon mhéadú a d'fhéadfadh teacht ar an éileamh ó úsáideoirí iartheachtacha neamhspleácha a shásamh.

(510) D'áitigh Organik agus Gantrade freisin nach féidir le soláthróirí atá lonnaithe i dtríú margaí malartacha amhail an Chóiré, an tSeapáin nó an Téaváin méideanna leordhóthanacha agus inscálaithe a thairiscint a bheadh in ann na hallmhairí is ábhar a ionadú ar bhonn leanúnach. Murab ionann agus maíomh na bpáirtithe agus mar a leanann sé ó aithrisí (440)-(441), allmhairíodh AE isteach san Aontas i gcainníochtaí atá suntasach ó thaobh na tráchtála de ón gCóiré Theas, ón Téaváin agus ón tSeapáin, agus léirigh a sciar comhcheangailte den mhargadh de 6,5 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin láithreacht ábhartha agus neamhdhiomaibhseach i margadh an Aontais. Níos luaithe sa tréimhse faoi bhreathnú, bhí méideanna na ndíolachán ó na tíortha sin níos airde fós. Thairis sin, ní gá d'úsáideoirí amhail Organik a bheith ag brath go heisiach ar fhoinsí malartacha soláthair, go háirithe ós rud é gur fhéach siad go traidisiúnta leis an gcuid is mó dá dtáirgí a fhoinsiú ó tháirgeoirí an Aontais. Ina theannta sin, is léir gur féidir leis na páirtithe leanúint den ábhar a allmhairiú ó na tíortha lena mbaineann, ar phraghsanna réasúnta agus neamhdhíobhálacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh d'argóintí Organik agus Gantrade toisc iad a bheith gan bhunús.

(511) Dúirt Organik freisin, i gcás na cuideachta, gur príomhionchur é an cineál táirge BA a léiríonn comhpháirt shuntasach de struchtúr costais Organik.

(512) Cé go bhféadfadh Organik a bheith níos neamhchosanta ar mhéadú ar chostas AE i gcomparáid le roinnt úsáideoirí iartheachtacha eile, ní féidir leis an tionchar ar an úsáideoir sin a bheith níos mó ná an leas in athchóiriú cóirthrádála agus an gá atá le tuilleadh meatha ar thionscal an Aontais a chosc ar chúiseanna iomadúla. Ar an gcéad dul síos, cuireann Organik straitéis foinsithe éagsúlaithe i bhfeidhm cheana féin, lena bhfoinsítear an t-ábhar ó mheascán soláthróirí agus go háirithe 50-70 % ó tháirgeoirí an Aontais. Mar a leag Organik amach ina aighneacht féin, i gcás ina bhfoinsíonn úsáideoirí iartheachtacha ionchuir ó mheascán soláthairtí intíre agus allmhairithe agus nach bhfuil siad ag brath go mór ar na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann (mar is amhlaidh sa chás seo), féadfar tionchar costais na ndleachtanna a mhaolú. Ar an dara dul síos, murab ionann agus maíomh Organik, mar a leagtar amach in aithris (407), bhí an praghas díola san Aontas ag laghdú go comhsheasmhach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhain na húsáideoirí (lena n-áirítear Organik) tairbhe iarbhír as praghsanna a bhí íseal go saorga ar feadh tréimhse fhada. Dá bhrí sin, ní bheadh in aon cheartú praghsanna ach léiriú ar an athbhunú cóirthrádála i gcás ina raibh praghsanna thionscal an Aontais laghdaithe ag brú anuas a tháinig ó na hallmhairí dumpáilte. In aon chás, níor cheart go gcuirfeadh forchur dleachtanna agus aon mhéadú ar phraghsanna AE a eascraíonn as sin cosc ar úsáideoirí iartheachtacha praghsanna a mhéadú chun aon mhéadú costais den sórt sin a chur ar aghaidh. Níor chuir Organik aon fhianaise dá mhalairt ar fáil.

(513) Thairis sin, chuir Organik imní in iúl go ndéanfaí na neamhshiméadrachtaí struchtúracha atá ann cheana idir táirgeoirí de chuid an Aontais atá comhtháite go hingearach agus a n-oibríochtaí iartheachtacha ar thaobh amháin agus oibreoirí iartheachtacha neamh-chomhtháite (gan rochtain faoi chuing ar AE) ar an taobh eile níos measa fós dá bhforchuirfí dleachtanna. D'áitigh Gantrade freisin go bhfuil roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais comhtháite go hingearach, go n-oibríonn siad a ngníomhaíochtaí iartheachtacha féin agus go bhfuil siad in ann príomh-amhábhair a fhoinsiú go hinmheánach. De réir Gantrade, chosnóidís a n-oibríochtaí iartheachtacha go héifeachtach ar thionchar iomlán na méaduithe ar phraghsanna arb iad na dleachtanna atá beartaithe is cúis leo. Rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin Sasol, agus na húsáideoirí eile Bear, Alberdingk agus Follmann maíomh comhchosúil, ag áitiú go dtiocfadh méadú ar chostais amhábhar d'úsáideoirí iartheachtacha neamh-chomhtháite i gcomparáid le táirgeoirí monaiméirí aicrileacha atá comhtháite go hingearach.

(514) Ní raibh aon díospóid ann go bhfuil neamhshiméadracht idir na hoibreoirí atá comhtháite go hingearach agus na hoibreoirí neamh-chomhtháite. Mar sin féin, tá sé de chuspóir soiléir rialála ag dleachtanna frithdhumpála trádáil chóir a athbhunú, i gcás ina mbunófaí leas dlisteanach thionscal an Aontais agus ina gcomhlíonfaí na coinníollacha maidir le bearta a fhorchur (mar atá sa chás seo). Feidhmíonn bearta cosanta trádála go neamhspleách agus gan beann ar aon struchtúr margaidh atá i bhfeidhm agus níl sé de chuspóir acu aon locht sa mhargadh atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann a leigheas. Thairis sin, is cosúil go dtugann na páirtithe neamhaird ina n-argóintí ar an bhfíoras, murab ionann agus úsáideoirí iartheachtacha neamhspleácha, go bhfuil caiteachas caipitil suntasach roimh tháirgeoirí an Aontais atá comhtháite go hingearach agus go bhfuil rioscaí suntasacha gnó ag baint leo atá bainteach le táirgeadh an ábhair réamhtheachtaigh (AE sa chás seo) a úsáidtear ansin ina n-oibríochtaí iartheachtacha, lena n-áirítear luaineachtaí i gcostais amhábhair agus fuinnimh, gan beann ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na dleachtanna. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh na bpáirtithe.

(515) Dúirt an táirgeoir onnmhairiúcháin - Dow - go ndéanann allmhairí AE a thrádáiltear go héagórach ón tSín dochar cheana féin do ghnólachtaí iartheachtacha Dow san Aontas agus go mbainfí an bonn tuilleadh de chumas Dow dul san iomaíocht i margaí iartheachtacha san Aontas agus i margaí onnmhairiúcháin dá bhforchuirfí dleachtanna ar allmhairí ó na Stáit Aontaithe.

(516) Ar an gcéad dul síos, leis na bearta a tugadh isteach maidir le hallmhairí AE ón tSín d'fhonn trádáil chóir a athbhunú san Aontas, tá aghaidh á tabhairt ar ábhair imní Dow maidir le hallmhairí de thionscnamh na Síne. Ar an dara dul síos, maidir leis na dleachtanna a fhorchuirtear ar allmhairí na Stát Aontaithe, is féidir le Dow foinsiú go hinmheánach (BA ar a laghad) freisin ó oibríochtaí Dow Union go neamhspleách ar allmhairí Dow na Stát Aontaithe. Thairis sin, beidh Dow fós in ann AE a fhoinsiú ó na Stáit Aontaithe, ar phraghsanna réasúnta agus neamhdhíobhálacha.

(517) Dar le Pinghu Petro, ní bheadh forchur dleachtanna frithdhumpála chun leas an Aontais, ós rud é go bhfuil suaitheadh fuinnimh roimh thionscal níos leithne an Aontais mar thoradh ar ghéarchéim an Mheánoirthir, ar cheart aghaidh a thabhairt air le beart beartais thionsclaíoch uile-Aontais, seachas le bearta frithdhumpála. Níor thug Pinghu Petro bunús leis an nasc idir an toisc a líomhnaíodh agus an anailís ar leas an Aontais sa chás seo agus dá bhrí sin diúltaíodh dá mhaíomh.

(518) Ar deireadh, chuir an Comhlachas Heilléanach um Thionscail Cheimiceacha (an comhlachas Heilléanach) atá ag gníomhú thar ceann úsáideoirí iartheachtacha na Gréige in aghaidh na mbeart sa chás seo. Tugadh faoi deara gur tháinig an comhlachas Heilléanach ar aghaidh lena n-aighneacht go déanach sa nós imeachta, beagnach 6 mhí ó cuireadh tús leis an imscrúdú. Ar mhaithe le hiomláine, d'ardaigh an comhlachas argóintí a rinne páirtithe leasmhara eile freisin, amhail brú costais ar thionscail iartheachtacha agus ar thomhaltóirí deiridh mar thoradh ar na bearta, imní maidir le slándáil an tsoláthair, arbatráiste a d'fhéadfadh a bheith ann ar na hearraí iartheachtacha allmhairithe lena n-ionchorpraítear AE neamhualaithe ag na dleachtanna ar AE, caillteanas iomaíochas (onnmhairiúcháin) na n-úsáideoirí iartheachtacha, neamhshiméadracht struchtúrach idir na húsáideoirí iartheachtacha neamhspleácha, neamh-chomhtháite agus táirgeoirí atá comhtháite go hingearach. Tá feidhm ag na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (504)-(514) dá réir sin chun aghaidh a thabhairt ar na hargóintí sin a d'ardaigh an comhlachas Heilléanach.

(519) Ina theannta sin, d'áitigh an comhlachas Heilléanach go mbeidh cuid den tionscal iartheachtach (roisíní uisce-iompartha) faoi réir ualach carnach dhleachtanna AE, mar aon le dleachtanna arna bhforchur ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam ón tSín (a úsáideann táirgeoirí roisíní freisin) i mí Eanáir 2025 ([164]). Murab ionann agus an méid a mhaígh an comhlachas agus mar a leanann sé ó aighneachtaí na n-úsáideoirí agus óna dtaifead brabúsachta in 2025, is cosúil nach raibh tionchar díobhálach ag na bearta dé-ocsaíde tíotáiniam ar a bhfeidhmíocht eacnamaíoch. Is féidir teacht ar an réamhchonclúid chéanna freisin maidir leis na bearta AE a tugadh isteach, ar na cúiseanna a leagtar amach in aithris (500).

(520) D'iarr an comhlachas Heilléanach freisin (i) faoiseamh úsáide deiridh i bhfoirm díolúine úsáide deiridh, taraif-chuóta saor ó dhleacht nó fionraí dleachtanna, agus tagairt á déanamh do chleachtas an Choimisiúin roimhe sin nó (ii) faoiseamh próiseála isteach. Ar an gcéad dul síos, tá an tagairt do na fasaigh i gcleachtas an Choimisiúin neamhéifeachtach, ós rud é nach mór dlíthiúlacht na rialachán frithdhumpála a mheasúnú i bhfianaise an bhun-Rialacháin agus gan í a bheith bunaithe ar chinntí ón gCoimisiún roimhe sin. Ar an dara dul síos, sa chás reatha, baineann an t-imscrúdú le táirgí an-tráchtálaithe (BA agus 2EHA) seachas le haon táirge speisialtachta chun díolúine úsáide deiridh a mheas fiú. Thairis sin, níor sainaithníodh aon imthoisc eisceachtúil ná srian soláthair chun údar a thabhairt le haon chuóta ráta taraife saor ó dhleacht ná le haon fhionraí dleachta saor ó dhleacht. Maidir leis an bpróiseáil isteach, ní fhorchuirtear dleachtanna frithdhumpála ach ar tháirgí dumpáilte a scaoiltear i saorchúrsaíocht laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, níl feidhm ag dleachtanna frithdhumpála maidir le táirgí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais faoi nósanna imeachta custaim speisialta nach mbaineann le teacht isteach i saorchúrsaíocht, amhail próiseáil isteach,

7.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(521) Agus na héifeachtaí á meá, na hiarmhairtí dearfacha a bhaineann le bearta a fhorchur ar thionscal an Aontais-is é sin iomaíocht chóir a athbhunú, táirgeadh agus fostaíocht a chaomhnú, agus slándáil an tsoláthair a neartú-is treise iad ná na hiarmhairtí diúltacha teoranta d'úsáideoirí agus d'allmhaireoirí. I bhfianaise chineál tráchtearraithe an táirge den chuid is mó agus an réimse leathan foinsí malartacha soláthair chomh maith le feidhmíocht eacnamaíoch dhearfach fhoriomlán na n-úsáideoirí, ní mheastar go mbeidh méaduithe díréireacha ar chostais ná ganntanais dhíréireacha mar thoradh ar bhearta. Thairis sin, is dócha go mbeidh tionchar gearrthéarmach ar úsáideoirí seachas éifeacht a d'fhéadfadh a bheith do-aisiompaithe agus fadtéarmach a bheadh ann d'oibríochtaí tháirgeoirí an Aontais in éagmais beart.

(522) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí AE ar de thionscnamh na tíortha lena mbaineann iad, le linn na céime seo den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(523) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

([164]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin (IO L, L/2025/4, 9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/4/oj).

(524) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí eistear aicrileach áirithe de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh díobhála agus na corrlaigh dumpála in aithris (489) thuas i gcomparáid le chéile. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(525) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
an tSín	Shanghai Huayi New Material Co., Ltd.	29,0
	Pinghu Petro Chemical Co., Ltd.	22,3
	Cuideachtaí comhoibríocha eile de chuid na Síne	23,9
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	29,0
an Araib Shádach	Na hallmhairí uile de thionscnamh na hAraibe Sádaí	40,3
an Afraic Theas	Sasol South Africa Ltd	32,4
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na hAfraice Theas	32,4
SAM	Dow Chemical Company (Cuideachta Ceimiceán Dow)	39,0
	Gach allmhaire eile de thionscnamh SAM	39,0

(526) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe.

(527) Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le ‘gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann’. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(528) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí a bhaineann le táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le ‘gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne’.

(529) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí de thionscnamh na Síne, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh.

(530) Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d’údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(531) Má thagann méadú nach beag ar an gcainníocht onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán.

(532) Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, i measc nithe eile, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(533) Mar a luaitear in aithris (4) thuas, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(534) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(535) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(536) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(537) Chuir an gearánach barúlacha ar fáil maidir leis na tagarmharcanna chun an gnáthluach a ríomh sa tSín, go háirithe maidir leis an modheolaíocht chun an corrlach brabúis a úsáidtear chun an gnáthluach a ríomh a ríomh. Ós rud é nár bhain na barúlacha le cruinneas na ríomhanna, tabharfar aghaidh orthu ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(538) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(539) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eistear aicrileach áirithe ar aicrioláit bhúitile iad, a thagann faoi láthair faoi Uimhir Chláraithe Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha 141-32-2 agus uimhir an Aontais Chustaim agus Staidrimh 0012413-0, agus aicrioláit 2-eitilheicsil, atá faoi láthair faoi Uimhir Chláraithe Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha 103-11-7 agus uimhir an Aontais Chustaim agus Staidrimh 0017228-1, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2916 12 00 (cód TARIC 2916 12 00 15) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, Ríocht na hAraibe Sádaí, Phoblacht na hAfraice Theas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá iad.

2. Eisiatar ón raon táirgí aicrioláití bunriachtanacha eile amhail Aicrioláit Eitile nó Aicrioláit Mheitile agus aicrioláití speisialtachta amhail aicrioláití ailcile, aicrioláití hiodrocsa-ailcile nó aicrioláití dé-ailcilaimíneitile.

3. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Shanghai Huayi New Material Co., Ltd.	29,0	88GR
	Pinghu Petro Chemical Co., Ltd.	22,3	88GS
	Cuideachtaí comhoibríocha eile de chuid na Síne san Iarscríbhinn	23,9	Féach an Iarscríbhinn
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	29,0	8999
Ríocht na hAraibe Sádaí	Na hallmhairí uile de thionscnamh na hAraibe Sádaí	40,3	8999
Poblacht na hAfraice Theas	Sasol South Africa Ltd	32,4	88GV
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na hAfraice Theas	32,4	8999
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Dow Chemical Company (Cuideachta Ceimiceán Dow)	39,0	88GW
	Gach allmhaire eile de thionscnamh SAM	39,0	8999

4. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 3 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena n-ainm agus lena bhfeidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le tonaí d'eistir aicrileacha a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh iad in (ainm na tíre lena mbaineann). Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird leis an dearbhú seo, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann.

5. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1085.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár sampláladh

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Wanhua-PIC Petrochemicals Co., Ltd.	88GT
Jiangsu Sandie Chemical Co., Ltd.	88GU